**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2012 (29.01)**
**(OR. en)**

**17426/12**

**POLGEN 213**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtaránachtaí na hÉireann, na Liotuáine agus na Gréige |
| chuig: | Na toscaireachtaí |
| Ábhar: | clár ocht mí dhéag na Comhairle (1 Eanáir 2013 - 30 Meitheamh 2014) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan deireanach de chlár ocht mí dhéag na Comhairle a d'ullmhaigh Uachtaránachtaí na hÉireann, na Liotuáine agus na Gréige a bheidh ann amach anseo agus an tArdionadaí, a bheidh i gceannas ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha.

# INNÉACS

**RÉAMHRÁ** ..... **6**
**CREAT STRAITÉISEACH** ..... **8**
**CLÁR OIBRÍOCHTÚIL** ..... **16**
**GNÓTHAÍ GINEARÁLTA** ..... **16**
EORAIP 2020 ..... 16
AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL ..... 16
MÉADÚ ..... 17
IARTHAR NA hEORPA NEAMH-AE ..... 19
BEARTAS RÉIGIÚNACH ..... 20
BEARTAS MUIRÍ COMHTHÁITE ..... 21
SAINCHEISTEANNA INSTITIÚIDEACHA ..... 22
**GNÓTHAÍ EACHTRACHA** ..... **22**
BEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA ..... 22
COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA ..... 29
BEARTAS UM FHORBAIRT ..... 30
CABHAIR DHAONNÚIL ..... 32
COMHAR CONSALACH EORPACH ..... 34
**GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS** ..... **35**
GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA ..... 35
Beartas eacnamaíoch ..... 35
Seirbhísí airgeadais ..... 37
Cánachas ..... 38
Creidmheasanna onnmhairíochta ..... 39
BUISÉAD ..... 39
Acmhainní dílse ..... 39
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint ..... 40
**CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE** ..... **40**
GNÓTHAÍ BAILE ..... 41
Saorghluaiseacht Shaoránaigh an AE ..... 41
Bainistiú ar Theorainneacha Seachtracha ..... 41
Beartas Víosa ..... 42
An Imirce Dhleathach agus Comhtháthú náisiúnach tríú tíortha ..... 42
An imirce neamhdhleathach ..... 43

Tearmann ..... 43
Slándáil inmheánach ..... 44
An choireacht eagraithe a chomhrac ..... 45
An comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta ..... 46
Comhar custaim ..... 47
CEARTAS ..... 47
Saincheisteanna ginearálta ..... 47
r-Cheartas ..... 47
Cearta Bunúsacha agus Saoránacht ..... 48
Na daoine is leochailí a chosaint ..... 48
Cearta an duine aonair in imeachtaí coiriúla ..... 49
Aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla agus shibhialta ..... 50
Rialacha íosta ..... 51
An dlí sibhialta ..... 51
An Ceartas le haghaidh Fáis ..... 52
AN CHOSAINT SHIBHIALTA AGUS AN BHAINISTÍOCHT GÉARCHÉIME ..... 52
AN TOISE SEACHTRACH DEN CGB ..... 54
**FOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ ..... 56**
FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA ..... 56
Fostaíocht/Saincheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair ..... 56
Cistí AE i Réimse na Fostaíochta agus sa Réimse Sóisialta ..... 57
An toise seachtrach de Bheartais Fostaíochta agus Shóisialta an AE ..... 58
Reachtaíocht Saothair ..... 58
Sláinte agus sábháilteacht ag an obair ..... 59
Saincheisteanna a bhaineann leis an mBeartas sóisialta ..... 59
An tIdirdhealú ..... 61
An Bhliain Eorpach chun an Saol Oibre agus Saol an Teaghlaigh a thabhairt chun Réitigh ..... 61
SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ NA dTOMHALTÓIRÍ ..... 62
an tSláinte Phoiblí ..... 62
Earraí bia ..... 64
**IOMAÍOCHAS (AN MARGADH INMHEÁNACH, TIONSCLAÍOCHT, TAIGHDE AGUS AN SPÁS) ..... 64**
Iomaíochas ..... 64
Margadh Aonair ..... 66

Gnóthaí Tomhaltóirí ..... 67
Rialáil Níos Fearr ..... 67
Beartas Tionsclaíoch ..... 68
Fiontair bheaga agus mheánmhéide ..... 69
Taighde agus nuálaíocht: ..... 70
Maoin intleachtúil ..... 72
An tAontas Custaim ..... 73
Iomaíocht ..... 74
Comhchuibhiú teicniúil ..... 75
An Spás ..... 75
Turasóireacht ..... 76
**IOMPAR, TEILEACHUMARSÁID AGUS FUINNEAMH ..... 77**
SAINCHEISTEANNA LEATHANA ..... 77
IOMPAR ..... 78
Saincheisteanna cothrománacha ..... 78
Eitlíocht ..... 79
-Iompar de thalamh ..... 80
Iompar Muirí ..... 81
TEILEACHUMARSÁID ..... 82
FUINNEAMH ..... 84
**AN TALMHAÍOCHT AGUS AN tIASCACH ..... 86**
TALMHAÍOCHT ..... 86
Sláinte ainmhithe agus saincheisteanna tréidliachta ..... 87
Saincheisteanna idirnáisiúnta ..... 89
Foraoiseacha ..... 89
Saincheisteanna Físeashláintíochta ..... 90
IASCACH ..... 90
**AN COMHSHAOL ..... 91**
Rialachas comhshaoil ..... 92
Bithéagsúlacht ..... 93
Orgánaigh ghéinmhodhnaithe ..... 94
An tAthrú Aeráide ..... 94
**OIDEACHAS, AN ÓIGE, CULTÚR, ÁBHAIR CHLOSAMHAIRC AGUS SPÓRT ..... 95**
Oideachas agus Oiliúint ..... 96

Cultúr ..... 98
Beartas Closamhairc ..... 99
An Óige ..... 100
SPÓRT ..... 102

**CLÁR DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE**

**A D'ULLMHAIGH UACHTARÁNACHTAÍ NA hÉIREANN, NA LIOTUÁINE AGUS NA GRÉIGE**

in éineacht le hUachtarán na Comhairle Gnóthaí Eachtracha

agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le hUachtarán na Comhairle Eorpaí

## 1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa doiciméad seo clár oibre na Comhairle mar a bhunaigh Uachtaránachtaí na hÉireann, na Liotuáine agus na Gréige a bheidh ann amach anseo é, lena gcumhdaítear an tréimhse ó Eanáir 2013 go Meitheamh 2014. Cuirtear i láthair é ina dhá chuid.

Sa chéad chuid tá an creat straitéiseach don chlár lena leagtar síos i gcomhthéacs níos leithne é agus go sonrach faoi chuimsiú cuspóirí níos fadtéarmaí a bheidh bainteach leis na trí Uachtaránacht ina dhiaidh sin. Dá bharr sin, i gcomhréir le rialacha nós imeachta na Comhairle, chuathas i gcomhairle le hUachtaránachtaí na hIodáile, na Laitvia agus Lucsamburg a bheidh ann amach anseo maidir leis an roinn seo.

Is é atá sa dara cuid an clár oibríochtúil lena leagtar amach na saincheisteanna a bhfuiltear ag súil go gcuirfear aghaidh orthu i rith na tréimhse ocht mí dhéag. I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ullmhaíodh an chuid seo in éineacht le hUachtarán na Comhairle Gnóthaí Eachtracha agus aird á tabhairt ar ghníomhaíochtaí na foirmíochta sin i rith na tréimhse sin agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le hUachtarán na Comhairle Eorpaí.

Déanfaidh na trí Uachtaránacht a seacht ndícheall chun feidhmiú rianúil agus éifeachtúil obair na Comhairle a áirithiú. Ciallaíonn sé sin go mbeidh na trí Uachtaránacht ag obair i ndlúthchomhar lena chéile agus le hUachtarán na Comhairle Eorpaí agus an Ardionadaí. Ag an am céanna, beidh na hUachtaránachtaí ag brath ar chomhar comhthairbheach leis an gCoimisiún agus tá siad ag tnúth leis an gcúnamh a thabharfaidh an Coimisiún ar bhonn a chlár oibre faoi seach. Beidh siad ag obair i ndlúthchomhar agus go cuiditheach freisin le Parlaimint na hEorpa a bhfuil ról níos tábhachtaí aici mar thoradh ar Chonradh Liospóin.

**CUID I**

## 2. CREAT STRAITÉISEACH

1. Beidh deireadh le tréimhse na Foirne trí Uachtaránacht ag deireadh an timthrialla reachtaíochta reatha, tionólfar na toghcháin Eorpacha i mBealtaine 2014 agus tiocfaidh sainordú an Choimisiúin reatha chun críche níos déanaí sa bhliain sin. Mar sin, cuirfear dlús le luas an phróisis reachtaíochta agus beidh líon mór tograí faoi chaibidil. Cé go rachaidh na trí Uachtaránacht chun cinn leis an obair sna réimsí uile a mhéid is féidir, is é an príomhchuspóir a bheidh ann sna chéad 18 mí eile cumas an Aontais chun freagairt do na dúshláin eacnamaíocha, airgeadais agus shóisialta atá ann faoi láthair a neartú.

2. Agus í ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le hUachtarán na Comhairle Eorpaí chaith an Chomhairle formhór dá cuid ama le trí bliana anuas ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le géarchéim maidir le cúrsaí airgeadais, cúrsaí eacnamaíocha agus leis an bhfiachas ceannasach. Forbraíodh uirlisí agus sásraí d'fhonn na coinníollacha a oireann don téarnamh a bhunú agus chun an fás, an infheistíocht agus an fhostaíocht a athsheoladh. Ba cheart na hiarrachtaí a dhéantar anois a dhíriú ar an gcreat a cuireadh i bhfeidhm **a chur chun feidhme** go hiomlán agus go gasta. D'fhonn an fás eacnamaíoch agus an fhostaíocht a chothú, agus an Margadh Aonair á dhoimhniú agus iomaíochas an Aontais á neartú sa gheilleagar domhanda, beidh tábhacht straitéiseach ag baint leis na réimsí seo a leanas le linn na tréimhse.

3. Leanfar de dhíriú ar chobhsaíocht airgeadais an limistéir euro agus an AE ina iomláine le linn na tréimhse amach romhainn. Beidh an Chomhairle ag obair i ndlúthchomhar le hUachtarán na Comhairle Eorpaí, leis an gCoimisiún agus le gníomhaithe institiúideacha eile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus bhuiséadach agus chun an **tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta** a neartú. Agus treoir á fáil aici ó threoraíochtaí na Comhairle Eorpaí, beidh iarrachtaí uile na Comhairle dírithe ar theacht ar chomhaontú maidir leis an reachtaíocht is gá d'fhonn an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche, ar ní é atá bunriachtanach ionas go bhfeidhmeoidh an AEA ar bhealach níos fearr agus chun muinín a athbhunú sa gheilleagar Eorpach. Agus é mar aidhm aici comhdhlúthú buiséadach agus comhordú níos fearr bheartais eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú, oibreoidh an Chomhairle chun a áirithiú go ndéanfar sásraí **rialachais eacnamaíoch** an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach. Tabharfaidh na hUachtaránachtaí tús áite do thograí reachtacha arb é is aidhm dóibh tuilleadh comhtháthaithe, iomaíochais agus éifeachtachta a áirithiú i margaí airgeadais an AE lena gcuirfear le trédhearcacht na hearnála airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí. Áiritheofar comhleanúnachas leis an tuarascáil maidir leis an AEA a thionóil Uachtarán na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag 2012 i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, le hUachtarán an Ghrúpa Euro agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

4. Tá **creat buiséadach agus beartais an AE i gcomhair 2014 go 2020** mar bhonn d'obair an Aontais sna blianta amach romhainn maidir le beartais uile. Beidh comhaontú maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil féin agus leis na rialacháin chur chun feidhme a bhaineann leis mar phríomhthosaíocht d'fhonn tús tráthúil agus rianúil a áirithiú le haghaidh clár ilbhliantúil ábhartha go léir. Leis na rialacháin sin leagfar amach tosaíochtaí agus rialacha mionsonraithe maidir le caiteachas i raon leathan réimsí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gclár oibre le haghaidh post agus an fháis, lena n-áirítear (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa), taighde agus nuálaíocht (Fís 2020), tacaíocht do FBManna (an Clár le haghaidh Iomaíochais fiontar agus FBManna, COSME) agus soghluaisteacht na mac léinn (Erasmus do Chách). Beidh an Beartas Comhtháthaithe fós ina ionstraim thábhachtach chun an fás a spreagadh tuilleadh ar fud an Aontais agus ar an gcuma sin chun éagothromaíochtaí a laghdú idir na leibhéil forbartha i réigiúin Eorpacha. Beidh sé mar sprioc ag foirne trí chomhpháirtí críoch a chur leis na hathchóirithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus ar an gComhbheartas Iascaigh lena ndaingneofar inmharthanacht eacnamaíoch agus shóisialta na réimsí ríthábhachtacha sin agus forbairt chríochach chothromaithe agus lena gcuirfear le slándáil bia domhanda agus lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht comhshaoil na mbeartas sin san fhadtéarma ag an am céanna.

5. Ní foláir don Eoraip fás láidir inbhuanaithe a bhaint amach an athuair. I bhfianaise na réamhaisnéise maicreacnamaíche ón gCoimisiún, beidh ar an gComhairle dlús a chur leis na hiarrachtaí a dhéanfar chun na gealltanais a rinneadh sa **Chomhshocrú le haghaidh Fáis agus Post** ón gComhairle Eorpach a chomhlíonadh. Déanfar an clár oibre sin a phríomhshruthú in obair go léir na Comhairle. Cuardófar sineirgí leis an straitéis "Eoraip 2020" agus leis an Seimeastar Eorpach. Beidh na hUachtaránachtaí ag obair go gasta agus coimeádfaidh siad súil ghéar ar an dul chun cinn a dhéanfar chun a áirithiú go mbainfear torthaí oibríochtúla amach le linn na tréimhse.

6. Le bainistíocht éifeachtach an **tSeimeastair Eorpaigh** cuirfear leis na hiarrachtaí sin. Déanfaidh an Chomhairle iarracht a áirithiú go ndéanfar le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh comhdhlúthú buiséadach ar mhaithe leis an bhfás, athchóiriú struchtúrach agus an comhrac in aghaidh na dífhostaíochta, go háirithe an dífhostaíocht i measc na n-óg a chur chun cinn. Déanfaidh na hUachtaránachtaí sáriarracht chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an phróisis ar bhonn ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéad dá thimthriall den seimeastar Eorpach. Le linn an phróisis ar fad, cuirfear príomhspriocanna na **straitéise "Eoraip 2020"** san áireamh agus beidh siad mar threoir do ghníomhaíocht na Comhairle.

7. Is réamhchoinníollacha riachtanacha iad dlús a chur leis an **bhfostaíocht** agus le cuimsiú sóisialta chun fás inbhuanaithe a bhaint amach. Le linn na tréimhse, tabharfaidh an Chomhairle aghaidh freisin ar bhealaí chun cur leis an bpacáiste Fostaíochta, trí mhodhanna seachas díriú ar phoist a chruthú, amhail díriú ar shoghluaisteacht oibrithe agus ar chobhsaíocht airgeadais na gcóras slándála sóisialta. Is príomhthosaíocht é dul i ngleic le fadhb thromchúiseach na dífhostaíochta i measc na n-óg. Cur chuige ilghnéitheach fadréimseach a úsáidfear ina leith sin lena n-áirítear an Scéim Ráthaíochta don Aos Óg atá beartaithe agus beidh sé i gcomhréir le ról uileghabhálach an oideachais maidir leis na scileanna a éilítear i margadh an tsaothair a bhronnadh ar shaoránaigh go léir. Cuirfear dlús leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac i gcomhréir le cuspóirí Straitéis "Eoraip 2020".

8. Fiche bliain tar éis don **Margadh Aonair** bheith bunaithe, tá sé ina chloch coirnéil ar an méid a baineadh amach ag an Aontas ach mar sin féin níl leas iomlán á bhaint amach as an acmhainneacht a bhaineann leis. A bhuíochas dul chun cinn maidir leis an Margadh Aonair a thabhairt chun críche cruthófar na mílte post nua agus beidh fás suntasach san AE. Dá bhrí sin, beidh an Chomhairle ag obair d'fhonn na tograí atá fós gan socrú faoin gcéad Ghníomh um an Margadh Aonair (SMA I) a chomhaontú agus déanfaidh sí iarracht tograí faoin dara Gníomh um an Margadh Aonair (SMA II) a fógraíodh le déanaí a chur chun cinn mar aon leis an obair a leanann ó chur chun feidhme na Treorach um Sheirbhísí agus rialachas an Mhargaidh Aonair go ginearálta.

9. Tá ról lárnach ag an tionscal maidir leis an bhfás eacnamaíoch agus poist a athbhunú. Is iad an nuálaíocht, coinníollacha margaidh níos fearr, rochtain ar airgeadas agus ar scileanna colúin bhunúsacha an bheartais chun tionsclaíocht na hEorpa a athbhunú, a tugadh cothrom le dáta. Beidh an Chomhairle ag obair chun feabhas a chur ar iomaíochas thionscal an AE, go háirithe iomaíochas FBManna arb iad cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad, lena n-áirítear trí chóras an AE don Státchabhair a nuachóiriú.

10. Féadfar cur go mór leis an gclár oibre le haghaidh post agus an fháis leis an **Ríomh-Mhargadh Aonair** agus le Clár Oibre Digiteach an AE a chur chun feidhme lena gcuirfear tráchtáil thrasteorann mar aon le forbairt tionscal TF chun cinn. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe mheántéarmaigh ar an gClár Oibre Digiteach a dhéanfaidh an Chomhairle in 2013, le feidhmiú céimneach leathanbhanda ardluais a bheith á shaothrú ar fud an Aontais agus leis na coinníollacha creata is gá á gcruthú ní foláir chomh maith díriú ar ghlacadh an phobail le teicneolaíochtaí nua agus ar mhuinín an phobail iontu agus ar shlándáil líonra agus ar chosaint sonraí chomh maith.

11. Is gnéithe bunriachtanacha iad **Taighde** agus **Forbairt** agus **Nuálaíocht** d'iomaíochas agus d'acmhainneacht an AE le haghaidh fáis inbhuanaithe. Chuige sin, tá sé d'aidhm ag an gComhairle an chaibidlíocht maidir le clár "Fís 2020" an AE a thabhairt chun críche agus beidh sí ag obair freisin chun críoch a chur leis an Limistéar Eorpach Taighde go pras. Le córas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú, agus leibhéal ard cosanta do Chearta Maoine Intleachtúla á áirithiú agus éagsúlacht chultúrtha á cur san áireamh ag an am céanna, cuideofar freisin chun trádáil thrasteorann a chur chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena cuid oibre freisin i ndáil leis an leas is fearr is féidir a bhaint as príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, nanaitheicneolaíocht, néalríomhaireacht agus ríomhaireacht ardluais.

12. Is gné lárnach é freisin de na hiarrachtaí chun an fás a spreagadh an creat rialála ceart a bhunú chun iomaíochas gnólachtaí Eorpacha a chothú. Faoi chuimsiú an méid sin, leagann na hUachtaránachtaí béim ar an ngá atá ann an **t-ualach rialála** a laghdú ag díriú go sainiúil ar FBManna agus ar mhicreathionscadail, lena n-áirítear tríd an rochtain atá acu ar mhaoiniú a éascú.

13. Sa mhéid a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh, cuideoidh na trí Uachtaránacht chun na coinníollacha is gá a chruthú d'fhonn forbairt an bhonneagair nua fuinnimh ar fud na hEorpa a éascú. Ag cur leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i bhFeabhra 2011, leanfar ar aghaidh leis an bplean chun an margadh fuinnimh inmheánach a thabhairt chun críche faoi 2014 agus chun an gealltanas nár cheart go mbeadh aon Bhallstát den AE fós scoite amach ó líonraí gáis agus leictreachais na hEorpa i ndiaidh 2015 a chomhlíonadh mar chlocha coirnéil ar ghíomhaíochtaí ar leibhéal an AE. Tabharfar aird ar leith ar an leas a d'fhéadfaí a bhaint as eangaigh chliste, as méadrú cliste agus as fuinneamh inathnuaite. De bharr go bhfuil margaí inmheánacha agus seachtracha fite fuaite lena chéile, leanfaidh na hUachtaránachtaí orthu freisin d'fheabhas a chur ar chomhar na mBallstát i dtaca le toise seachtrach bheartas fuinnimh an AE.

14. Ní hamháin go bhféadfar tairbhí gearrthéarmacha ó thaobh post de a bhaint as infheistíocht i mbonneagar **iompair** nua-aimseartha ach tá sí bunriachtanach le haghaidh iomaíochas an AE, chun an margadh aonair a thabhairt chun críche agus chun inbhuanaitheacht gheilleagar an Aontais a bhunú san fhadtéarma. Beidh tús áite ar an gclár oibre iompair ag inbhuanaitheacht nascachta, slándáil agus sábháilteacht modhanna, iomaíocht chothrom agus rochtain chothrom ar an margadh, teicneolaíochtaí nua agus soghluaisteacht. Go háirithe déanfar an obair i ndáil le hathbhreithniú ar an Rialachán reatha maidir le Treoirlínte GTE-I a thabhairt ar aghaidh go gníomhach mar aon leis an obair maidir leis an 4ú Pacáiste Iarnróid, an pacáiste aerfoirt, an pacáiste ródacmhainneachta agus an pacáiste iompair mhuirí.

15. Tá tábhacht ar leith ag baint le réimse an **chomhshaoil agus an athraithe aeráide** i dtaca leis an bhfás glas agus le héifeachtúlacht acmhainní agus áirithítear leis ardleibhéal cosanta comhshaoil ag an am céanna. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an obair atá á déanamh aici chun an geilleagar glas a fhorbairt tuilleadh san Eoraip; faoi chuimsiú an méid sin, tabharfaidh sí tús áite don 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol a thabhairt chun críche. Coimeádfaidh an Eoraip an príomhról atá aici ar an leibhéal domhanda maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear i gcreat na Náisiún Aontaithe.

16. Leis an gClár Stócólm lena leagtar síos tosaíochtaí an Aontais i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile don tréimhse 2010-2014, soláthrófar an creat uileghabhálach d'fhorbairt leanúnach limistéar na **saoirse, na slándála agus an cheartais** ar croíchuspóir an AE é. Tabharfar aghaidh ar bhainistiú teorainneacha agus sreabh imirce mar aon le beartais lena neartaítear saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas agus tionscnaimh lena n-éascaítear rochtain ar cheartas le haghaidh saoránach agus gnólachtaí. Tabharfar tús áite freisin do chreat a shocrú i ndáil leis an gcéad chlár Ceartais agus Gnóthaí Baile eile lena gcumhdaítear saincheisteanna tráthúla a bhaineann leis an imirce, le slándáil agus le ceartas. Tosaíocht eile a bheidh ann cuspóirí leathana beartais eile don tréimhse amach anseo a shocrú i réimse na himirce, na slándála agus an cheartais.

17. I láthair na huaire agus a lán deacrachtaí ag bagairt orainn tá gá ann cur le feasacht faoi bhreisluach an Aontais, cuntasacht dhaonlathach a mhéadú agus **saoránaigh** a mhealladh chun páirt níos dlúithe a ghlacadh i ngnéithe uile d'fheidhmiú an struchtúir Eorpaigh. Cuirfidh an hUachtaránachtaí na gníomhaíochtaí sin chun cinn in 2013 mar chuid de Bhliain Eorpach na Saoránach.

18. Tá beartas **méadaithe** an Aontais fós ag cur leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an rath san Eoraip. Fanfaidh an AE oscailte i leith na dtíortha sin a chomhlíonfaidh na critéir agus atá réidh agus toilteanach chun ár luachanna a roinnt. Dá bhrí sin, cuideoidh an Chomhairle le tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach i ndáil leis an gclár oibre um méadú, bunaithe ar phrionsabail a comhaontaíodh agus ar chritéir Chóbanhávan, trí thacú leis an gcaibidlíocht atá ar siúl leis an Íoslainn, leis an Tuirc agus le Montainéagró mar aon le hiarracht a dhéanamh peirspictíocht Eorpach thíortha na mBalcán Thiar a neartú, i gcreat an Chláir Oibre Thessaloniki agus faoi chuimsiú Chlár Oibre 2014.

19. Is bealach tábhachtach comhair agus tacaíochta de chuid an Aontais é Beartas **Comharsanachta** na hEorpa i gcomhair athchóirithe eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla i dtíortha san Oirthear agus sa Deisceart. Faoi chuimsiú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i Samhain 2013 in Vilnius, beidh an Chomhairle ag obair, ar bhonn treochláir, d'fhonn an gaol polaitiúil le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a threisiú agus comhtháthú eacnamaíoch a dhoimhniú, lena n-áirítear tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas léirscaoilte víosaí chomh maith leis an gcomhar earnálach agus ilghnéitheach a dhoimhniú. Ag an am céanna, leanfaidh an Chomhairle den obair atá idir lámha aici chun tacú le haistriú daonlathach agus le forbairt shocheacnamaíoch ár gcomhpháirtithe de Dhiminsean an Deiscirt, ag díriú ar na tosaíochtaí agus ar na sineirgí a leagtar amach leis an Treochlár ábhartha agus ról an Aontais don Mheánmhuir á neartú tuilleadh.

20. Is príomhfhoinse an fháis í an trádáil agus tá ról lárnach aici maidir le cuspóirí an AE i gcomhair an fháis agus post san fhadtéarma a bhaint amach. Cuirfidh na trí Uachtaránacht béim ar an rún daingean atá ag an AE chun saorthrádáil a bheadh cothrom agus oscailte a chur chun cinn agus a leasanna á gcothú aige ag an am céanna i spiorad na cómhalartachta agus an chomhshocair. Déanfaidh an Chomhairle iarracht clár oibre an AE maidir le **trádáil sheachtrach** a chur chun cinn le linn tréimhse na Foirne trí Uachtaránacht, go háirithe trí chomhaontuithe trádála agus infheistíochta a thabhairt ar aghaidh le príomh-chomhpháirtithe trádála, ar bhonn déthaobhach agus sa chomhthéacs iltaobhach araon.

21. I réimse an **chaidrimh eachtraigh**, leanfaidh an AE de bheith ag obair i gcomhair na cobhsaíochta agus an rathúnais ar fud na cruinne. Tá líonra chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, déthaobhacha agus réigiúnacha an AE agus a ghníomhaíochas i bhfóraim iltaobhacha mar bhonn is mar thaca leis an sprioc sin. Trí leas a bhaint as acmhainní polaitiúla, airgeadais agus míleata mar atá coisricthe sa "chur chuige cuimsitheach", tabharfar aghaidh ar bhagairtí in aghaidh na síochána, ar chúiseanna bunúsacha leis an neamhchobhsaíocht agus ar iarrachtaí iarchoinbhleachta. Beidh cur chun cinn chearta an duine agus an daonlathais, arb iad bunluachanna an AE, fós mar dhlúthchuid den chur chuige sin.

22. Níor cheart go mbeadh tionchar ag an ngéarchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair ar ról an Aontais mar cheannaire sa chomhar um **fhorbairt** agus sa chúnamh daonnúil. Is gá díriú ar an athbhreithniú ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus ar an gclár oibre um fhorbairt domhanda i ndiaidh 2015 agus iarracht á déanamh comhleanúnachas a áirithiú i ndáil le seasamh an Aontais sna próisis sin. Agus na hullmhúcháin inmheánacha i dtaca leis an bplé faoin mbealach is fearr chun an creat forbartha a leagan amach i ndiaidh 2015 á gcur ar aghaidh, níor cheart don Chomhairle dearmad a dhéanamh ar an méid ama atá fágtha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.

* * * * *

**CUID II**

## 3. CLÁR OIBRÍOCHTÚIL

### GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

#### EORAIP 2020

1. Tá príomhról ag Straitéis "Eoraip 2020" le haghaidh an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh i ndáil leis an téarnamh eacnamaíoch agus le hiomaíochas san Aontas Eorpach a fhorbairt tuilleadh. Mar thoradh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch neartaithe a cuireadh i bhfeidhm faoi chuimsiú an Seimeastair Eorpaigh tá comhordú agus cóineasú níos fearr de bheartais eacnamaíocha na mBallstát ann. Le linn na tréimhse 18 mí ina mbeidh na trí Uachtaránacht ann, beidh ar an gComhairle déileáil leis an tríú Seimeastar Eorpach agus leis an gceathrú Seimeastar Eorpach. Beidh na trí Uachtaránacht, ag cur le sásraí atá bunaithe cheana, ag obair i ndlúthchomhar lena chéile d'fhonn na céimeanna difriúla den seimeastar a eagrú ar bhealach éifeachtúil. Cuirfear tús leis an dá thimthriall le Suirbhé Bliantúil Fáis an Choimisiúin arb é an príomhthéama le plé ag cruinniú earraigh na Comhairle Eorpaí é agus formhuinítear na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a thíolaic an Coimisiún i mBealtaine ag Comhairle Eorpach an Mheithimh. Maidir le Seimeastar Eorpach 2013, cuirfidh na hUachtaránachtaí leis an obair a rinne Uachtaránacht na Cipire, go háirithe na ceachtanna a fuarthas ó chleachtadh 2012.

#### AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

2. I ndiaidh an ráitis ón gComhairle Eorpach an 23 Samhain 2012 déanfaidh na trí Uachtaránacht a seacht ndícheall cabhrú chun teacht ar chomhaontú i ndáil leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil go luath in 2013.

**MÉADÚ**

3. Aithníonn na trí Uachtaránacht gur príomhbheartas é méadú i gcónaí agus go bhfóntar leis do leasanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh agus ina theannta sin gur mar thoradh air go leantar den tsíocháin, den daonlathas agus den chobhsaíocht san Eoraip a neartú. Tá rún daingean acu, dá bharr sin, gabháil don chlár oibre um méadú, lena n-áiritheofar cur chun feidhme comhleanúnach an chomhdhearcaidh athnuaite maidir le méadú mar a sainmhíníodh é ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2006 agus ar bhonn na gconclúidí ábhartha go léir ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle.

4. Maidir leis an g**Cróit**, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas go léir a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí go mbeidh an Chróit ina Comhalta iomlán. Fad is a bhfuiltear ag feitheamh leis na nósanna imeachta maidir leis an gConradh Aontachais a dhaingniú, glacfaidh an Chróit a háit mar an 28ú Ballstát den AE an 1 Iúil 2013.

5. Leanfar ar aghaidh leis an gcaibidlíocht aontachais leis an **Íoslainn** agus féadfar teacht go dtí an chéim dheireanach díobh faoi dheireadh 2013, ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Íoslainn maidir leis na ceanglais le haghaidh ballraíochta a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta a chomhlíonadh. Cuirfear tús leis an obair i ndáil le Conradh Aontachais leis an Íoslainn a dhréachtadh a luaithe a bheidh an chéim oiriúnach sroichte ag an gcaibidlíocht aontachais.

6. Déanfar iarracht ar bhonn leanúnach chun an chaibidlíocht aontachais leis an **Tuirc** a shaothrú agus chun dlús a chur leis an gcaibidlíocht sin tríd an Tuirc a spreagadh tuilleadh chun leanúint ar aghaidh lena próiseas athchóirithe agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le tagarmharcanna caibidlíochta a chomhlíonadh, chun ceanglais an Chreata Caibidlíochta a chomhlíonadh, oibleagáidí conarthacha leis an AE agus lena Bhallstáit go léir a urramú agus chun cur leis an obair a bhaineann leis na saincheisteanna a chumhdaítear leis an dearbhú ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit an 21 Meán Fómhair 2005. Beifear ag gabháil don chlár oibre dearfach leis an Tuirc freisin, d'fhonn tacú leis an bpróiseas caibidlíochta, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta agus leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle. Leanfaidh an tAontas Eorpach d'iarraidh ar an Tuirc tacú go gníomhach leis an gcaibidlíocht chun socrú cuimsitheach a bhaint amach maidir le saincheist na Cipire, i gcomhréir leis na rúin ó Chomhairle Slándála na NA maidir leis an gCipir agus ar aon dul leis na prionsabail ar ar bunaíodh an tAontas.

7. Tar éis an chaibidlíocht aontachais le **Montainéagró** a sheoladh i Meitheamh 2012 agus ar bhonn toradh an phróisis scagtha gabhfar do chaibidlíocht shubstainteach. Beidh na trí Uachtaránacht ag iarraidh ráta marthanach a choinneáil sa chaibidlíocht sin, bunaithe ar an gcur chuige nua, ar an gcoinníoll go bhféadfaidh Montainéagró cloí leis na ceanglais a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta.

8. Féadfar caibidlíocht aontachais a sheoladh le **hIar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine**, ag brath ar chinneadh ón gComhairle agus ar fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach**.** Beidh tús na caibidlíochta aontachais leis an **tSeirbia** ag brath ar thuilleadh dul chun cinn sa phróiseas athchóirithe, ar aon dul leis na Conclúidí ón gComhairle de mhí na Nollag 2011 agus de mhí Feabhra 2012, ag brath ar chinneadh ón gComhairle agus ar fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach.

9. Féadfaidh **na hiarrthóirí féideartha atá fós sna Balcáin Thiar** stádas mar thíortha is iarrthóirí a bhaint amach, i gcomhréir lena bhfiúntas féin, agus ballraíocht an Aontais Eorpaigh mar mhórsprioc acu, ach dul chun cinn láidir a dhéanamh maidir le hathchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch agus na coinníollacha agus na riachtanais is gá a chomhlíonadh.

10. Tabharfar aird ar leith ar pheirspictíocht Eorpach **thíortha na mBalcán Thiar**. Is é an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, i gcomhréir le Clár Oibre Thessaloniki a beidh fós mar chreat ábhartha i ndáil leis an méid sin. Thairis sin, beidh an Chomhairle ag gabháil do chuspóirí "Chlár Oibre 2014". Beidh dea-chaidreamh idir comharsana, comhar réigiúnach agus an t-athmhuintearas réigiúnach mar aon le cuimsitheacht, lena seachnaítear 'poill dhubha' sa réigiún mar phríomhphrionsabail den tionscnamh sin. Tá buntréith pholaitiúil ag baint le Clár Oibre 2014, arb é is aidhm dó dlús a chur leis an bpróiseas méadaithe sna Balcáin Thiar, agus iomaíochas an réigiúin á fheabhsú agus an réigiún á nascadh níos fearr leis an AE agus le tíortha na comharsanachta ag an am céanna. Tionólfar Cruinniú Mullaigh idir an AE agus na Balcáin Thiar ("Thessaloniki II") sa chéad leath de 2014 chun an tiomantas polaitiúil do chomhtháthú Eorpach na mBalcán Thiar a shonrú.

**IARTHAR NA hEORPA NEAMH-AE**

11. Forbróidh an AE tuilleadh an fíor-dhlúthcomhar atá idir é agus a **chomharsana in Iarthar na hEorpa**, go háirithe d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh na rannpháirtithe go léir sa mhargadh inmheánach an *acquis* AE atá ag fabhrú a chur i bhfeidhm ar bhonn aonchineálach comhuaineach agus a léirmhíniú ar bhonn aonchineálach comhuaineach. Sa bhreis ar an méid sin, féachfaidh sé an bhféadfaí cur leis an gcomhar i réimsí comhleasa. Go háirithe, tabharfaidh an AE faoi athchóiriú ar fheidhmiú an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus cuirfidh sé peirspictíochtaí ar bun le haghaidh caidrimh amach anseo leis an tSualainn agus le tíortha Eorpacha a bhfuil diminsean críochach beag acu, eadhon Andóra, Monacó agus San Mairíne. Beidh caibidlíocht i dtaca le ranníocaíochtaí airgeadais nua ó thíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) a mbeidh sé mar aidhm acu éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a laghdú laistigh den AE méadaithe ar an gclár oibre chomh maith.

**BEARTAS RÉIGIÚNACH**

12. Comhdhéanfar os cionn aon tríú de Bhuiséad an AE don tréimhse 2014-2020, ar bhonn na dtograí ón gCoimisiún, ón gcaiteachas atá beartaithe don bheartas comhtháthaithe (faoin gCiste Comhtháthaithe, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa. Leis an mbeartas comhtháthaithe díreofar acmhainní i gcónaí ar fheabhas a chur ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, lena n-áirítear naisc thrasteorann, agus beidh ról ríthábhachtach aige maidir le straitéis "Eoraip 2020" a bhaint amach.

13. Táthar ag súil go ndéanfar an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus glacadh deiridh phacáiste reachtach an Bheartais Chomhtháthaithe (6 rialachán san iomlán) a thabhairt chun críche i rith Uachtaránacht na hÉireann. Tá sé fós thar a bheith tábhachtach go nglacfar an pacáiste go tráthúil de bhrí nach foláir go mbeidh a rialacha i bhfeidhm le haghaidh thús na chéad tréimhse airgeadais eile 2014-2020. A luaithe a ghlacfar pacáiste reachtach an Bheartais Chomhtháthaithe, scrúdóidh an Chomhairle na tograí ón gCoimisiún freisin le cinntiú go mbeidh na gníomhartha tarmligthe ábhartha agus na Scéimeanna i bhfabhar na Forbartha Críochaí ag gabháil leo.

14. Táthar ag súil chomh maith go bhfoilseoidh an Coimisiún an Séú tuarascáil maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach sa chéad leath de 2014.

15. Ba cheart aghaidh a thabhairt an athuair ar an tsaincheist faoi dhlús a chur leis an bpróiseas forbraíochta réigiúnaí faoi chuimsiú an iomaíochais Eorpaigh agus faoi éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú. Thairis sin, ba cheart obair a thabhairt ar aghaidh d'fhonn an comhtháthú críochach agus ábhair uirbeacha a chur chun cinn agus chun Clár Oibre an AE 2020 a chur chun feidhme tuilleadh. Ba cheart béim a chur ar chríocha a bhfuil saintréithe geografacha acu.

16. Sa mhéid a bhaineann le Straitéisí Macrairéigiúnacha, táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i Meitheamh 2013 maidir leis an Straitéis do Réigiún na Danóibe. Ar bhonn na dtorthaí sin agus torthaí na Straitéise i gcomhair Réigiún Mhuir Bhailt, meastar freisin go dtíolacfaidh an Coimisiún a mheasúnú foriomlán ar straitéisí macrairéigiúnacha i Meitheamh 2013. Féadfar iarraidh ar an gComhairle conclúidí a ghlacadh maidir leis an gcoincheap níos leithne de straitéisí macrairéigiúnacha, mar thoradh ar na moltaí ón gCoimisiún.

17. Má thugann an Chomhairle Eorpach sainordú don Chomhairle Straitéis an AE i gcomhair Réigiún Mhuir Aidriad agus Réigiún Mhuir Iónach a bhunú, áiritheoidh an Chomhairle, ar bhonn teachtaireacht a fháil ón gCoimisiún, go ndéanfar an obair iomchuí ina dhiaidh sin.

**BEARTAS MUIRÍ COMHTHÁITE**

18. Is uirlis thábhachtach é Beartas Muirí Comhtháite an AE chun cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Ba cheart breathnú níos mó an bhféadfaí teacht ar bhealaí chun leas a bhaint as aigéin agus as fharraigí na hEorpa ar mhaithe le geilleagar, le hinbhuanaitheacht agus le rathúnas an AE agus ba cheart breathnú chomh maith ar an ngá atá ann le cur chuige fíor-straitéiseach i leith gnóthaí muirí agus limistéir chósta na hEorpa. Is céim thábhachtach é an clár oibre muirí agus mara le haghaidh an fháis agus post a formhuiníodh in Limassol i nDeireadh Fómhair 2012 maidir leis an mbeartas nuálach crosghearrthach sin a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme. Is ionann cuid de na saincheisteanna tábhachtacha a bheidh ar an gclár oibre um an mBeartas Muirí Comhtháite le linn na seimeastar atá romhainn agus creat le haghaidh Pleanála Spásúla Muirí a shocrú agus tionscnamh an Fháis Ghoirm a chur chun feidhme. Tabharfar aird ar leith freisin ar straitéisí macrairéigiúnacha agus ar straitéisí um imchuach farraige a fhorbairt agus a chur chun feidhme go hiomchuí, lena n-áirítear plean gníomhaíochta do Straitéis an Atlantaigh a fhormhuiniú, agus tabharfar aird ar fhaireachas muirí a chomhtháthú. Déanfaidh na trí Uachtaránacht obair leantach ag eascairt as na teachtaireachtaí maidir le Turasóireacht Mhuirí agus Chósta, le Fuinnimh Mhuirí Inathnuaite agus le hEolas Muirí a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a thíolacadh an chéad seimeastar de 2013.

**SAINCHEISTEANNA INSTITIÚIDEACHA**

19. Leanfaidh na trí Uachtaránacht dá gcuid oibre i ndáil leis an athbhreithniú ar Rialacháin Foirne an AE agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa go luath in 2013.

20. Tugann na trí Uachtaránacht tús áite d'fheidhmiú éifeachtúil na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis an tuarascáil maidir le feidhmiú agus eagrúchán SEGS a scrúdú, ar tuarascáil í a shíltear a fháil i lár na bliana 2013.

21. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Chomhairle a seacht ndícheall d'fhonn bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ualach oibre na Cúirte Ginearálta.

**GNÓTHAÍ EACHTRACHA**

**BEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA**

22. Ag tús a sainordaithe leag an tArdionadaí na trí thosaíocht a leanas amach le haghaidh chomhbheartas eachtrach an AE: ar dtús, SEGS a bhunú; ar an dara dul síos, an daonlathas, an chobhsaíocht agus an rathúnas a chur chun cinn le comharsana na hEorpa; agus mar thríú tosaíocht, comhpháirtíochtaí straitéiseacha láidre a thógáil le gníomhaithe domhanda atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn. Beidh na trí thosaíocht sin ina dtreoir do ghníomhaíocht an AE sa tréimhse 2013-2014, agus é mar sprioc acu comhsheasmhacht agus comhleanúnachas bheartas eachtrach an AE a áirithiú, mar a leagtar amach i gConradh Liospóin.
23. Leis an obair sin cuirfear leis an méid a baineadh amach le beartas eachtrach an AE sna chéad bhlianta a bhí SEGS i bhfeidhm. Beidh an AE ag dul ar aghaidh leis an obair in éineacht lena chomhpháirtithe maidir le díriú ar dhúshláin réigiúnacha agus dhomhanda lena gcuirfear leasanna agus luachanna an AE chun cinn d'fhonn cabhrú chun domhan níos sláine agus nós rathúla a chur ar fáil dá shaoránaigh.

24. Tugann an AE tús áite i gcónaí do thacaíocht don athrú daonlathach sa chomharsanacht, go háirithe sa **Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh.** Éilítear tacaíocht agus obair leantach uainn do phróiseas an aistrithe sa Túinéis, san Éigipt, in Éimin, sa Libia agus i dtíortha eile sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh. Cuirfidh an AE dlús lena chuid iarrachtaí sa **tSiria** chun deireadh a chur leis an gcos ar bolg foréigneach agus aistriú fíor-dhaonlathach a chur chun cinn. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú leis an gComhthoscaire Lakhdar Brahimi agus ag obair i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe Léig na nArabach agus na Náisiúin Aontaithe chun é sin a chur i gcrích. Ar an leibhéal réigiúnach leanfaidh an AE air freisin de bheith ag obair faoi chuimsiú an Aontais don Réigiún Meánmhuirí agus béim á leagan aige ar thionscnaimh nithiúla.

25. Sonraítear an géarghá atá ann chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le **Próiseas Síochána an Mheánoirthir** leis na hathruithe atá tagtha ar fud an domhain Arabaigh**.** Is é ár n-aidhm feasta an choimhlint idir Iosrael agus an Phalaistín a réiteach ar bhonn a bheadh cóir agus buan bunaithe ar réiteach an dá stáit. Leanfaidh an AE ar aghaidh ag obair go gníomhach faoi chuimsiú an Cheathairéid chun caibidlíocht shubstainteach a athbhunú.

26. I **gcomharsanacht an Oirthir**, tá rannpháirtíocht mharthanach an AE ríthábhachtach freisin, lena n-áirítear trí Chomhpháirtíocht an Oirthir. Tá sé tábhachtach go ndéanfar cuspóirí Threochlár Chomhpháirtíocht an Oirthir a thabhairt chun feidhme d'fhonn a áirithiú go mbeidh rath ar an tríú Cruinniú Mullaigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir a thionólfar in Vilnius i Samhain 2013 agus ina leagfar amach an clár oibre beartais don dá bhliain amach romhainn. I gcomhréir le cuspóirí Chomhpháirtíocht an Oirthir, beidh an tArdionadaí agus SEGS ag tacú i gcónaí le neastachán polaitiúil agus le comhtháthú eacnamaíoch chomhpháirtithe an Oirthir leis an AE. Déanfaidh siad dlúth-fhaireachán ar fhorbairtí baile san Úcráin agus sa Bhéalarúis, i ndiaidh na dtoghchán parlaiminteach sna tíortha sin agus ina theannta sin sa trí thír den Chugas Theas. Beidh áit thábhachtach i gcónaí ar chlár oibre an AE ag iarrachtaí chun na coimhlintí in Transnistria, sa tSeoirsia agus in Nagorno-Karabakh a réiteach.

27. Beidh ról ríthábhachtach ag an AE i gcónaí sna **Balcáin Thiar**, áit ina leanann peirspictíocht Eorpach na dtíortha sa réigiún sin ar aghaidh ag spreagadh an athchóirithe bhaile agus an chomhair réigiúnaigh araon**.** Beidh príomhthionchar ag próisis thábhachtacha toghcháin (Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Albáin) ar an dinimic pholaitiúil sa tréimhse suas go dtí lár 2014 agus coimeádfaidh an AE súil ghéar ar an méid sin. Tá géarghá ann anois le hidirphlé níos fearr idir Béalgrád agus Pristine agus an cuspóir leis sin chun teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir. Cé gur tháinig sainordú Mhisean Póilíneachta an AE sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun deiridh i Meitheamh 2012, leanann an AE de bheith rannpháirteach ann trí huirlisí eile, i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) leis an Roinn nua um Fhorghníomhú an Dlí (cuid d'oifig an ISAE) agus leis an gCúnamh Réamhaontachais araon. Rinneadh oibríocht EUFOR Althea a athchumrú an 1 Meán Fómhair 2012 ag díriú ar Fhorbairt Acmhainní agus ar Oiliúint. Ina theannta sin, beidh tábhacht leis an dul chun cinn a dhéanfar i réimse na polaitíochta baile ionas go mbogfaidh an tír ar aghaidh maidir le hiarraidh ar bhallraíocht AE.

28. Le Misean "Smacht Reachta" an Aontais Eorpaigh don Chosaiv (EULEX Kosovo) leanfar de chúnamh agus de thacaíocht a thabhairt d'údaráis na Cosaive sa mhéid a bhaineann leis an smacht reachta.

29. I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta, spreagfaidh an Chomhairle an **Tuirc** a beartas eachtrach a fhorbairt i gcomhar leis an AE agus dul chun cinn i gcomhréir le beartais agus le seasaimh an AE. Tá sé ag tnúth leis an idirphlé polaitiúil a dhéanann sé leis an Tuirc cheana féin a neartú tuilleadh, ag gabháil do chomhspriocanna lena n-áirítear sa chomharsanacht ina bhfuil ról tábhachtach ag an Tuirc.

30. Tá tábhacht lárnach freisin ag baint leis an rannpháirtíocht le **comhpháirtithe straitéiseacha an AE** [1] a dhoimhniú. Is é an aidhm atá ann ar an iomlán na comhpháirtíochtaí sin a dhéanamh níos oibríochtúla, ag díriú ar shaincheisteanna sainiúla reatha, bunaithe ar chomhleasanna agus ar chomhluachanna.

31. Tá dlúthchomhairle agus dlúthchomhar leis na **Stáit Aontaithe** fós ina gcloch coirnéil ar ár gcur chuige maidir le limistéir an chomhleasa amhail na Balcáin Thiar, Comharsanacht an Deiscirt agus limistéar na hÁise agus an Aigéin Chiúin; agus le saincheisteanna domhanda amhail an fhrithsceimhlitheoireacht, an t-athrú aeráide, an fhorbairt idirnáisiúnta agus an neamhleathadh.

[1] Is iad na Comhpháirtithe Straitéiseacha an tSín, Ceanada, an India, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Meicsiceo, an Rúis, an Afraic Theas, SAM

32. Mar chomhpháirtí straitéiseach agus mar chomharsa, tá **an comhar idir an Rúis agus an Eoraip maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda araon i gcónaí ina phríomhthosaíocht.** Tá áit lárnach ag an obair a dhéantar leis an Rúis i ndáil leis na coinbhleachtaí fadtréimhseacha inár gComharsanacht chomhpháirteach a réiteach, agus i dtaca le freagairt idirnáisiúnta a chumadh maidir le saincheisteanna eile amhail an Iaráin, an tSiria nó Próiseas Síochána an Mheánoirthir. Leanfaidh an AE air de rannpháirtíocht na Rúise a chinntiú tríd an gComhpháirtíocht don Nuachóiriú agus trí Dhiminsean an Tuaiscirt.
33. Beidh áit thábhachtach i gcónaí ar an gclár oibre ag an ngníomhaíocht chun an comhar leis an **tSín** agus leis an **India** a neartú agus a leathnú, go háirithe maidir le dúshláin dhomhanda agus réigiúnacha lena n-áirítear saincheisteanna slándála amhail frith-phíoráideacht, frithsceimhlitheoireacht agus cibearshlándáil.
34. Sa chaoi chéanna, déanfaidh an AE a chomhar lenár gcomhpháirtithe sa Bhrasaíl, san Afraic Theas, sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas a threisiú.
35. Le hiarrachtaí an AE tabharfar aird ar leith i gcónaí ar chaibidlíocht E3+3 i ndáil le **clár núicléach na hIaráine** arb é is aidhm di freagra a thabhairt i leith chúiseanna imní na bpobal idirnáisiúnta faoi chlár síochánta ar fad a bheith i gceist leis sin. Ag cur le hobair na gcruinnithe a tionóladh in Iostanbúl, i mBagdad agus i Moscó, leanfaidh an tArdionadaí, ag gníomhú di thar ceann an ghrúpa E3+3, de bheith go hiomlán rannpháirteach.
36. Beidh tionchar criticiúil ag **dúshláin dhomhanda** amhail an t-athrú aeráide, cúrsaí fuinnimh, an sceimhlitheoireacht agus an choireacht idirnáisiúnta, píoráideacht, leathadh Arm Ollscriosta, dí-armáil agus bagairtí ar chibearshlándáil ar chlár oibre an AE i leith gnóthaí seachtracha.
37. Déanfaidh an AE Plean Gníomhaíochta an AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a chur chun feidhme. Coimeádfaidh an AE súil ghéar ar chúrsaí mar atá ó thaobh chearta an duine de i dtíortha comhpháirtíochta agus sa bhreis air sin cuirfidh sé tacaíocht ar fáil trí hionstraimí agus trí bheartais an AE.
38. Le Creat Straitéiseach an AE maidir le **Cearta an Duine agus leis an Daonlathas** tabharfar treoir do rannpháirtíocht an AE sa réimse sin sna blianta amach romhainn. Cuirfear le héifeachtacht agus le hinfheictheacht bheartas an AE maidir le Cearta an Duine trí Ionadaí Speisialta an AE (ISAE) maidir le Cearta an Duine, an chéad ISAE téamach, a cheapadh. Sa réimse sin, beidh an AE ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe, le fóraim iltaobhacha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag plé le cearta an duine agus leis an daonlathas.

39. Leanfaidh an AE air de bhéim a chur ar fhorbairtí san **Afganastáin agus sa Phacastáin**. Beidh tionchar ag na hathruithe a mheastar a thiocfaidh ar an láithreacht mhíleata idirnáisiúnta ar Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin) mar aon le tionchar ar ár gcomhar lena lán tíortha eile, mar shampla le tíortha na hÁise Láir. Ar rialachas, ar phóilíneacht agus ar an smacht reachta a bheidh an bhéim i gcás na hAfganastáine, lena n-áirítear trí mheantóireacht agus trí oiliúint le EUPOL Afganastáin, suas go dtí 2014. I ndáil leis an bPacastáin, déanfaidh an AE iarracht caidreamh níos leithne a fhorbairt le rialtas sibhialtach agus le hinstitiúidí daonlathacha na tíre sin tríd an bPlean Páirtíochta cúig bliana a chur chun feidhme.

40. Tabharfar tús áite do thacaíocht le haghaidh na bhforbairtí dearfacha a rinneadh le déanaí **in Burma agus i Maenmar.** Tacóidh an AE mar aon le comhpháirtithe idirnáisiúnta go hiomlán leis an aistriú leanúnach chuig an daonlathas.

41. Méadóidh an AE a láithreacht pholaitiúil agus eacnamaíoch san Áise agus rachaidh sé i dteagmháil le comhpháirtithe na hÁise agus le heagraíochtaí réigiúnacha na hÁise go rialta, go háirithe Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas.

42. Leanfar ar aghaidh den chaidreamh straitéiseach leis an **Afraic** a chomhdhlúthú, lena gcuirfear le Straitéis Chomhpháirteach an AE agus na hAfraice, mar phríomhábhar tosaíochta. Beidh forbairt chaidreamh an AE leis an Aontas Afracach ríthábhachtach, lena n-áirítear maidir leis an tiomantas leanúnach do shaincheisteanna na síochána agus na slándála san Afraic fho-Shaharach ar nós neamhleathadh agus dí-armáil.

43. Tabharfar aird ar leith i gcónaí ar chlár oibre an Ardionadaí agus SEGS do chaidreamh a bhunú agus do dhinimic dhearfach a chothú le Corn na hAfraice ( Djibouti, an Eiritré, an Aetóip, an Chéinia, an tSomáil, an tSúdáin, agus Uganda) i gcomhréir le straitéis na Samhna 2011. Is cuid shuntasach den obair sin é na hearnálacha breithiúnacha agus muirí sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice a neartú trí mhisean sibhialtach CBSC a mbeidh saineolas míleata aige, EUCAP Nestor Chorn na hAfraice. Coinneoidh an AE súil ar an **tSomáil** chomh maith agus ar an gcoimhlint i gcoinne na píoráideachta (EUNAVFOR Atalanta) agus ar iarrachtaí chun tacaíocht a threisiú d'earnáil na slándála sa tSomáil (Misean Oiliúna chun na Somáile).

44. Tá an AE tiomanta do thacaíocht a thabhairt do stát neamhspleách nua na **Súdáine Theas** agus aghaidh á tabhairt aige ar na dúshláin thromchúiseacha atá os a chomhair amach maidir lena stádas mar stát a chomhdhlúthú. I gcomhthreo, cuirfidh an AE feabhas ar an gcaidreamh atá aige le Rialtas na Súdáine (Cartúm). Is é an aidhm atá leis sin tacú le cómhaireachtáil agus le forbairt eacnamaíoch dhá stát síochánta. Leanfar ar aghaidh leis na hiarrachtaí atá ar bun chun réiteach polaitiúil a bheidh cuimsitheach agus uileghabhálach a fháil ar chás Darfur.

45. Tá tús áite fós ag cur chun feidhme Straitéis an AE don tSlándáil agus don Fhorbairt sa **tSaiheil**, i bhfianaise na géarchéime polaitiúla i Mailí agus an bhaoil atá ann don chobhsaíocht réigiúnach. Seoladh Gníomhaíocht shibhialtach CBSC an AE, EUCAP SAHEL Niger, i mí Iúil 2012 sa Nigéir chun tacaíocht a sholáthar chun cur le comhordú slándála, le hoiliúint agus le forbairt acmhainní. Cuireadh tús le pleanáil le haghaidh oibríochta breise CBSC agus an sprioc atá leis tacú le hathstruchtúrú agus le hoiliúint fhórsaí armtha Mhailí. . Leanfaidh an AE air de bheith rannpháirteach sna hiarrachtaí chun réiteach ar bhonn buan a fháil ar fhadhbanna Ghuine Bissau (coup d'état le déanaí), mar aon le sa tSiombáib agus i dtíorthaí eile ina bhfuil an chobhsaíocht i mbaol. Beidh próisis toghcháin, urraim ar chearta an duine agus institiúidí chearta an duine a neartú ina bpríomhthosaíochtaí chomh maith.

46. Déanfaidh an AE iarracht i gcónaí an tsíocháin agus an daonlathas a chur chun cinn i Réigiún na Mór-Lochanna, go háirithe Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) ina bhfuil tacaíocht á tabhairt ag an AE maidir leis an obair atá á déanamh faoi láthair d'fhonn an chobhsaíocht a athbhunú. Beidh an AE ag obair i gcomhar le comhpháirtithe na hAfraice agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta sa réigiún ar mhaithe le díriú ar fhreagairt chuimsitheach a thabhairt d'fhadhbanna idirnasctha an réigiúin. Coimeádfar súil ghéar ar fhorbairtí sa réigiún.

47. Tá tábhacht mhór ag baint leis an gcaidreamh le **Meirceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib** faoi chuimsiú an Chruinnithe Mullaigh a bheidh ar siúl idir an AE agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh *("Comunidad de Estados de América Latina y el Caribe")*, atá beartaithe a thionól an 26-27 Eanáir 2013 sa tSile. Beidh sé d'aidhm ag Cruinniú Mullaigh 2013 an chomhpháirtíocht AE-MLC a neartú ar bhonn leanúnach. Le Comhstraitéis Comhpháirtíochta AE-an Chairib cumasófar rannpháirtíocht níos leithne le réigiún Chairib.

48. Tabharfar faoi thuilleadh gníomhaíochtaí chun **bagairtí domhanda agus trasréigiúnacha** a chomhrac ar nós an phíoráideacht (agus bagairtí eile ar an tslándáil mhuirí), an sceimhlitheoireacht, bagairtí ar chibearshlándáil agus bagairtí domhanda eile atá ag teacht chun cinn. Tá an AE ag cur leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe trína Thimthriall Beartais le haghaidh na coireachta idirnáisiúnta eagraithe agus tromchúisí 2011-13 agus trína ghníomhaíocht sheachtrach chomhfhreagrach, lena dtreisítear an nasc idir an tslándáil inmheánach agus sheachtrach sa chaoi sin.

49. Déanfar **cosc ar choinbhleachtaí agus cothú na síochána** a phríomhshruthú i gcás ghníomhaíocht sheachtrach ar fad an AE, lena bhforbrófar tuilleadh cumais an Aontais chun géarchéimeanna a chosc agus lena gcomhtháthófar na cumais níos fearr go háirithe i réimse an réamhrabhaidh agus i réimse na luathghníomhaíochta. I ndiaidh na gConclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2011 maidir le coinbhleachtaí a chosc, déanfar obair chun acmhainn idirghabhála an AE a neartú, mar ionstraim éifeachtach agus chost-éifeachtúil a úsáidfear i gcéimeanna uile an timthrialla coinbhleachta.

50. Maidir le CBSC tabharfar tús áite i gcónaí do chur i gcrích misean sibhialtach agus oibríochtaí míleata agus úsáid fhéideartha misean nua agus oibríochtaí nua bainistithe géarchéime. Leanfar d'aird a thabhairt do chumais a neartú, idir chumais mhíleata agus chumais shibhialtacha. Faoi chuimsiú an méid sin, tá tosaíocht ag feabhas a chur ar chumas mearfhreagartha an AE. Déanfar bealaí éifeachtacha agus cost-éifeachtúla chun comhar a bhaint amach a shaothrú tuilleadh, ar nós cumais a chomhthiomsú agus a roinnt. I ndáil le cumais mhíleata go háirithe, díreofar ar dhíospóireacht a ullmhú faoi chúrsaí cosanta ar leibhéal na gCeannairí Stáit agus an Rialtais. Déanfaidh an Chomhairle a machnamh i leith na dtograí ón gCoimisiún i gcomhair rialacha nua airgeadais agus rialacha nua dlíthiúla maidir le misin CBSC.

51. Thairis sin, leanfaidh na hUachtaránachtaí leis an obair chun na hionstraimí airgeadais seachtracha (Ceannteideal 4) a chur i bhfeidhm faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (2014-2020).

**COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA**

52. Is é trí mheán na trádála ceann de na príomhbhealaí lena spreagtar an fás eacnamaíoch, an t-iomaíochas agus cruthú post. Tá sé bunriachtanach go gcothófaí margaí oscailte, an trádáil agus an infheistíocht chun an fás agus an téarnamh eacnamaíoch a threisiú i ngach cuid den Aontas agus lenár gcomhpháirtithe trádála chomh maith leis sin. Leag an Chomhairle Eorpach béim go minic ar an tábhacht a bhaineann le trádáil le haghaidh an fháis, ag iarraidh go ndíreofaí níos mó ar na gnéithe sin de bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear leis an bhfás, d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as an méid a dhéantar leo chun an fás a chothú san Eoraip, d'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú mar aon le margaí nua a oscailt le haghaidh onnmhaireoirí an AE agus chun cabhrú chun na coinníollacha lena mealltar níos mó infheistíochta eachtraí a mhúnlú.

53. Is príomhuirlis é léirscaoileadh trádála bunaithe ar leasanna agus ar thairbhí frithpháirteacha chun cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach, go háirithe na trí chuspóir dá chuid eadhon an fás cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Ba cheart le hiarrachtaí méadaithe chun dlús a chur le trádáil dhomhanda agus le sreabha infheistíochta go gcuideofaí chun an fás marthanach agus idirleathadh táirgí glasa, seirbhísí glasa agus teicneolaíochtaí glasa a neartú.

54. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha le geilleagair mhóra ríthábhachtach chun an fás agus poist a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh. Díreofar aird go mór mór ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta leis na geilleagair mhóra amhail na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an India, an tSín, Ceanada, an Rúis agus an Bhrasaíl. Mar shampla, féadfar breathnú ar chaibidlíocht faoi chomhaontú saorthrádála (FTA) leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSeapáin araon agus ina theannta sin ar chaibidlíocht i gcomhair comhaontaithe déthaobhaigh infheistíochta leis an tSín.

55. Is ionann Comhaontuithe Saorthrádála Substainteacha agus Cuimsitheacha agus Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (EPAanna) agus uirlis le haghaidh comhtháthaithe eacnamaíoch agus cóineasaithe rialála, go háirithe maidir le tíortha comharsanachta an AE. Déanfar dul chun cinn i ndáil le caibidlíocht a oscailt agus a chur chun cinn i dtaca le Comhaontuithe Saorthrádála Substainteacha agus Cuimsitheacha leis na comhpháirtithe comharsanacha. Leanfar ar aghaidh de bhéim a chur ar an gcaibidlíocht faoi Chomhaontuithe Saorthrádála Substainteacha agus Cuimsitheacha (DCFTA) leis an tSeoirsia, leis an Moldóiv agus leis an Airméin a thabhairt chun críche agus ar an DCFTA leis an Úcráin a chur chun feidhme agus thairis sin, díreofar ar chaibidlíocht le tíortha Chomharsanacht an Deiscirt a sheoladh agus a chur ar aghaidh.

56. Tá an AE fós tiomanta don chóras trádála iltaobhach bunaithe ar rialaithe a neartú agus don chomhrac i gcoinne claontaí cosantacha. Is eagraíocht fhíorthábhachtach í an Eagraíocht Dhomhanda Trádála chun na críche sin. Tacóidh na hUachtaránachtaí leis an obair leanúnach atá á déanamh maidir le hidirbheartaíocht Chlár Oibre Doha um Fhorbairt chun dul chun cinn inbhraite a bhaint amach sna réimsí uile a bhaineann leis an ngnóthas aonair, áit a mbeadh cuma indéanta ar an dul chun cinn, go háirithe maidir le trádáil a éascú. D'fhéadfaí an t-athbhreithniú ar an gComhaontú Faisnéise Teicneolaíoch, an t-athbhreithniú ar gComhaontú um Réiteach Díospóidí agus idirbheartaíocht i réimse na seirbhísí a áireamh ar réimsí eile ina bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh iontu. Thairis sin, agus an luach córasach a ghabhann le ballraíocht mhéadaithe na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an gcóras trádála iltaobhach a neartú á chur san áireamh, tacófar leis an gcaibidlíocht aontachais atá ar siúl.

57. Ba cheart go leanfar le beartas trádála an AE de thacú le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus infheistíochta, le cosaint na gceart maoine intleachtúil, le feabhas a chur ar Straitéis maidir le Rochtain ar an Margadh, go háirithe i ndáil le FBManna, leis na margaí soláthair phoiblí a oscailt tuilleadh, le bacainní trádála a bhaint anuas agus le trádáil gan srianta i mbunábhair agus i bhfuinneamh.

58. Ba cheart go ndíreofaí go háirithe ar scrúdú tráthúil a dhéanamh ar na tograí maidir le nuachóiriú ionstraimí an AE maidir le cosaint trádála, ionstraim an AE maidir le soláthar poiblí agus ionstraim an AE maidir le freagracht airgeadais a bhaineann le díospóidí idir infheisteoirí agus stát. Áiritheofar freisin an obair leantach a rinneadh i gcás na n-ionstraimí a glacadh le déanaí i réimse bheartas infheistíochta an AE agus san athchóiriú ar Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair do thíortha atá i mbéal forbartha.

**BEARTAS UM FHORBAIRT**

59. Déanfar comhar forbartha faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Oibreoidh an Chomhairle, faoi chathaoirleacht an Ardionadaí, ar réimse tionscnamh maidir leis an mbeartas forbartha laistigh de chomhthéacs foriomlán ghníomhaíocht sheachtrach an AE.

60. Beidh an méid a chuireann an AE le forbairt "Clár Oibre iar-2015", mar a thugtar air, mar ghné lárnach den bhéim a leagfar ar an mbeartas forbartha le linn na tréimhse sin. Leanfaidh an Chomhairle de dhul chun cinn a dhéanamh chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna) a bhaint amach faoi 2015. Thairis sin, déanfaidh an AE iarracht cur go héifeachtach le héabhlóid an chreata iar-2015, mar chuid de phróiseas cuimsitheach leathan lena bhféachtar na dúshláin chomhaimseartha atá ann maidir le dul chun cinn a dhéanamh san fhorbairt a léiriú. Oibreoidh an Chomhairle ar sheasamh AE maidir le hImeacht Speisialta na NA maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise le linn an 68ú Seisiún de Chomhthionól na NA in Nua-Eabhrac, 2013.

61. Thairis sin, leanfar leis an obair chun na hionstraimí airgeadais seachtracha sin a chur i bhfeidhm lena ndírítear ar chomhar forbartha faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (2014-2020). Ar feitheamh an chinnidh ón gComhairle Eorpach maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, féadfaidh a iarraidh ar an gComhairle na gníomhartha dlíthiúla is gá a bhunú. Tabharfaidh an Chomhairle a cuid oibre reachtaí maidir le Cinneadh nua maidir le comhlachú na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an AE chun críche.

62. Le linn na tréimhse sin, dhéanfaidh an Chomhairle obair leantach maidir leis an tacaíocht a thugann an AE i ndáil le hathrú inbhuanaithe sna sochaithe atá i mbun athraithe, déanfaidh sí athbhreithniú ar chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an AE maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan san Fhorbairt 2010-2015, bunaithe ar an tríú tuarascáil chur chun feidhme. Thairis sin, meastar go nglacfaidh an Chomhairle conclúidí maidir le tuarascáil na Samhla Cur Chun Feidhme Bia, an tuarascáil maidir le Comhleanúnachas Beartais le haghaidh Forbartha, maidir le beartas cothaithe agus maidir le maoiniú le haghaidh forbartha, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt comhad tábhachtach, lena n-áirítear sláinte dhomhanda, beartas inscne, ról na n-údarás áitiúil agus na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí sa bheartas forbartha.

63. Beidh bainistiú a dhéanamh ar Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou agus ar an gCiste Eorpach Forbraíochta mar thosaíocht freisin. Áirítear leis sin feidhmiú rianúil chomhinstitiúidí agus chruinnithe an ACC-AE a áirithiú, i ndlúthchomhar le grúpaí Stát an ACC, agus cinntí na Comhairle a bhaineann le Comhpháirtíocht an ACC-AE a ullmhú, go háirithe trí acmhainní a chur ar fáil don Chiste Eorpach Forbraíochta, nó trí na bearta iomchuí a shuí maidir le comhar forbartha le tíortha ACC nár éirigh leo cearta an duine, prionsabail dhaonlathacha nó an smacht reachta a urramú.

64. Tar éis iarratas seasta a fháil ón gComhairle Eorpach i mí Mheithimh 2010, ullmhóidh an Chomhairle na tuarascálacha bliantúla chuig an gComhairle Eorpach maidir le ceanglais an AE agus na mBallstát agus le Cúnamh Oifigiúil Forbartha a chur ar fáil.

**CABHAIR DHAONNÚIL**

65. Siocair go mbíonn tubaistí nádúrtha ann níos minicí agus go bhfuil cás íogair daoine leochaileacha in a lán tíortha á chur i mbaol leis an ardú domhanda i bpraghsanna bia, leanann líon na ndaoine a bhfuil cúnamh daonnúil ag teastáil uathu de bheith ag ardú. Ag an am céanna, i gcásanna casta éigeandála agus i ngéarchéimeanna fada, tá sé ag éirí níos dúshlánaí cúnamh daonlathach neamhchlaonta a chur ar fáil.

66. Agus freagracht an Aontais mar an deontóir is mó sa domhan á cur san áireamh, leanfaidh an Chomhairle de na tiomantais a leagtar amach sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cúnamh Daonnúil agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann leis a chomhlíonadh. Déanfar an mheastóireacht ar chur chun feidhme an chomhdhearcaigh, d'fhonn cur níos mó le cumas an Aontas na tiomantais a chumhdaítear sa Chomhdhearcadh a chomhlíonadh.

67. Thairis sin, leanfaidh an Chomhairle de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghéarchéimeanna leanúnacha daonnúla agus ar ghéarchéimeanna daonnúla atá ag teacht chun cinn agus féachfaidh sí chun feabhas a chur ar éifeachtacht na freagartha a thugann pobal an AE agus an pobal idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt don ról lárnach atá ag na Náisiúin Aontaithe maidir le comhordúchán, go suntasach an Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla. Féachfaidh an Chomhairle tacú leis na hiarrachtaí chun cur leis an gcumas i ndáil le hullmhacht agus cosc, go suntasach trí níos mó béime a chur ar athléimneacht agus ar naisc idir fóirithint, athshlánú agus forbairt. I ndáil leis an méid sin, leanfar le cur chun feidhme Chur Chuige an AE maidir le hAthléimneacht, ag cur le SHARE (Ag Tacú le hAthléimneacht Chorn na hAfraice) agus le tionscnaimh AGIR-Saiheil (Chomhghuaillíocht Dhomhanda do Thionscnamh na hAthléimneachta).

68. Déanfar dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin Chúnaimh Bia, lena spreagtar an meascán uirlisí is éifeachtaí agus is éifeachtúlaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaonraí is leochailí ó thaobh bia de, agus a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Thairis sin, áiritheofar freisin comhleanúnachas ionadaíocht sheachtracha an AE i gcomhlachtaí daonnúla, go suntasach i mBord Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia, agus chun na críche sin, molfaidh an Coimisiún na ráitis a chur an AE chuig Bord Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia agus déanfar iad a phlé sa Chomhairle.

69. Déanfaidh an Chomhairle obair leantach freisin maidir leis an togra reachtach a bhaineann le bunú an Chóir Dhaonchabhraigh Shaorálaigh Eorpaigh - Saorálaigh Cabhrach an AE". Mar a fhoráiltear le Conradh Liospóin, beidh sé de chuspóir leis an reachtaíocht "creat a bhunú chun go bhféadfaidh Eorpaigh óga rannchuidiú go comhpháirteach le hoibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais" (Airteagal 214.5, CFAE).

**COMHAR CONSALACH EORPACH**

70. Bunaítear comhar consalach AE ar chomhpháirtíocht fhrithpháirteach. Chomh maith leis sin, tá conradh sonrach ann i ndáil leis an bhforáil maidir le cúnamh consalach a thabhairt do shaoránaigh de chuid an AE nach bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu. Mar a fhoráiltear i gConradh Liospóin, bunaítear an cúnamh sin ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe. Ciallaíonn sin go bhfuil gach Ballstát san AE faoi cheangaltas dlíthiúil cabhrú le haon saoránach de chuid an AE nach bhfuil ambasáid nó consalacht ag a thír féin sa tríú tír faoi leith sin, faoi na coinníollacha céanna a bhíonn infheidhme maidir lena náisiúnaigh féin.

71. Chun go mbeidh na saoránaigh níos eolaí faoin gceart sin, leanfaidh na trí Uachtaránacht den obair a dhéantar chun feidhmiúil fónta an chomhair chonsalaigh Eorpaigh atá ann cheana a choimeád agus a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, scrúdófar creat reachtach (Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le comhar consalach do shaoránaigh an Aontais thar lear) agus tionscnaimh chomhordaithe agus chomhair (amhail coincheap an Stáit Treoraigh) mar chuid den obair.

72. Féachfaidh na hUachtaránachtaí freisin forbairt a dhéanamh ar na huirlisí agus ar na socruithe le haghaidh comhair i gcás ina mbeadh tionchar ag géarchéim ollmhór consalach ar shaoránaigh an AE. Chomh maith leis sin, rachaidh na hUachtaránachtaí i mbun Idirphlé Consalach le tíortha atá ar an intinn chéanna, amhail na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Astráil.

## GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS

## GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA

### Beartas eacnamaíoch

73. Díreoidh gníomhaíocht an bheartais eacnamaíoch fós ar na ceachtanna a foghlamaíodh ón ngéarchéim airgeadais agus fiachais cheannasaigh, agus ag an am céanna forbrófar na bearta atá déanta cheana chun rialachas eacnamaíoch agus comhordú beartais a neartú. Leis an sé-phaca, an dé-phaca atá le teacht agus an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (CCCR), rinneadh dul chun cinn suntasach chun an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus creat buiséadach na mBallstát a neartú. Sna seimeastair atá le teacht beifear ag díriú ar chur chun feidhme na rialacha nua agus ar an gcéad cheacht a tharraingt ó na rialacha sin a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcreat na Nósanna Imeachta maidir le hEasnamh Iomarcach.

74. Ina theannta sin, ag meabhrú di a thábhachtaí atá comhdhlúthú buiséadach, athchóiriú struchtúrach agus infheistíocht dhírithe le haghaidh fáis inbhuanaithe, déanfaidh an Chomhairle a seacht ndícheall chun cur chun feidhme mear an Chomhshocrú le haghaidh Fáis agus Post a áirithiú, a bheidh ghlac an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2012, d'fhonn an Eoraip a chur ar bhealach an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh an athuair.

75. A luaithe a thiocfaidh an CCCR i bhfeidhm, tabharfaidh an Chomhairle ar aghaidh an obair is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit riail an bhuiséid chomhardaithe agus meicníochta ceartúcháin uathoibríche a chur chun feidhme ina gcreat náisiúnta dlíthiúil de réir na bprionsabal comhaontaithe. Mar an gcéanna leis sin, áiritheoidh na hUachtaránachtaí comhar tairbhiúil idir an SCE agus an Chomhairle d'fhonn na beartais chomhaontaithe a bhaineann le géarchéim a chur chun feidhme ar bhealach éasca.

76. Áirítear freisin i gcreat feabhsaithe an AE agus an limistéir euro maidir le comhordú beartais an creat nua chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus le caillteanais iomaíochais. Tar éis an chéad taithí leis an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (NIMM), leanfaidh na hUachtaránachtaí de na hionstraimí a chur chun feidhme agus den chéad ceacht a tharaingt ó chur i bhfeidhm an nós imeachta.

77. Déanfaidh na hUachtaránachtaí freisin an obair riachtanach a eascraíonn as an tuarascáil deiridh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí "I dtreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta", a ullmhaíodh i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, le hUachtarán Ghrúpa an Euro agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

78. Leanfar ag déanamh comhordú ex-ante ar bheartais eacnamaíocha agus buiséadacha na mBallstát faoin Seimeastar Eorpach, a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair chun feidhmiú an tseimeastair a fheabhsú amach anseo. Leis an gcomhordú sin, comhtháthaítear faireachas a dhéanamh ar athchóirithe struchtúracha agus na próisis atá ann cheana faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis neartaithe agus faoi na Mórthreoirlínte maidir leis an mBeartas Eacnamaíoch. Tíolactar Cláir Athchóirithe Náisiúnta agus Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú go comhuaineach. Laistigh den chreat sin, saothróidh na hUachtaránachtaí cur chuige comhtháite, lena n-áirithítear go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar a ndúshláin struchtúracha agus mhaicreacnamaíocha, fad a bhfillfidh siad ar airgeadas poiblí inbhuanaithe. Beidh sé mar aidhm fadtéarmach comhdhlúthú buiséadach a bhaint amach fad a áiritheofar cáilíocht níos fearr agus éifeachtúlacht fheabhsaithe de chaiteachas poiblí agus tosaíocht a thabhairt do bhearta feabhsaithe fáis. Tógfaidh na trí Uachtaránachta ar an taithí a bailíodh leis an gcéad dá thimthriall iomlán den Seimeastar Eorpach.

79. Sa bhreis ar an ardú i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), maoirseoidh an Chomhairle cur chun feidhme bearta lena dtugtar tacaíocht don infheistíocht a mhaoiniú le haghaidh fáis inbhuanaithe, lena n-áirítear tríd an BEI. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na trí Uachtaránacht a seacht ndícheall na coinníollacha lena spreagtar fás agus fostaíocht a fheabhsú trí cumas an fháis a bheidh ann amach anseo a neartú.

80. Maidir le tríú tíortha, oibreoidh na trí Uachtaránacht chun tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe an AE a bhfuil deacrachtaí os a gcomhair trí chreat sruthlíneach cúnaimh mhaicreacnamaíoch.

**Seirbhísí airgeadais**

81. Tá sé tábhachtach don AEA agus don mhargadh aonair araon go neartófar comhtháthú airgeadais laistigh den Aontas. Beidh sé mar thosaíocht fós na comhaontuithe a thángthas orthu laistigh den Chomhairle Eorpach a chur chun feidhme go mear d'fhonn an AEA a neartú tuilleadh, agus an margadh aonair a chosaint ag an am céanna.

82. Beidh sé mar thosaíocht comhaontú a lorg maidir leis na heilimintí ar fad den Aontas Baincéireachta. Tabharfar aird ar leith do theacht ar chomhaontú i leith na tograí maidir le faireachán baincéireachta, ráthaíocht taiscí agus creat réitigh a chruthú. I ndáil leis sin, beidh sé tábhachtach cruthú meicníochtaí comhfhreagracha institiúideacha agus polaitiúla a chur ar aghaidh, agus ag an am céanna aistriú rianúil chuig na socruithe nua a áirithiú agus cothrom na féinne a chaomhnú d'oibreoirí in earnáil na seirbhísí airgeadais.

83. Beidh se mar thosaíocht fós athchóiriú cuimsitheach, leanúnach a dhéanamh ar chreat rialála na seirbhísí airgeadas. Díreoidh na hUachtaránachtaí ar bhearta arb é is aidhm dóibh comhtháthú, iomaíochas agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i margaí airgeadais an AE agus ar thrédhearcacht agus sláine na hearnála airgeadais agus ar chosaint tomhaltóirí a fheabhsú. Leanfar le hobair a dhéanamh chun riachtanais láidre, stóinsithe chaipitil a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

84. D'fhonn a áirithiú go bhfuil na gníomhaithe airgeadais uile faoi réir riachtanais rialála iomchuí, déanfaidh na trí Uachtaránacht iarrachtaí reachtacha a chomhordú maidir le tograí breise a bhfuiltear ag súil leis go dtabharfaidh an Coimisiún ar aghaidh iad lena mbreithniú le linn na tréimhse 18 mí, go háirithe i réimsí amhail scáthbhaincéireacht, dlí urrús, ilchuideachtaí airgeadais, infheistíocht fhadtéarmach, innéacsanna agus tagarmharcanna, pinsin ghairme agus timpeallacht na seirbhísí íocaíochtaí.

**Cánachas**

85. I réimse an chánachais dhírigh, saothróidh an Chomhairle freisin iarrachtaí chun obair a bhaineann leis an gcaibidlíocht faoi na comhaontuithe athbhreithnithe ar Choigilteas le tríú tíortha a chur ar aghaidh, go háirithe Andóra, Lichtinstéin, Monacó, Poblacht San Mairíne agus an Eibhéis agus obair a bhaineann leis an athbhreithniú ar Threoir an AE maidir le Cáin ar Choigilteas atá ann cheana. Maidir leis an scrúdú ar thograí reachtacha eile, atá á phlé faoi láthair mar an togra le haghaidh Treorach maidir leis an gComhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorporáideach, tabharfar ar aghaidh é de réir mar is iomchuí.

86. I réimse an chánachais indírigh, leanfaidh an Chomhairle le hobair a dhéanamh ar chóras coiteann na cánach breisluacha i gcomhréir leis na Conclúidí ó Chomhairle mhí na Bealtaine 2012, d'fhonn córas CBL a chruthú a bheadh níos simplí, níos éifeachtúil, níos stóinsithe agus níos díonaí ó thaobh calaoise de agus a bheadh oiriúnaithe don Mhargadh Aonair. Tabharfar tús áite don chóras reatha a nuachóiriú agus a shimpliú, d'ualaigh agus costais riarachán a laghdú i gcomhair oibreoirí agus riarachán cánach agus do chalaois CBL a chomhrac. Saothrófar an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le cáin ar tháirgí fuinnimh agus leictreachas.

87. Tabharfaidh an Chomhairle ar aghaidh freisin obair ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh comhair fheabhsaithe maidir le Cáin ar Idirbheart Airgeadais.

88. Críochnóidh an Chomhairle freisin obair maidir leis an Rialachán FISCALIS.

89. Leanfar le gníomhaíochtaí chun imghabháil cánach agus calaois chánach a chomhrac, i gcomhréir leis an tuarascáil ón gComhairle a cuireadh faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2012. Leis an obair seo, cumhdófar freisin roinnt saincheisteanna nithiúla a moladh sa teachtaireacht ón gCoimisiún, a tíolacadh i samhradh na bliana 2012.

90. Ina theannta sin, i gcomhthéacs na Meithle Ardleibhéil ar shaincheisteanna Cánach, saothrófar tuilleadh comhordú ar bheartas cánach i measc na mBallstát. Le comhar mar sin, díreofar ar shaincheisteanna beartais chánach, ar mhalartú dea-chleachtais, ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus imghabhála cánach a neartú, lena n-áirítear i ndáil le tríú tíortha, agus ar faireachán a dhéanamh ar phlé maidir le saincheisteanna cánach i bhfóraim iltaobhacha. Leanfaidh an obair a dhéanann an Mheitheal um an gCód Iompair maidir le cánachas gnó chun scrúdú a dhéanamh ar bhearta cánach a d'fhéadfadh gurb ionann iad agus iomaíochas díobhálach cánach. Leanfaidh an Chomhairle de thuairisciú go rialta chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna ábhartha beartais chánach an AE, lena n-áirítear maidir leo siúd a thagann faoi réim an Chomhshocraithe Euro Plus.

**Creidmheasanna onnmhairíochta**

91. I réimse na ndisciplíní idirnáisiúnta le haghaidh creidmheasanna onnmhairíochta atá tacaithe go hoifigiúil, leanfaidh na hUachtaránachtaí de sheasamh an AE i gComhshocrú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Creidmheasanna onnmhairíochta a chur chun cinn agus a chomhordú. Leanfar den Comhshocrú sin a thrasuí i reachtaíocht an AE, trí phróiseas comhchinnteoireachta ina mbíonn Parlaimint na hEorpa rannpháirteach, agus úsáid á baint as nós imeachta simplithe lena mbaineann údarás tarmligthe a úsáideann an Coimisiún.

**BUISÉAD**

92. Áiritheoidh an Chomhairle go ndéanfar an nós imeachta bliantúil buiséadach go rathúil, laistigh d'fhorálacha buiséadacha Chonradh Liospóin agus faoi réim an Chreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2014-2020 a thiocfaidh i bhfeidhm ag tús na bliana 2014. Tabharfar tús áite fós do bhainistiú fónta airgeadais a dhéanamh ar chistí an AE, go háirithe i gcomhthéacs an Rialacháin Airgeadais nua agus trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid ar bhonn na tuarascála bliantúil ón gCúirt Iniúchóirí.

**Acmhainní dílse**

93. Leanfar le hobair a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún le haghaidh chóras na n-acmhainní dílse a tíolacadh in 2011, chun an bealach a réiteach do don chinenadh nua maidir le hacmhainní dílse agus do rialacháin a bhaineann leis an gcéad Creat Airgeadais Ilbhliantúil eile a ghlacadh.

**Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint**

94. Leanfaidh an Chomhairle d'obair a dhéanamh d'fhonn glacadh tráthúil an chláir Hercule III a áirithiú, ar clár é lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí a chur chun cinn sa réimse maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, agus glacadh an chláir Pericles 2020, lena mbunaítear clár malartaithe, cúnaimh agus oiliúna le haghaidh chosaint an Euro i gcoinne góchumtha.

## CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE

95. Le linn na tréimhse sin, comhaontófar Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua i gcomhair Gnóthaí Baile don tréimhse 2014-2020. Tá sé mar chuspóir go nglacfar na Rialacháin le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil nua i gcomhair Gnóthaí Baile agus Ceartais a luaithe is féidir in 2013. Le linn na bliana sin, tionólfar plé idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir leis na cláir náisiúnta faoi chóras an bhainistithe dílárathe. Tosóidh na cláir amhail ó 2014.

96. Laistigh den chéad 18 mí eile, leanfaidh an Chomhairle de Chlár Stócólm a chur chun feidhme, ar clár é atá ina chreat tagartha treorach fós do chlár oibre oibríochtúil agus polaitiúil an Aontais Eorpaigh i réimse an CGB. Tabharfar tús áite freisin do chreat a shocrú i ndáil leis an gcéad chlár Ceartais agus Gnóthaí Baile eile lena gcumhdaítear saincheisteanna tráthúla a bhaineann leis an imirce, le slándáil agus le ceartas.

97. Beidh gníomhaíochtaí i réimse an CGB bunaithe ar phrionsabal na **dlúthpháirtíochta** agus na **comhpháirtíochta** i measc na mBallstát; ar **chomhar neartaithe** i mbainistiú teorainneacha, i gcosaint shibhialta agus i mbainistiú tubaistí agus ar **chomhlántacht níos fearr** sa ghníomhaíocht a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE; ar **sholúbthacht** agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin nua agus ar na treochtaí nua i sreabhadh imirce; ar **chomhleanúnachas foriomlán níos fearr** i mbeartais uile an AE d'fhonn cearta bunúsacha agus beartais imirce a thabhairt chun réitigh le forbairtí i réimse na trádála, na ngnóthaí eachtracha agus na forbartha, ar **chomhar níos fearr i gcúrsaí slándála** chun a áirithiú go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin go héifeachtach trí ghníomhaíochtaí réamhghníomhacha comhpháirteacha

98. Ina theannta sin, ós rud é gurb é 2013 Bliain Eorpach na Saoránach, spreagfaidh agus éascóidh na hUachtaránachtaí páirteachas saoránach níos leithne san AE agus díreoidh siad aird an phobail ar comhluacha an AE (go háirithe i measc an t-aos óg).Díreofar aird ar leith ar chabhair a thabhairt do saoránaigh na hEorpa iad féin a chur ar an eolas faoin na cearta agus na deiseanna a eascaíonn as a saoránacht AE, agus go háirithe a gcearta chun maireachtáil agus oibriú in áit ar bith san Aontas agus a gceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa chomh maith le saincheisteanna eile a bhaineann go díreach leis na saoránaigh.

## GNÓTHAÍ BAILE

99. Coimeádfar faoi athbhreithniú éifeacht polasaithe an Aontais i réimsí na himirce agus an tearmainn tríd an obair leantach i leith an chórais tuarascála bliantúil atá déanta ag an gCoimisiún agus trí 'Gníomh an AE idtaca le Brú Imirceach - Freagairt Straitéiseach' a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh chomh maith ag tabhairt aird faoi leith ar shaincheist na mionaoisigh neamhthionlactha, trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, agus, más iomchuí, trí thabhairt chun dáta Conclúidí 2010 ón Chomhairle agus an Plean Gníomhaíochta.

### Saorghluaiseacht Shaoránaigh an AE

100. Sna 18 mí atá amach romhainn, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar agus cur chun feidhme rialacháin an AE i ndáil le saorghluaiseacht saoránaigh agus a muintir ar fud na hEorpa, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, a táthar ag tnúth leis an bhliain seo chugainn. Ní athraítear na príomhchuspóirí ag déanamh faireacháin ar threochta, malartú faisnéise, comhrac i gcoinne calaoise agus mí-úsáide. Chomh maith le sin, coimeádfar faoi athbhreithniú forbairtí sa limistéar Schengen trí phlé straitéiseach a dhéanamh ar fhorbairtí agus tionscnaimh ábhartha.

### Teorainneacha Seachtracha a Bhainistiú

101. Rachfar chun cinn le forbairt a dhéanamh ar leibhéil éagsúla ar an gcur chuige i mbainistiú teorainneacha comhtháite, lena n-áirítear trí thacú leis an obair atá ar siúl ag FRONTEX agus leis an nGníomhaireacht nua TF.

102. Mar chuid d'fhorbairt chóras an AE i mbainistiú comhtháite teorainneacha, díreoidh an Chomhairle ar choincheap an 'teorainn chliste' agus oibreoidh siad ar na tograí reachtacha maidir le clár do thaistealaithe cláraithe agus maidir le córas iontrála-scoir a bhunú. Leanfar den obair, freisin, chun tionscnamh Eurosur a fhorbairt.

103. Beidh sé ina thosaíocht fós ag an gComhairle méadú rathúil a dhéanamh ar limistéar Schengen agus an próiseas meastóireachta a fhorbairt níos mó. I gcomhar leis an gCoimisiún, tacóidh an Chomhairle freisin le togra CFS II a thabhairt chun críche laistigh den sceideal atá tuartha. Tabharfar aird chuí ar fheidhmiú praiticiúil Chóras Faisnéise Schengen (CFS), go háirithe ar cháilíocht na sonraí pearsanta a cuireadh isteach i CFS de thoradh ar chinntí an AE maidir le bearta sriantacha i ndáil le náisiúnaigh áirithe ón tríú tír.

**Beartas Víosa**

104. D'fhonn a áirithiú go bhfreagróidh an comhbheartas víosa do riachtanais an Aontais, is gá é a choimeád faoi athbhreithniú, agus na tuarascálacha agus na teachtaireachtaí ábhartha ón gCoimisiún á gcur san áireamh chomh maith le taithí na mBallstát féin. Beidh ar áireamh ann, de réir mar is cuí, obair maidir le tograí reachtacha chun Rialachán 810/2009 a nuashonrú, lena mbunófar Cód Comhphobail maidir le Víosaí. Saothrófar a thuilleadh fós an chaibidlíocht i ndáil le comhaontuithe nua um éascú víosaí le tríú tíortha, chomh maith leis na socruithe chun idirphléití maidir le léirscaoileadh víosaí a chur chun cinn le tríú tíortha ábhartha. Déanfar gach dícheall freisin trí bhíthin na nUachtaránachtaí chun feidhmiú céimneach an VIS a áirithiú.

**An Imirce Dhleathach agus Comhtháthú náisiúnach tríú tíortha**

105. Beidh an fhorbairt ar chomhbheartas inimirce lena bhféadfar rannchuidiú le Clár Oibre Fáis an AE fós ina príomhthosaíocht.

106. Díreofar ar an obair reachtach a chur i gcrích maidir leis an bPlean Beartais i ndáil leis an Imirce Dhleathach a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir leis na tograí i leith aistrithe idirchorparáideacha agus oibrithe séasúracha chomh maith leis an togra chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2004/114/CE agus ar Threoir CE 2005/71 a bhaineann le cead isteach a thabhairt do mhic léinn agus do thaighdeoirí. Beidh beartais éifeachtúla chomhtháite fós ina gcroíchuspóir agus, faoina chuimsiú sin, saothrófar a thuilleadh cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh i ndáil le náisiúnaigh Tríú Tíortha a Lánpháirtiú.

**An imirce neamhdhleathach**

107. Tá an comhrac in aghaidh na hinimirce neamhdhleathaí trí chomhoibriú praiticiúil a chur chun cinn, fós ina phríomhthosaíocht. I ndáil leis an Nuashonrú ar Ghníomhaíocht an AE maidir le Brúnna Imirceacha - cuirfidh an Fhreagairt Straitéiseach fócas ar leith ar fáil don obair sin.

108. Beidh an fhorbairt ar ghréasán cuimsitheach de chomhaontuithe um athghlacadh isteach le tríú tíortha ábhartha fós ina príomhthosaíocht, chomh maith le luas na caibidlíochta atá ar siúl a chothabháil agus tríú tíortha breise a shainaithint lenar cheart comhaontuithe a chaibidliú.

109. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin de bheith ag cur comhar praiticiúil chun cinn i réimse an aisdúichithe, lena n-áirítear réimse an aisdúichithe dheonaigh.

**Tearmann**

110. Tá an obair reachtach atá mar bhonn leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn curtha i gcrích nach mór. Tabharfaidh an Chomhairle tosaíocht d'aon obair is gá chun an próiseas seo a thabhairt chun críche, agus tacóidh siad chomh maith leis an obair san Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, leis an CET a chur chun feidhme agus le comhoibriú praicticiúil idir na Ballstáit a fhorbairt a thuilleadh.

111. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le Conclúidí na Comhairle 2012, tabharfar tosaíocht do dhlúthpháirtíocht éifeachtúil a chur ar aghaidh le Ballstáit atá faoi shainbhrúnna, ar a n-áirítear sreabha den imirce mheasctha. Ar bhonn Teachtaireacht ábhartha a fháil ón gCoimisiún, tabharfaidh an Chomhairle aghaidh, freisin, ar shaincheist an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le cinntí tearmainn le linn na tréimhse seo.

**Slándáil inmheánach**

112. Leanfaidh an Chomhairle de thosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na Straitéise um Shlándáil Inmheánach. Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, oibreoidh an Chomhairle go dlúth le Parlaimint na hEorpa chun **an tSamhail Eorpach um Malartú Faisnéise (SEMF)** a bhunú, uirlis fíor-riachtanach i gcomhair rochtain thráthúil ar chruinneolas coiriúil a sholáthraíonn sí do na húdaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí. Eascraíonn an obair atá le déanamh ón teachtaireacht atá le teacht go luath maidir le SEMF, agus ar thuarascálacha, freisin, lena meastar forfheidhmiú na n-ionstraimí reatha, "Cinneadh Réime na Sualainne" mar a thugtar air agus Cinntí Prum. Ina theannta sin, déanfar géarfhaireachán ar an mbealach ina gcuirtear Cinntí Prum chun feidhme sna Ballstáit d'fhonn sonraí méarlorg, sonraí cláraithe feithiclí agus an malartú DNA is fearr is féidir a áirithiú.

113. Chomh fada is a bhaineann le **Taifead Ainmneacha Paisinéirí** (TAP), oibreoidh an Chomhairle i gcomhar leis an gCoimisiún agus le PE, chun Comhaontú TAP le Ceanada a chur i gcrích agus é mar aidhm leis Treoir maidir le bailiú agus úsáid sonraí TAP a ghlacadh. Féadfar caibidilíocht le tríú tíortha eile a thionscnamh freisin, ar bhonn tograí ón gCoimisiún.

114. Saothróidh an Chomhairle Plean Gníomhaíochta do 2013-2016 d'fhonn cur chun feidhme **Straitéis nua na hEorpa maidir le Drugaí 2013-2020** a thionscnamh. Scrúdóidh an Chomhairle, freisin, an togra atá le teacht i ndáil le reachtaíocht nua maidir le drugaí a rialú, a meastar a bheith tábhachtach sa chomhrac in aghaidh an mhargaidh do shubstaintí nua sícighníomhacha, margadh a bhfuil borradh agus fás air. Déanfar an reachtaíocht ar réamhtheachtaithe a athbhreithniú freisin.

115. Táthar tar éis cibearchoireacht agus cibearshlándáil a shainaithint mar dhúshlán atá ag dul i méid do na córais faisnéise san Eoraip. Tosófar ar an obair laistigh den Chomhairle maidir le straitéis a shaothrú a chuimseoidh gnéithe inmheánacha agus seachtracha i ndáil le cibearchoiriúlacht a shrianadh agus cibearshlándáil a fheabhsú, ina n-urramófar cearta daonna sa chibearspás mar shaincheist phríomhthosaíochta. Tógfaidh an Chomhairle ar ionstaimí atá ar fáil, amhail an Treoir i ndáil le hionsaithe in aghaidh chóras faisnéise agus, más gá, forbróidh siad samhail Eorpach do chomhaontuithe poiblí agus príobháideacha sa réimse seo. Measúnófar go cáiréiseach an gá atá ann le comhordú feabhsaithe a dhéanamh idir réimsí éagsúla beartais den AE d'fhonn sineirgí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chinneadh. Forbrófar comhar oibríochtúil tar éis Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (ICE) a bhunú in Europol.

116. Fairis sin, scrúdóidh an Chomhairle beartas ginearálta chun na húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí a oiliúint ar bhonn na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le **Scéim Oiliúna na hEorpa**. Tabharfar ar aghaidh mar thosaíocht na tograí reachtacha maidir leis na gníomhaireachtaí Europol agus CEPOL d'fhonn na forálacha ábhartha de chuid Chonradh Liospóin a chur chun feidhme Is é aidhm an athbhreithnithe seo bunúis éifeachtacha a sholáthar i ndáil le comhar oibríochtúil um fhorfheidhmiú an dlí, chomh maith le hoiliúint i bhforfheidhmiú an dlí, agus inniúlachtaí na ngníomhaireachtaí sin ag leibhéil réigiúnacha, ag leibhéil an AE agus ag leibhéil idirnáisiúnta a éascú.

**An choireacht eagraithe a chomhrac**

117. Tar éis do Europol an Chéad Mheasúnacht ar Bhagairt Thromchúiseach na Coireachta Eagraithe a fhoilsiú, sainmhíneofar in 2013 an dara timthriall beartais de chuid an AE i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach idirnáisiúnta agus eagraithe, ina leagfar amach na tosaíochtaí sa réimse seo do na 4 bliana atá le teacht. Leanfar den obair chun "oibríochtú" na dtosaíochtaí sin a áirithiú agus a fheabhsú agus cur chuige ildisciplíneach á úsáid. Ina theannta sin, rannchuideofar a thuilleadh le cur chuige riaracháin a fhorbairt chun an choireacht eagraithe a chomhrac.

118. Iarrfar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar líon áirithe gníomhartha reachtacha agus ionstaimí beartais, amhail cur chun feidhme Chinneadh Réime na Comhairle maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, agus leis an obair leantach ar an gcoireacht airgeadais a chur ar aghaidh. Scrúdófar freisin tograí atá le teacht i ndáil le leasuithe ar an Treoir um Shonraí a Choinneáil agus ar an Treoir um Sciúradh Airgid.

119. Beidh an comhrac i gcoinne gáinneáil ar dhaoine fós ina thosaíocht don bhfoireann trí Uachtaránacht. Tabharfaidh siad tacaíocht iomlán don straitéis chuimsitheach nua um Gháinneáil ar Dhaoine a chur chun feidhme mar aon le bearta cuiditheacha agus cosanta íospartach.

120. Scrúdóidh an Chomhairle, freisin, an togra maidir le Faireachlann um Chosc ar Choireacht (FCC) a chur ar bun, d'fhonn tacú le Ballstáit agus le hinstitiúdí an AE ina mbearta coisctheacha agus leis an malartú faisnéise lena mbaineann.

**An comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta**

121. Agus iarrachtaí an AE á saothrú gan staonadh agus forbairt á déanamh ar na ceithre chomhpháirt de Straitéis an AE in aghaidh na Sceimhlitheoireachta, beidh mar thosaíocht ag an bhfoireann trí Uachtaránacht an radacú agus an earcaíocht a chomhrac agus a chosc mar aon leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Scrúdófar creat de bhearta riaracháin in aghaidh amhrastach sceimhlitheoireachta arna bhunú ar Airteagal 75 CFAE.

122. I ndáil le maoiniú na sceimhlitheoireachta, tá an Chomhairle léir-ullamh scrúdú a dhéanamh ar aon togra a d'fhéadfadh an Coimisiún a chur ar aghaidh faoina mbunófaí Córas Eorpach i ndáil le Maoiniú Sceimhlitheoirí a Rianú (CEMSR).

123. A thúisce a thíolacfaidh an Coimisiún agus an tArd-Ionadaí a dtogra bunaithe ar Airteagal 222 CFAE, beidh ceangail ar an gComhairle comhaontú freisin maidir leis an ***gclásal dlúthpháirtíochta*** a chur chun feidhme, a eascraíonn i gcásanna ina dtarlaíonn ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaist nádúrtha nó tubaist de dhéanamh an duine.

**Comhar custaim**

124. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair leanúnach i gcur chun feidhme na straitéisí atá ann cheana arb é is aidhm dóibh an comhar a neartú idir seirbhísí custaim an AE, agus idir na seirbhísí custaim agus gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú an dlí. Déanfar an Séú Plean Gníomhaíochta um Chur Chun Feidhme na Straitéise i ndáil le Comhar d'Fhorfheidhmiú an Dlí Custaim sa Todhchaí a chur chun feidhme thar an 18 mí Déanfaidh an Tríréad comhoibríochtaí custaim a chomhordú lena ndíreofar ar spriocanna na Straitéise Inmheánaigh um Shlándáil a chur chun feidhme. Fairis sin, saothrófar a thuilleadh an cleachtas seanbhunaithe maidir le comhoibríochtaí idir na póilíní agus an lucht custaim a chomhordú. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair ar an togra leasaithe i gcomhair Rialacháin i ndáil le Plean Gníomhaíochta do Lucht Custaim san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Lucht Custaim 2020).

**CEARTAS**

**Saincheisteanna ginearálta**

125. Scrúdóidh an Chomhairle an Rialachán nua maidir le Eurojust chomh maith le togra atá ar na bacáin chun Oifig Eorpach Ionchúisitheora a bhunú.

126. Ina theannta sin, beidh síoroiliúint daoine gairmiúla atá ag obair i réimse an cheartais fós ina chroíchuspóir mar mhaithe le hard-saineolas a thoirbhirt dóibh.

**Ríomh-cheartas**

127. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun an obair a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún ar ríomh-cheartas a chur i gcrích, arb é is aidhm dó creat dlíthiúil a bhunú chun rochtain a éascú ar an gceartas ar fud gach Ballstáit agus chun comhar breithiúnach sa dlí sibhialta, coiriúil agus riaracháin a éascú ar leibhéal na hEorpa.

**Bunchearta agus an tSaoránacht**

128. Tacóidh an Chomhairle le hiarrachtaí caibidilíochta an Choimisiúin chun go mbeidh rochtain ag an AE ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (CECDSBC). Tá an fhoireann nua trí Uachtaránacht tiomanta do phlé tráthúil a stiúradh sa Chomhairle chun teacht ar chinneadh lena n-údarófar an comhaontú aontachais a chur i gcrích. Fairis sin, bainfear leas as an gcur chuige céanna nuair a bheidh aon obair le déanamh chun tograí reachtacha a ghlacadh a bhaineann le rialacha inmheánacha an AE a bheidh riachtanach chun go mbeidh rochtain ag an Aontas ar an CECDSBC.

129. Tabharfar tosaíocht don obair ar na tograí i gcomhair Rialacháin ar chosaint sonraí agus i gcomhair Treoir ar chosaint sonraí pearsanta ag na húdaráis inniúla chun go ndéanfar cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a aimsiú nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, mar aon leis an obair leantach ón gCoimisiún i ndáil leis an gcomhaontú leis na Stáit Aontaithe maidir le creat ar chosaint sonraí ginearálta.

130. Scrúdóidh an Chomhairle, freisin, an **Tuarascáil ar Shaoránacht**, a mbeifear ag súil lena tíolacadh ón gCoimisiún in Earrach 2013.

131. Tar éis measúnú a dhéanamh maidir leis an gcomhar breithiúnach agus póilíneachta a chuimsiú i gcreat na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, is dócha go gcuirfear togra chuige sin faoi bhráid an Choimisiúin.

**Cosaint ar na daoine is leochailí**

132. Tar éis an Treoir um Chosaint Íospartach a ghlacadh in 2012, leanfar den obair ar "Treochlár" de bhearta a bhaineann le staid na n-íospartach in imeachtaí coiriúla.

133. Tacófar go gníomhach le caibidlíocht maidir le Rialachán i gcomhair beolínte AE do leanaí ar iarraidh. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht go diongbháilte ar gach tionscnamh a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean sa bhaile a chomhrac, go háirithe na gnéithe trasteorann a bhaineann leis, agus forbairtí i bhfóraim idirnáisiúnta eile á gcur san áireamh, freisin, mar atá Comhairle na hEorpa.

134. Scrúdófar an Treoir um Chúiteamh le hÍospartaigh na Coireachta atá le teacht i rith na tréimhse sin.

135. Feabhsófar an comhoibriú laistigh den GSE (Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta) a thuilleadh.

**Cearta an duine aonair in imeachtaí coiriúla**

136. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh chun scrúdú sciobtha a dhéanamh ar thograí ón gCoimisiún a bhaineann leis an "Treochlár i ndáil le cearta nós imeachta daoine a bhfuil amhras fúthu nó a cúisíodh in imeachtaí coiriúla" a neartú. Cuirfear chun cinn an chaibidlíocht faoin dréacht-Treoir maidir leis an gceart chun rochtain ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus maidir leis an gceart chun cumarsáid a dhéanamh tráth gabhála, d'fhonn go nglacfar go luath leis. Tabharfar aird ar thograí atá le teacht ón gCoimisiún.

**Aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla agus shibhialta**

137. Cloch choirnéil is ea prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i gcomhar breithiúnach. Saothrófar a chur chun feidhme a thuilleadh d'fhonn iontaoibh fhrithpháirteach a mhéadú idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát.

138. Leanfar den dréacht-Treoir maidir leis an Ordú Eorpach um Imscrúduithe i gcásanna coireachta a scrúdú. Tosófar ar na caibidilíochtaí maidir leis an togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh Treorach maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do phionóis airgeadais, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le cionta mótarthrachta. Scrúdófar freisin togra atá le teacht maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le cinntí dícháilíochta faoina gcoiscfí go héifeachtúil, in áit ar bith san AE, daoine dícháilithe ó na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoina ndearnadh an cinneadh lena ndícháiliú.

139. I bhfianaise an tionchair a bhíonn ag an aitheantas frithpháirteach ar dhlí náisiúnta gach Ballstáit, feabhsófar na hiarrachtaí chun tacú le Conclúidí na Comhairle maidir leis an obair leantach ar na hionstraimí um aitheantas frithpháirteach a chur chun feidhme. Faoina chuimsiú sin, féadfar an nuashonrú ar shuíomh Gréasáin an EJN a bheartú. Scrúdófar freisin an féidir an éifeachtúlacht a fheabhsú maidir leis an mbealach ina gcuirtear an Barántas Gabhála Eorpach i bhfeidhm agus aird á tabhairt ar na torthaí a thíolaic an Coimisiún ina tuarascáil sa bhliain 2011.

140. Agus aird á tabhairt acu ar an ngá atá ann le slándáil shaoránach na hEorpa a chosaint, agus má ghlactar leis go mbeidh rochtain ag na húdaráis náisiúnta inniúla ar an idircheangal leictreonach de shonraí taifead coiriúla gach Ballstáit, oibreoidh an Tríréad chun an Creatchóras Eorpach um Fhaisnéis ar Thaifid Choiriúla (CEFTC) a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, stiúróidh siad plé a bhaineann le trasuíomh na rialacha ginearálta teicniúla isteach sna córais náisiúnta agus isteach sa Lámhleabhar do na Cleachtóirí. Scrúdófar togra a chuirfear síos go luath maidir le lárchlár do náisiúnaigh tríú tíortha (ECRIS-TCN).

**Rialacha íosta**

141. Leanfaidh an Chomhairle de na tograí a scrúdú maidir le Treoir faoina neartófar an creat dlíthiúil maidir le sócmhainní coiriúla a choigistiú agus a aisghabháil, i ndáil le Smachtbhannaí Coiriúla do Dhéileáil Chos Istigh agus do Chúbláil Mhargaidh, agus i ndáil le Leas Airgeadais an Aontais a chosaint. A thúisce a thíolacfaidh an Coimisiún é, tabharfar tosaíocht don togra maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do shócmhainní coiriúla a choigistiú. Scrúdófar tograí atá le teacht maidir le Treoracha ar bhrionnú an Euro, maidir le nósanna imeachta dlíthiúla agus riaracháin a neartú, lena n-áirítear cuidiú frithpháirteach dlíthiúil, maidir le hOifig an Inchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú agus maidir le gáinneáil ar dhrugaí.

142. Sreabhfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht an obair maidir le tograí IT don gceartas i gcomhar leis an gCoimisiún.

**An dlí sibhialta**

143. I réimse an dlí teaghlaigh, féachfaidh an Chomhairle leis an obair ar Rialachán i gcomhair socruithe maidir le maoin phósta a chur i gcrích agus scrúdóidh sí freisin a mhéad is féidir córas i ndáil le hiarmhairtí maoine comhpháirtíochtaí cláraithe a chruthú. Tosófar ar scrúdú a dhéanamh ar an togra ina n-athbhreithneofar an Rialachán maidir le Bruiséil IIa a bhaineann leis an gcolscaradh, le scaradh dlíthiúil agus le freagracht tuismitheoirí.

144. Déanfar gach iarracht leis an obair a chur chun cinn i réimse a bhfuil spéis bhunúsach ag saoránaigh na hEorpa ann, a bhaineann leis an aitheantas frithpháirteach i ndáil leis na héifeachtaí a bhíonn ag doiciméid áirithe lena ngabhann stádas sibhialta agus a bhaineann le díchur na bhfoirmiúlachtaí le haghaidh doiciméad a dhéanamh dleathach idir Ballstáit.

**An Ceartas le haghaidh Fáis**

145. Tabharfar aire speisialta don obair leis an togra i leith Rialacháin maidir le haisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála agus maidir leis an Rialachán um Dhócmhainneacht, agus aird á tabhairt ar an staid airgeadais sna Ballstáit. Leanfar den dianscrúdú ar an togra maidir le Dlí Eorpach um Dhíolacháin.

146. Fairis sin, is í an aidhm Rialachán a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach ar bhearta cosanta in ábhair shibhialta chun a áirithiú go gcothabhálfar cosaint shealadach arna tabhairt i mBallstát amháin nuair a thaistealaíonn duine go dtí Ballstát eile nó nuair a bhogann duine go dtí Ballstát eile.

147. Ba chóir go n-éascófaí a thuilleadh an rochtain ar cheartas, go háirithe trí bhíthin togra sa todhchaí maidir le réiteach malartach díospóide idir gnóthas amháin agus gnóthas eile. Scrúdófar go cúramach tograí eile atá le tíolacadh amhail athbhreithniú ar an Rialachán maidir le doiciméid a sheirbheáil, amhail creat le haghaidh comhshásaimh nó damáistí trasteorann a eascraíonn as timpistí tráchta a rialú agus a theorannú.

**AN CHOSAINT SHIBHIALTA AGUS AN BHAINISTÍOCHT GÉARCHÉIME**

148. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair leantach maidir le beartas cosanta saoránach, ar aon dul leis an mbunús nua dlí um shaoránaigh a chosaint a tugadh isteach trí Airteagal 196 de Chonradh Liospóin, arb é is aidhm dó go bhfeabhsófar éifeachtúlacht na gcóras maidir le tubaistí den uile shaghas laistigh den Aontas agus lasmuigh de a chosc agus a fhreagairt agus ullmhú ina gcoinne bíodh siad nádúrtha nó de dhéanamh an duine.

149. Díreofar an obair sa réimse seo ar an gcreat leasaithe dlíthiúil i réimsí cosanta sibhialta a ghlacadh go pras agus ar iad a chur chun feidhme (agus Meicníocht an Aontais um Chosaint Shibhialta á chur in ionad an dá Chinneadh ón gComhairle faoi láthair agus iad a chumasc-Meicníocht an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Ionstraim Airgeadais). Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht, dá bhrí sin, den chaibidilíocht, d'fhonn teacht ar chomhaontú umá luaithe idir na hinstitiúidí.

150. Fad a bhaineann leis an gClár Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint (CEBCC), áiritheoidh an Chomhairle go leanfar den obair maidir le pacáiste beartas trasearnála den CEBCC, a chuirfear faoi bhráid na Comhairle ag deireadh Uachtaránacht na Cipire. Táthar ag súil le go ndéanfaidh pacáiste an CEBCC seo athstruchtúrú ar an gClár Eorpach um Bonneagar Criticiúil a Chosaint.

151. Tar éis tuarascáil chuimsitheach maidir le Plean Gníomhaíochta SCBRN (Slándáil Cheimiceach, Bhitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach) a chur chun feidhme le linn Uachtaránacht na Cipire, gabhfaidh na trí fhoireann Uachtaránacht mar chúram orthu féin an clár tosaíochta a scrúdú agus a chur chun feidhme d'fhonn Pleananna Gníomhaíochta an AE a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach maidir le SCBRN agus maidir le Slándáil Pléascán a Fheabhsú. Is é an cuspóir gníomhaíocht chomhaontaithe Eorpach a áirithiú i réimsí SCBRN nimhe a thabharfaidh aghaidh ar shlándáil inmheánach agus sheachtrach i leith na sceimhlitheoireachta.

152. A thúisce a chuirfidh an Coimisiún agus an Ard-Chúirt a dtogra a mbeidh coinne leis faoi Airteagal 222 de CFAE isteach, saothróidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar an gClásal Dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme.

153. Áiritheoidh an fhoireann trí Uachtaránacht go ndéanfar obair iomchuí ar an bPróiseas Athbhreithnithe um Shocruithe Comhordúcháin i gcás Géarchéime (SCG) agus na socruithe leasaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe fad a bhaineann siad le hoiliúint, le cleachtaí agus le ceachtanna a foghlaimíodh chomh maith le léibheann an Ghréasáin a fhorbairt agus le cumarsáid i ndáil le géarchéimeanna. Ar aon dul leis na socruithe sin, tráth a mbíonn fiorghéarchéim ann ón taobh istigh nó ón taobh amuigh, beidh an Uachtaránacht lárnach maidir leis an bhfreagairt a chomhordú agus a stiúradh go straitéiseach ag an leibhéal polaitiúil den AE.

*AN TOISE SEACHTRACH DE CGB*

154. Beidh ról tábhachtach ann i gcónaí i ndáil leis an toise seachtrach agus aghaidh á tabhairt ar chroídhúshláin mar aon le cuspóirí ginearalta an Aontais a chur chun feidhme go héiritheach i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, lena n-áirítear slándáil inmheánach níos mó agus sreafaí imirce a bhainistiú go héiritheach. Éileoidh sé sin go mbainfear an leas is fearr is féidir as eolas agus as inniúlachtaí institiúidí an AE (Euorpol, Eurojust, Frontex agus EASO) agus na mBallstát araon. Beidh tábhacht an-mhór i gcónaí leis na hiarrachtaí chun cur chuige uileghabhálach comhleanúnach maidir le caidreamh seachtrach i réimse an cheartais agus gnóthaí baile a bhaint amach chomh maith len é a lánpháirtiú sna beartais eile de chuid an AE, lena n-áiritheofar comhleanúnachas iomlán de thoise seachtrach CGB le gnéithe eile de bheartas eachtrach an Aontais.

155. Stiúrófar obair fhoireann na dtrí Uachtaránacht nua a los An Cur Chuige Domhanda maidir le hImirce agus an tSoghluaiseacht. Oibreoidh an Chomhairle leis an gCoimisiún agus le SEGS agus iad ag dul i dteagmháil le tríú tíortha i bprósis chomhpháirtíochtí réigiúnacha agus chun ionstraimí tiomnaithe a fhorbairt, amhail comhpháirtíochtaí soghluaisteachta, a dhíreofar ar thríú tíortha trí chéile. Leagfar béim speisialta ar an gcomhoibriú a neartú i ndáil le bainistiú teorainneacha le comharsana an AE.

156. Díreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin ar an idirphlé agus an comhoibriú idir tíortha an AE agus tíortha nach bhfuil san AE a neartú a thuilleadh maidir le saincheisteanna drugaí ar bhealach cothrom agus cuimsitheach.

157. Is dócha go mbeidh cibearshlándáil agus cibearchoiriúlacht ina réimsí a mbeidh tábhacht níos mó leo i ndáil le comhoibriú don AE agus dá príomhpháirtnéirí.

158. Seolfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht próiseas machnaimh ar bhealaí chun comhar CGB a fheabhsú le tíortha comhpháirtíochta straitéiseacha agus réigiúin chomhpháirtíochta straitéiseacha an AE.

159. Saothrófar an caidreamh leis na Stáit Aontaithe féachaint chuig dul chun cinn a bhaint amach i ngach gné den chomhar leo. Is é Ráiteas Washington 2009 an creat i gcónaí lena gcuirtear chun cinn soghluaisteacht trasatlantach, slándáil, frithsceimhlitheoireacht, athléimneacht i leith bagairtí, agus do comhar breithiúnach. Déanfaidh AE a dhícheall chun teacht ar chomhaontú foriomlán ar chosaint sonraí le SA agus chun dianchomhar maidir le forfheidhmiú an dlí a shaothrú.

160. Cumhdófar i gcónaí leis an gcaidreamh leis an Rúis tacar forleathan na saincheisteanna a comhaontaíodh do na Spáis Chomónta, agus beidh sé bunaithe ar cheanglais a urramú i réimsí chearta an duine agus an smachta reachtaigh. Ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le luach na cosanta sonraí a chur chun cinn.

161. Saothrófar tuilleadh an obair leis na tíortha ó na Balcáin Thiar, chun leasa na dtíortha sin i gcomhthéacs a chomhaontaithe leis an AE agus chun leasa shlándáil inmheánach an AE. Comhaontaíodh le linn Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir i Várs comhar a neartú i réimsí a bhaineann le saoirse, slándáil agus ceartas, agus spreagadh ann comhar ó na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an AE le tíortha leasmhara ó Oirthear na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, áiritheoidh na hUachtaránachtaí obair leantach iomchuí i leith na teachtaireachta ón gCoimisiún agus i leith na gConclúidí ón gComhairle maidir le comhar i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile (JHA) laistigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear trí chruinniú airí JHA EaP tiomnaithe a eagrú.

162. Déanfar iarrachtaí comhaontú 2006 a thabhairt chun críche maidir le nósanna imeachta i leith géillte leis an Íoslainn agus leis an Iorua. Tá sé beartaithe go mbeidh togra le haghaidh an Phrótacail maidir le hairm thine a ghabhann le Coinbhinsiún na NA ar Choireacht Eagraithe a thabhairt chun críche le linn na tréimhse sin. D'fhéadfaí dul i mbun caibidlíochta ar chomhaontú leis an Eilbhéis, leis an Iorua agus le hÍoslainn maidir le doiciméid a sheirbheáil agus le fianaise a ghlacadh le linn an chéad 18 mí eile.

163. Ar deireadh, seolfaidh na hUachtaránachtaí próiseas machnaimh ar bhealaí chun comhar JHA a fheabhsú le tíortha comhpháirtíochta straitéiseacha agus le réigiúin chomhpháirtíochta straitéiseacha an AE.

## FOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

## FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Fostaíocht/Saincheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair**

164. Cuireadh beartas fostaíochta ar chroí-lár ghníomhaíochtaí an AE le Straitéis An Eoraip 2020 agus le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Is cuid den Straitéis iad spriocanna fostaíochta, agus sa Seimeastar Eorpach, tá méadú ag teacht ar an ról atá ag Comhairle EPSCO agus a cuid fochoistí, ag an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC). Glacann an dá choiste sin páirt sa Seimeastar, go háirithe tríd an bpróiseas faireacháin agus athbhreithnithe théamaigh ar chur chun feidhme na Moltaí a Bhaineann go Sonrach le Tíortha ar Leith. Ba cheart ról EMCO i moltaí maidir leis an margadh saothair ón gComhairle a thig faoi Airteagal 148 a thabhairt chun suntais, agus an méid a chuireann SPC leo freisin. Faoi chuimsiú Straitéis Fostaíochta na hEorpa, déantar beartais fostaíochta a chomhordú go dlúth agus déantar dianfhaireachán orthu trí bhíthin athbhreithnithe piaraí agus trí bhíthin anailíse. Leagtar amach treoirlínte chun treoir a thabhairt do Bhallstáit agus a gcuid beartas fostaíochta á mionsaothrú agus á gcur chun feidhme.

165. Agus ceisteanna fostaíochta chomh práinneach is atá, agus struchtúir rialachais an AE á n-athchóiriú chun faireachán a mhéadú ar cur chun feidhme na gceanglas athchóirithe agus anailís níos mó agus níos tábhachtaí a éascú ar staid na fostaíochta san Eoraip, tá slí ann do Chomhairle EPSCO dlús a chur lena rannpháirtíocht i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

166. Saothróidh na trí hUachtaráin cur chun feidhme an Phacáiste Fostaíochta a thíolaic an Coimisiún in 2012, agus béim á cur ar phoist d'ardcháilíocht a chruthú, ar athchóiriú struchtúrach a dhéanamh ar mhargaidh shaothair agus ar infheistíochtaí i gcaipiteal daonna, treoraithe ag an gComhairle Eorpach. I dteannta leis na moltaí sonracha sin a ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leo, cuirfear struchtúr rialachais méadaithe chun cinn de bharr chur chun feidhme an phacáiste sin.

167. Mar chuid den Phacáiste Fostaíochta, cuirfear tionscnaimh nua chun cinn chun staid fostaíochta na hóige a fheabhsú, ar tionscnaimh iad a mbeidh spreagadh agus obair leantach ón Uachtaránacht ag teastáil ina leith. Áireofar ina measc go háirithe Moladh ón gComhairle maidir leis an Scéim Ráthaíochta don Aos Óg chomh maith le gníomhaíochtaí eile chun eisiamh na nÓg a laghdú trí mhargaí saothair cuimsitheacha.

168. Cinneadh, in 2010, na Treoirlínte Fostaíochta atá dírithe ar gach Ballstát agus i bprionsabal beidh siad bailí go dtí 2014, cé go gcaithfear iad a athbhreithniú agus a dhaingniú gach bliain. Tá sé beartaithe go dtíolacfaidh an Coimisiún togra nua (iar-2014) in 2013.

**Cistí AE i Réimse na Fostaíochta agus sa Réimse Sóisialta**

169. Déileálfaidh an Fhoireann trí Uachtaránacht leis an gcaibidlíocht chinntitheach maidir le príomhreachtaíocht earnála áirithe faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). Cinnfear ina conclúid an iarmhairt airgeadais a bheidh ag cistí éagsúla a bhaineann le hábhair bheartais shóisialta.

170. Laistigh den CAI, leanfaidh an Chomhairle lena caibidlíocht ar an gClár um Athrú Sóisialta agus Nuáil agus ar Chiste Sóisialta na hEorpa d'fhonn iad a thabhairt chun críche. Leanfar den chaibidlíocht ar an gCiste Eorpach um Dhomhandú.

171. Coinneoidh na hUachtaránachtaí leo agus tabharfaidh siad an chaibidlíocht ar na cistí sin chun críche.

**Gnéithe seachtracha de Bheartais Fostaíochta agus Shóisialta an AE**

172. Bhí éifeacht mhéadaithe ag an ngéarchéim dhomhanda ar an gcomhtháthú sóisialta óna tús. Tá fóraim idirnáisiúnta níos ábhartha ó scaipeadh iarmhairtí sóisialta na géarchéime, agus treisíodh ar na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt orthu. Tá an pháirt atá á glacadh ag iar-Uachtaránachtaí sna cruinnithe sin ag dul i méad, agus iad ag déanamh ionadaíochta don AE i dteannta an Choimisiúin, ag áirithiú go bhfuil cur chuige comhordaithe agus comhtháite ón AE agus ó na Ballstáit sna fóraim sin. Tá an rannpháirtíocht mhéadaithe sin le feiceáil go háirithe sa phróiseas G20, sa Chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara, san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus i bpróiseas ASEM. Maidir leis sin, tacóidh na trí hUachtaránachtaí le gníomhaíochtaí le glacadh ar roinnt leibhéal agus i bhfóraim éagsúla.

**Reachtaíocht saothair**

173. Maidir le gníomhaíochtaí reachtacha, leanfaidh na hUachtaránachtaí leis an obair ar na tograí ón gCoimisiún atá fós á scrúdú, go háirithe an togra maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú. Faoi réir thoradh na caibidlíochta a dhéanfaidh na páirtithe sóisialta ar an athbhreithniú ar an Treoir ar Am Oibre faoi dheireadh 2012, ba cheart don Choimisiún céimeanna breise a ghlacadh le linn 2013.

174. Déileálfaidh na hUachtaránachtaí le tionscnamh ón gCoimisiún a bhfuil mar aidhm aige na constaicí atá ann faoi láthair ar shoghluaisteacht oibrithe AE trí fheabhas a chur ar fhorghníomhú na gceart a bhronntar le dlí an AE agus déileálfaidh siad freisin le aon leasuithe a d'fhéadfaí a bheith ar na Treoracha maidir le faisnéis d'oibrithe agus maidir le dul i gcomhairle le hoibrithe.

175. Táthar ag súil le tionscnaimh eile in 2013 maidir le simplithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na socruithe maidir le rannpháirtíocht fostaithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Cuideachtaí Eorpacha agus faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar an Treoir lena bhforlíonfar an Reacht maidir le Comharchumann Eorpach Cuirfidh na hUachtaránachtaí leis an bplé ó thaobh na fostaíochta de, i gcomhar le hearnáil an iomaíochais.

**Sláinte agus sábháilteacht ag an obair**

176. Leanfaidh na hUachtaránachtaí leis an obair ar an Treoir nua maidir le ceanglais íosta sláinte agus sábháilteachta i ndáil le neamhchosaint oibrithe ar réimsí leictreamaighnéadacha. Is gá an Treoir nua a ghlacadh faoi mhí Dheireadh Fómhair 2013 chun spriocam trasuímh Threoir 2004/40/CE a bhaint amach.

177. In 2013, glacfar Straitéis nua an Chomhphobail maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2013-2020.

178. Fairis sin, táthar ag súil go ndéileálfaidh an Chomhairle in 2013 le hionstraim reachtach nua (athmhúnlaithe) maidir le galair cheirde ar an gcóras matánchnámharlaigh (obair leantach ar an dara céim de chomhairliúchán leis an páirtithe sóisialta) agus tionscnamh reachtach chun Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ó rioscaí a bhaineann le neamhchosaint ar charcanaiginí nó ar shó-ghineacha ag an obair.

179. Féadfaidh an Chomhairle leanúint dá cuid oibre ar an leasú ar an Treoir maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ag an obair d'oibrithe atá ag súil le breith agus d'oibrithe ar rugadh leanbh dóibh nó atá ag cothú leis an gcíoch ("saoire mháithreachais").

**Saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas sóisialta**

180. I réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, leanfaidh na hUachtaránachtaí d'áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar na tionscnaimh ón gCoimisiún agus go háirithe ar an "Pacáiste Infheistíochta Sóisialta" ar fhógair an Coimisiún go dtíolacfaidh sé in 2013.

181. Díreofar aird freisin ar shaincheisteanna mhaoiniú na gcóras cosanta sibhialta agus rochtana leordhóthanaí ar sheirbhísí chomh maith leis na freagairtí a d'fhéadfaí a thabhairt ar an ngá le cúram fadtéarma ar gá é atá ag méadú de shíor.

182. D'fhonn na baic ar shoghluaisteacht oibrithe a laghdú, rachaidh na hUachtaránachtaí i mbun caibidlíochta arís freisin maidir leis an Togra le haghaidh Treorach i ndáil le hinistritheacht na gceart pinsin fhorlíontaigh (an Treoir dá ngairtear an "Treoir Inistritheachta"). Ceapadh an Treoir sin chun go laghdófaí na baic ar shaorghluaisteacht idir na Ballstáit agus ar shoghluaisteacht ghairmiúil laistigh de Bhallstát freisin.

183. Ina theannta sin, tosóidh na hUachtaránachtaí ar obair maidir le dhá thogra a bhaineann le comhordú na gcóras slándála sóisialta, ar obair í lena ndíreofar ar Rialachán Uimh. 883/2004 agus ar Rialachán Uimh. 987/2009 a nuashonrú.

**Comhionannas idir mná agus fir**

184. Is luach bunúsach den Aontas Eorpach é an comhionannas idir mná agus fir, ach tá bunús láidir eacnamaíoch le comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn freisin. Iarrfaidh na hUachtaránachtaí a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Chomhairle a cuid gealltanas, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020), agus cuirfidh siad creat Straitéis an Choimisiúin le haghaidh comhionannais idir mná agus fir (2010-2015) san áireamh.

185. Chomh maith leis an ngné inscne a chur chun feidhme sna réimsí beartais uile ("príomhshruthú inscne"), díreoidh na hUachtaránachtaí ar na téamaí sonracha seo a leanas: mná agus na meáin, gníomhachtú na mban i margadh an tsaothair ag teacht leis an sprioc a socraíodh sa Straitéis Eoraip 2020 go mbeadh 75% de mhná agus d'fhir fostaithe, éifeachtacht na sásraí institiúideacha i ndáil le comhionannas inscne, mná agus an geilleagar. Tabharfar aird freisin do bheartais lena n-éascófar saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, agus tabharfar aird don Togra ón gCoimisiún maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí.

**An tIdirdhealú**

186. Leanfaidh na hUachtaránachtaí ar aghaidh leis an obair maidir leis an Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir dhaoine beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach. Leanfar ar aghaidh, i gcomhréir le gealltanais agus inniúlachtaí na Comhairle le cur chun cinn chuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch na ndaoine atá faoi mhíchumas agus na ngrúpaí ar an imeall, lena n-áirítear na Romaigh.

**An Bhliain Eorpach do Shaol na hOibre agus Saol an Teaghlaigh a Thabhairt Chun Réitigh**

187. Tríd an mbliain 2014 a ainmniú mar An Bhliain Eorpach do Shaol na hOibre agus Saol an Teaghlaigh a Thabhairt Chun Réitigh chuirfí le feabhas a chur ar staid shóisialta teaghlach sa chaoi is go ndéanfaí machnamh ar na freagairtí is gá a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha fhorleithne sa chomhthéacs sin. Bheadh tionchar dearfach aige sin ar na treochtaí reatha deimeagrafacha agus is cinnte go gcuirfeadh sé le neart a chur leis an gcomhtháthú sóisialta agus go mbeadh an Eoraip níos cuimsithí mar thoradh air. Cé gur chuid d'inniúlacht na mBallstát iad saincheisteanna teaghlaigh, ar an gcéad dul síos, tá beartais teaghlaigh mar chuid fíor-lárnach dár luachanna agus dár dtraidisiúin, agus tá deis an-mhaith ann do chomhar ar leibhéal an AE, lenar féidir freisin breisluach a chur leis na roghanna beartais agus leis na réitigh ar an leibhéal náisiúnta.

## SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ NA dTOMHALTÓIRÍ

### Sláinte an Phobail

188. Is eol don trí Uachtaránacht an staid eacnamaíoch mar atá sí faoi láthair agus an éifeacht atá aici ar an tsláinte agus ar na córais sláinte. Díreoidh na trí Uachtaránacht ar bhearta i leith feabhas a chur ar shláinte an phobail san AE agus ar an nuáil san earnáil sláinte. Cuirfear san áireamh freisin leanúnachas i gcur chun feidhme na bpríomhspriocanna agus na gcúramaí a bhaineann le Straitéis Sláinte an AE 2008-2013. Le go gcuirfear stíl mhaireachtála shláintiúil chun cinn, tabharfaidh an Tríúracht aird ar leith do bheartais tobac agus chothaithe. Is ionstraim riachtanach í atreisiú an chomhair ar an leibhéal AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus cuirfear chun cinn í trí thionscnaimh éagsúla.

189. I réimse shláinte an phobail, leanfaidh na trí Uachtaránacht ar aghaidh leis an obair maidir le tograí le haghaidh Cinnidh maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte lena ndírítear ar chumas agus struchtúir an Aontais Eorpaigh chun fhreagra éifeachtach a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann a phríomhshruthú agus tabharfaidh siad an obair sin chun críche. Ba cheart go gcuirfidís i gcrích ghlacadh an Rialacháin maidir leis an Tríú Clár Ilbhliantúil do Ghníomhaíocht an AE i réimse na sláinte, faoin MFF 2014-2020.

190. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht an obair i réimse na dtosca sláinte ar aghaidh, agus leis sin tabharfar aird ar leith do na beartais chun tobac a rialú. Maidir leis sin, tabharfar ar aghaidh mar thosaíocht, a luaithe a bheidh togra curtha isteach ag an gCoimisiún, an obair maidir le leasú Threoir 2001/37/CE a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol Táirgí Tobac ("An Treoir um Tháirgí Tobac"). Tabharfar aird chuí don phlean gníomhaíochta ríomhsheirbhísí sláinte ar bhonn teachtaireachta agus treochláir atá le cur isteach ag an gCoimisiún.

191. Déanfaidh na trí Uachtaránacht na "próisis mhachnaimh" a thabhairt ar aghaidh ar próisis iad maidir le córais nua-aimseartha freagrúla agus inbhuanaithe agus maidir le galair ainsealacha agus ar seoladh iad faoi choimirce na Meithle Oibre um an tSláinte Phoiblí.

192. Áiritheoidh na trí Uachtaránacht freisin go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit bainteach ar leibhéal ard leis an WTO d'fhonn béim a chur ar na saincheisteanna úd a mbaineann tábhacht domhanda leo agus ar chun leas an Aontais agus na mBallstát iad.

193. An chógaisíocht agus feistí míchaoine

194. Oibreoidh na hUachtaránachtaí chun dul chun cinn suntasach a bhaint amach maidir le tograí éagsúla sa réimse seo. Beidh an Chomhairle páirteach ar bhonn gníomhach leis an togra le haghaidh leasú a dhéanamh ar na táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach 2agus táthar ag súil leis go gcuirfear isteach é le linn an chéad leath den tréimhse ocht mí dhéag. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht an obair leanúnach ar aghaidh maidir leis an Togra le haghaidh Treorach[3] a bhaineann le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí míochaoine le húsáid ag an duine agus maidir leis na bearta sin a chur isteach faoi raon feidhme na gcóras árachais sláinte poiblí. Sa dara leath de 2012 tíolacadh togra le haghaidh Rialacháin maidir[4] le trialacha cliniciúla ar tháirgí míchaoine le húsáid ag an duine agus dhá thogra[5] le haghaidh Rialacháin maidir le feistí míchaoine agus Rialachán maidir le feistí míchaoine *in-vitro*. Beidh an obair ar na comhaid sin ina tosaíocht ag na hUachtaránachtaí.

---

2 Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh 297/95 an 10 Feabhra 1995 ón gComhairle maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Mheastóireacht ar Tháirgí Míchaoine.

3 Cuirfear an Treoir molta sin in ionad Threoir 89/105/CEE an 21 Nollaig 1988 a bhaineann le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí míochaine le húsáid ag an duine agus a bhaineann lena gcur faoi raon feidhme córais árachais sláinte náisiúnta:

4 Cuirfear an Rialachán molta sin in ionad Threoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát maidir le dea-chleachtas cliniciúil a chur chun feidhme i stiúradh trialacha cliniciúla ar tháirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine.

5 Cuirfear an Rialachán molta sin in ionad Threoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhchogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hionchlannáin mhíochaine ghníomhacha, Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí míochaine agus Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí míochaine diagnóiseacha in vitro.

**Earraí bia**

195. Déanfaidh na trí Uachtaránacht iarracht leibhéal ard de shábháilteacht bia a áirithiú, agus cuirfear san áireamh an obair a rinne Codex Alimentarius Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe/na hEagraíochta Domhanda Sláinte (FAO/WHO) agus an ról bunriachtanach a bhí ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) freisin maidir le cur i gcrích na measúnuithe riosca i gcomhthéacs na nósanna imeachta údaraithe.

196. Áiritheoidh siad go nglacfar an Rialachán atá molta maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga agus maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, a bhfuil sé mar aidhm é a chur in ionad an chórais dleathaigh atá ann faoi láthair maidir le bianna diaitéiteacha.

197. Tosóidh na trí Uachtaránacht obair ar thogra lena leasófar an Rialachán maidir le Bianna Núíosacha a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin, chomh maith le togra maidir le clónáil.

**IOMAÍOCHAS (*AN MARGADH INMHEÁNACH, TIONSCLAÍOCHT, TAIGHDE AGUS AN SPÁS)***

**Iomaíochas**

198. De réir mar a dtreisítear an tionchar atá ag na ngéarchéim eacnamaíoch ar an AE agus de réir mar a léirítear méadú ar threocht na rátaí dífhostaíochta ar údar imní é, tá sé mar phríomhthosaíocht ag na hUachtaránachtaí feabhas a chur ar na beartais Eorpacha maidir le fás agus iomaíochas. Ní mór spreagadh nua a thabhairt chun go gcuirfí neart le hiomaíochas na hEorpa agus chun go gcuirfear an geilleagar Eorpach ar siúl i gceart arís.

199. Tá príomhról ag an gComhairle Iomaíochais i bpróiseas reachtaíochta an AE agus i ndéanamh beartas do chlár an fháis mar a leanas: tá sí freagrach as tionscnaimh agus bearta chun feabhas a chur ar an bhfás faoi chuimsiú bheartas an Mhargadh Aonair, na Straitéise Eoraip 2020, an tseimeastair Eorpaigh agus go háirithe "An Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post" a chinn an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú a bhí aici ag deireadh mhí an Mheithimh 2012.

200. Déanfaidh na hUachtaránachtaí gach iarracht chun a áirithiú go mbeidh ionchur éifeachtach ag an gComhairle Iomaíochas ar bhaint amach spriocanna na dtionscnamh trí thorthaí nithiúla tráthúla a sholáthar i dtaca leis an gclár oibre Eorpach maidir leis an bhfás. Tabharfar aird ar leith do chur chun feidhme an chéad Ghníomh um an Margadh Aonair (SMA I) agus an dara Gníomh um an Margadh Aonair (SMA II), do bhaint amach Mhargadh Aonair Fuinnimh a fheidhmíonn go maith faoi 2014 agus do bhaint amach Ríomh-Mhargadh Aonair faoi 2015, do fheabhas a chur ar rialáil an Mhargaidh Aonair chomh maith le do ghlacadh Fís 2020 agus COSME in 2013 agus do chur i gcrích Limistéar Eorpach Taighde faoi 2014.

201. Cuireadh próiseas ar bun in earrach na bliana 2012 le go ndéanfar faireachán rialta, ar leibhéal na Comhairle Eorpaí, ar an dul chun cinn a dhéanann an Chomhairle maidir le bearta chun feabhas a chur ar an bhfás. Mar gheall ar an Seimeastar Eorpach agus go háirithe an gnáth-chruinniú mullaigh a bhí ag an gComhairle Eorpach san Earrach maidir le fás agus poist beidh deis ag an gComhairle Iomaíochas tuarascáil a thabhairt don Chomhairle Eorpach maidir leis an méid sin.

202. Tá sé beartaithe ag na hUachtaránachtaí scrúdú a dhéanamh ar an deis a d'fhéadfadh a bheith ann measúnú a dhéanamh ar na cleachtais náisiúnta lena ndéantar athchóiriú ar na cuideachtaí de chuid na Stát agus an éifeacht a bhíonn acu ar an Margadh Aonair a luacháil.

**An Margadh Aonair**

203. Tá an Margadh Aonair ar cheann de phríomhéachtaí an AE agus is bunchloch lánpháirtiú na hEorpa i gcónaí é. Is gá áfach é a chur in oiriúint ar bhonn leanúnach agus tuilleadh obair a dhéanamh air chun go mbainfear tairbhí breise amach anseo, go háirithe i ndáil le hachmhainneacht an Ríomh-Mhargaidh Aonair a chomhlíonadh. Tá an Margadh Aonair ilroinnte i réimsí éagsúla i gcónaí, rud a chuireann isteach ar ghnólachtaí, go háirithe ar na Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), agus ar thomhaltóirí. Beidh doimhniú an Mhargaidh Aonair trí dheireadh a chur leis na baic atá ann fós ina thosaíocht ag na hUachtaránachtaí agus fás agus poist á gcur chun cinn acu, go háirithe sna tionscail dhigiteacha agus líonra. Tá gá freisin le freagairt a thabhairt do dhúshláin nua i gcomhthéacs an domhandaithe. Déanfaidh na hUachtaránachtaí iarrachtaí ar leith an obair a thabhairt ar aghaidh agus ballchríoch a chur uirthi ar bhonn an chéad Ghníomh um an Margadh Aonair (SMA I) agus an dara Gníomh um an Margadh Aonair (SMA II), a thíolaic an Coimisiún i mí Aibreáin 2011 agus i mí Dheireadh Fómhair 2012 faoi seach, d'fhonn geilleagar sóisialta margaidh atá an-iomaíoch a thógáil de bhíthin fás atá cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Cuirfidh na hUachtaránachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin um an Margadh Aonair agus go mbeadh an feabhsú sin aonfhoirmeach. Déanfaidh siad an Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhtháthú an Mhargaidh Aonair a phlé, ar tuarascáil í ina ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le comhtháthú na margaí AE trí bhíthin an chomhchuibhithe agus an aitheantais fhrithpháirtigh araon.

204. Tá forbairt na hearnála seirbhísí thar a bheith tábhachtach do gheilleagar an AE ós rud é gurb ionann seirbhísí agus 70% de OTI an AE. Sa bhliain 2012 rinne an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach maidir le cur i bhfeidhm na Treorach Seirbhísí. Tá rún daingean ag na hUachtaránachtaí cur chun feidhme iomlán na Treorach um Sheirbhísí a chur chun cinn agus bealaí eile a shaothrú a bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí seirbhísí an AE leo.

*205.* Beidh sé ina mhór-thosaíocht teacht ar chomhaontú ar na codanna sin den phacáiste soláthair phoiblí atá fós gan réiteach (an Treoir maidir le Soláthar Poiblí Seirbhísí, an Treoir Earnála agus an Treoir Lámhaltas) chomh maith leis an Treoir maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochta gairmiúla, ar comhaontú é a d'iarr an Chomhairle Eorpach.

**Gnóthaí Tomhaltóirí**

206. Díreoidh na trí Uachtaránacht go speisialta ar leibhéal ard cosanta a chur chun cinn do thomhaltóirí agus beidh sé i gceist leis sin freisin feabhas a chur ar mhuinín an phobail as an margadh aonair agus an margadh inmheánach a atreisiú. Cuirfear tús leis an obair maidir leis na tograí atá le teacht a bhfuil sé d'aidhm leo an reachtaíocht atá ann cheana a leasú, sé sin an Treoir maidir le taisteal lánáirithe agus an Treoir maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí. Tabharfar tosaíocht freisin don Rialachán atá le teacht maidir le faireachas a dhéanamh ar an margadh. Beidh an obair maidir leis na tograí sin ag dul ar aghaidh le linn na tréimhse iomláine.

**Rialáil níos fearr**

207. Déanfaidh na trí Uachtaránacht Rialáil Níos Fearr ("Rialáil Chliste") a mheas mar thosaíocht leanúnach agus reachtaíocht ar cháilíocht níos fearr a bheidh bunaithe ar fhianaise á hiarriadh acu mar aon le beartais éifeachtúla a dhéanamh a mbeidh an t-ualach riaracháin is éadroime ag baint leo. Tá sé beartaithe, ar bhonn na taithí a fuarthas tráth a cuireadh chun feidhme an sprioc maidir leis na hualaigh riaracháin a eascraíonn as an reachtaíocht AE atá ann faoi láthair a laghdú de 25% , anailís a dhéanamh - i dteannta an Choimisiúin - ar an deis a d'fhéadfadh a bheith ann céimeanna breise a ghlacadh a mbeadh sé d'aidhm leo cur i bhfeidhm níos córasaí a bhaint amach maidir le réimse níos leithne de na hionstraimí rialála cliste. Ba cheart an t-ualach rialála foriomlán, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, a laghdú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

208. Tá na hUachtaránachtaí ag tnúth leis na tionscnaimh nua a d'fhéadfadh a theacht ón gCoimisiún maidir le rialáil níos fearr agus maidir le laghdú an ualaigh rialála fhoriomláin ar an leibhéal AE agus béim ar leith á leagan acu ar na FBManna agus ar na micreathionscadail.

**Beartas tionsclaíoch**

209. I bhfianaise an iomaíochais agus an fháis, ní mór don Eoraip leanúint de hearraí a tháirgeadh agus a onnmhairiú, seachas a bheith ag brath ar núáil agus ar allmhairí ón taobh amuigh. Dírítear leis an **mbeartas comhtháite tionsclaíochta Eorpach** nuashonraithe ar fhreagairt do riachtanais na staide eacnamaíochta atá ag athrú, agus na prionsabail a bunaíodh sa tionscadal suaitheanta seo, i.e. an núáil, an iomaíochas agus an infheistíocht sa saineolas a spreagadh agus ar éirí níos éifeachtúla ar acmhainní ag an am céanna agus dírítear leis freisin ar mhachaire réidh a ráthú sa Mhargadh Aonair agus ar na deiseanna gnó sna margaí domhanda a leathnú agus ar choimhlint agus costais idirbheart sa gheilleagar Eorpach a laghdú. Baineann an tábhacht chéanna do na hearnálacha aonair agus dá sainiúlacht féin maidir leis an staid domhanda, áfach. Tabharfaidh na hUachtaránachtaí aird leanúnach do dhul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail shuaitheanta agus do na pleananna gníomhaíochta do na hearnálacha ar leith, amhail na tionscail tógála, slándála, agus tógáil long, agus beidh sé d'aidhm léi sin bearta beartais lena dtugtar an méid is mó breisluacha a chur i bhfeidhm.

210. Is éard is **eochairtheicneolaíocht chumasúcháin** (KETanna) teicneolaíochtaí lena gcumasaítear an nuáil i bpróisis, in earraí agus i seirbhísí ar fud an gheilleagair. Tá na teicneolaíochtaí sin ildisciplíneach, baineann siad le go leor réimsí teicneolaíochta agus d'fhéadfadh cóineasú agus comhtháthú a bheith i gceist leo. Le teicneolaíocht KETS cuirtear ar chumas na gceannairí i raon leathan réimsí tairbhe a bhaint as a gcuid iarrachtaí sa taighde agus leas a bhaint as na hiarrachtaí sin le go mbeidh fás inbhuanaithe agus cruthú post mar thoradh díreach orthu. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird leanúnach do chur chun feidhme na Straitéise Eorpaí do na Teicneolaíochtaí Cumasúcháin (KETanna).

211. Bíonn ról tábhachtach ag **cnuasaigh** maidir leis an nuáil, le lucht taighde agus le daoine cruthaitheacha agus fiontair agus teicneolaíocht a bhailiú chun go gcruthófar táirgí nua agus seirbhísí nua don mhargadh domhanda agus chun go gcuirfear feabhas ar tharraingteacht na réigiún; tá gá le leanúint leis na hiarrachtaí sin le go gcuirfear deireadh leis na baic ar an gcomhar trasnáisiúnta idir na cnuasaigh agus le go spreagfar teacht chun cinn agus comhtháthú cnuasach iomaíoch den scoth ar fud na hEorpa. Féachfar ar an méid seo a leanas: iomaíochas tionsclaíoch agus nuáil san AE a chaomhnú trí chnuasaigh iomaíocha agus trí ghréasáin agus trí fhaireachán a dhéanamh ar na bearta ábhartha beartais.

212. Fairis sin, tá smaointe iarrtha ag an gCoimisiún maidir le bearta nua beartais a d'fhéadfadh a bheith ann agus maidir le réimsí nua a bhféadfaí díriú orthu sna **gníomhaíochtaí ó thaobh an éileamh de,** ar gníomhaíochtaí spriocdhírithe iad a dhéanfar amach anseo ar leibhéal an AE, chun go gcumasófaí roghnú na nuála ar bhonn níos tapúla agus cruthú timpeallachta níos fearr do chruthú na nuálaíochtaí - lena n-áirítear i réimse na héiceanuálaíochta - le go gcoimeádfaí an luach agus infheistíochtaí gnó san Eoraip. Déanfaidh na hUachtaránachtaí obair leantach maidir leis na tionscnaimh sin sa réimse sin.

**Fiontair bheaga agus mheánmhéide**

213. Maidir leis na FBManna, arb ionann iad agus 99% de na gnólachtaí san AE, is príomhthiomantóir iad maidir le fás eacnamaíoch, an núáil, an fhostaíocht agus an lánpháirtiú sóisialta. Is tosaíocht é glacadh an Rialacháin lena mbunaítear Clár chun feabhas a chur ar iomaíochas na bhfiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME). Tá COSME ag teacht leis an Straitéis Eoraip 2020 le haghaidh an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsitigh agus lena ndírítear ar neart a chur le hiomaíochas na FBManna. Le COSME cuirfear le haghaidh a chur ar na teipeanna margaidh atá os comhair na FBManna lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar rochtain ar mhaoiniú trí fheidhm a bhaint as na hionstraimí airgeadais tiomnaithe.

214. Leis an **Acht um Ghnólachtaí Beaga** (SBA), a seoladh sa bhliain 2008, cuireadh go mór leis an timpeallacht gnó a fheabhsú do na FBManna. Díreofar iarrachtaí amach anseo go príomha ar mhaorlathas a laghdú, ar rochtain ar mhaoiniú a éascú agus ar thacú le rochtain na ngnólachtaí ar mhargaí nua agus díreofar ar fhiontraíocht a spreagadh. Áiritheoidh na hUachtaránachtaí go ndéanfar an faireachán is gá ar an tionscnamh agus go ndéanfar an obair leantach ina dhiaidh sin, agus cuirfidh siad gné réigiúnach an tionscnaimh san áireamh freisin. Áiritheoidh na hUachtaránachtaí freisin go ndéanfar an obair leantach is gá maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Fiontraíochta atá le seoladh ag an gCoimisiún ag tús na bliana 2013.

**Taighde agus nuáil**

215. Is príomhchlár cistithe AE é Fís 2020, a dtugtar tacaíocht léi do na hiarrachtaí i leith an fháis agus na nuála faoi chuimsiú na Straitéise Eoraip 2020, an tionscnaimh shuaitheanta Aontas na Nuála agus Chreat an Limistéir Eorpaigh Thaighde (LET). Is freagairt don iarraidh ó na rannpháirtithe iad na hiarrachtaí comhchuibhithe sna Rialacha Rannpháirtiochta ar iarraidh í go dtabharfar aghaidh ar chastacht na nósanna imeachta riaracháin agus ar easpa comhsheasmhachta sna rialacha a ghabhann leis na hionstraimí. D'iarr an Chomhairle an simpliú i dtéarmaí láidir freisin, agus tá sé iarrtha ag an ngrúpa ardleibhéil airí maidir le simpliú go háirithe. Tá cur i gcrích an phacáiste Fís 2020 ina phríomhthosaíocht ag na hUachtaránachtaí, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, le go réiteofar an bealach chun go gcuirfear tús leis an gclár nua ag tús na bliana 2014. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na hUachtaránachtaí iarracht freisin teacht ar réitigh iomchuí don chlár Euratom agus maidir leis an méid a chuireann an Eoraip leis an tionscnamh idirnáisiúnta comhtháthaithe **Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiunta** (ITER).

216. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird shonrach do ghlacadh na dtograí a bhaineann leis an **Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** (EIT). Cuireann an EIT le cuspóir ginearálta Fís 2020 agus le fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus iomaíochas na hEorpa trí chumas nuálá an AE agus na mBallstát a atreisiú. Taispeántar sa chéad mheasúnú a rinneadh ar an EIT go dtacaítear go mór lena príomhchoincheap eadhon triantán an eolais a chomhtháthú sa chaoi go dtugtar taighde, oideachas agus nuáil den scoth le chéile sna Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna).

217. Tá iarrtha ag an gComhairle Eorpach go gcuirfear an **Limistéar Eorpach Taighde** (LET) i gcrích faoi 2014 le go gcruthófaí fíormhargadh aonair don eolas, don taighde agus don nuáil. Go mórmhór, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh feabhas a chur ar shoghluaisteacht agus ionchais ghairme na dtaighdeoirí, ar shoghluaisteacht na mac léinn iarchéime agus ar tharraingteacht na hEorpa do thaighdeoirí eachtracha. I mí Iúil 2012 glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás" a bhfuil athchóiriú agus gníomhartha molta inti maidir le córais náisiúnta taighde atá níos éifeachtaí, le comhar agus iomaíochas trasnáisiúnta den scoth, le margadh oscailte do thaighdeoirí, le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne agus le traschur barrmhaith an eolais eolaíochta a bhaint amach. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird leanúnach do chur chun feidhme agus d'obair leantach an tionscnaimh sin.

218. Faoi chuimsiú an méid sin, áiritheoidh na hUachtaránachtaí freisin go ndéanfar an obair leantach is gá maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún "**Comhar idirnáisiúnta an AE a fheabhsú agus a dhíriú sa taighde agus sa nuálaíocht: Cur chuige straitéiseach**." Tá gá le bheith rannpháirteach ar bhonn níos straitéisí sa chomhar le tríú tíortha san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuáil, mar mhodh chun cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach, agus, go háirithe, chun neart a chur le sármhaitheas agus tarraingteacht an Aontais sa taighde agus sa nuáil, chun a iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch a chaomhnú agus chun dul i ngleic, as láimh a chéile, in éineacht leis an gcuid eile den domhan, leis na dúshláin chomhchoiteanna shochaíocha. Déanfaidh na hUachtaránachtaí a ndícheall a áirithiú go mbeidh gné idirnáisiúnta na heolaíochta, na teicneolaíochta, agus na nuála ina gné thábhachtach i gcónaí d'fhorbairt an Limistéir Eorpaigh Thaighde, le go gcuirfear barr feabhais éifeachtúlachta ar an gcomhar idirnáisiúnta maidir leis na bearta agus ionstraimí ERA uile is ábhartha agus maidir le Fís 2020 ar fad freisin.

219. Tá sé curtha in iúl go láidir ag an gComhairle gur gá go mbeadh sainordú soiléir ag na **Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuáil** (CENanna), a thábhachtaí atá sé go mbeadh baint ag na Ballstáit leo agus gur gá barr feabhais éifeachtúil a chur ar na hionstraimí atá ann cheana. Caithfidh an Chomhairle faireachán rialta a dhéanamh d'fhonn cuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach mar aon leis na spriocanna sonracha atáthar le socrú bliain ar bhliain. Coimeádfaidh na hUachtaránachtaí an tsaincheist sin ar an gclár oibre de réir mar is gá, chun faireachán cuí a áirithiú, agus coimeádfaidh siad air freisin na cinntí polaitiúla is gá a dhéanamh maidir leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuáil a bheidh ann amach anseo, ar cinntí iad a dhéanfar sul a sheolfar na comhpháirtíochtaí sin.

220. Maidir le hanailís a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar sa réimse TF ar leibhéal an Aontais agus maidir le leagadh síos na dtosaíochtaí agus breithniúchán a dhéanamh ar na roghanna éagsúla beartais, tá cur chuige atá bunaithe ar fhianaise thar a bheith tábhachtach do dhéanamh beartas. Beidh ról tábhachtach maidir leis sin ag an athbhreithniú ar an tionscnamh suaitheanta Aontas na Nuála agus ag an togra le haghaidh **táscaire chomhtháite aonair** ("Príomhtháscaire maidir le Nuálaíocht") a mbeadh faireachán níos fearr ar an dul chun cinn sa nuáil mar thoradh orthu, rud a d'iarr an Chomhairle Eorpach. Is éard atá i gceist leis an bPríomhtháscaire maidir le Nuálaíocht eolas a chur ar fáil maidir le cumas geilleagair poist ar ardcháiliocht a chruthú agus a choimeád in earnálacha eacnamaiocha a bhfuil todhchaí mhaith i ndán dóibh i dtéarmaí na nuála, an fháis agus na fostaíochta. Aithníonn na hUachtaránactaí iarrachtaí an Choimisiúin córas faireacháin a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn agus cur lena fhorbairt, ar córas é maidir leis an dul chun cinn a dhéantar i leith an Limistéir Eorpaigh Thaighde agus i leith geilleagair a bheidh bunaithe ar fhianaise, agus tabharfaidh siad aird ar leith don fhaireachán a dhéantar maidir leis sin.

**Maoin intleachtúil**

221. Agus iad ag tógáil ar na torthaí a baineadh amach sa bhliain 2013, tá na trí Uachtaránacht tiomanta do fheabhas a chur ar an **gcóras paitinní** go háirithe do na fiontair bheaga agus mheanmhéide, tríd an gcomhaontú agus an rialachán maidir le chruthú na cosanta don phaitinn aonadach a chur chun feidhme rud a bheidh éifeachtúil ó thaobh costais de agus a mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ag baint léi. Ba cheart go mbeadh na chéad phaitinní nua aonadach ar fáil sa bhliain 2014. Is mórthosaíocht é sin faoin straitéis Eoraip 2020 le haghaidh na fostaíochta agus an fháis.

222. Beidh sé mar thosaíocht eile na cúinsí is gá a chruthú le haghaidh samhlacha nua gnó a dhéanamh a mbeidh rochtain dhlisteanach ar shaothair Phrótacal Idirlín (PI) - cosanta feadh an AE ag baint leo, tosaíocht a mbeidh obair leantach maidir le glacadh na gcomhrialacha a bhaineann le saothair dílleachtacha a chosaint mar chuid di. Díreofar anois ar obair a dhéanamh ar **bhainistiú chearta comhchoiteann (cóipcheart**), agus díreofar ar dhá rud léi siúd: rialacha ginearálta le haghaidh feidhmiú na gcumann uile bailithe agus rialacha sonracha lena ndírítear ar cheol ar líne a cheadúnú d'fhonn an margadh aonair digiteach a chaomhnú agus tuilleadh seirbhísí trasteorann a sholáthar do thomhaltóirí feadh an AE.

223. Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht an Rialachán maidir leis an Trádmharc Comhphobail a uasghrádú, barr feabhais a chur air agus é a nuachóiriú mar aon leis an Treoir lena ndéantar na rialacha náisiúnta trádmhairc a chomhfhogasú, agus comhar feabhsaithe a bhunú idir an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OCMI) agus na hoifigí náisiúnta trádmhairc, agus é de chuspóir leis sin an córas trádmhairc san Eoraip a dhéanamh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí.

224. Oibreoidh na trí Uachtaránacht le go gcuirfear neart le cosaint na gceart maoine intleachtúla (CMI) laistigh den AE tríd an gcreat ábhartha rialála a nuashonrú agus a atreisiú agus trí bharr feabhais a chur ar na cleachtais forfheidhmithe.

**An tAontas Custaim**

225. Leanfaidh na trí Uachtaránacht d'obair a dhéanamh ar ghlacadh an Rialacháin maidir le Cód Custaim an Aontais, d'fhonn na dlíthe custaim a shimpliú agus a nuachóiriú agus d'fhonn tacú le hiomaíochas eacnamaíoch agus fás san Aontas.

226. Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht glacadh an Rialacháin Custaim 2020 a thabhairt chun críche, d'fhonn maoiniú don chomhar custaim a áirithiú idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, na tíortha is iarrthóir, na tíortha is iarrthóir ionchasacha agus tríú tíortha. Leanfaidh na trí Uachtaránacht d'obair a dhéanamh ar ghlacadh an Rialacháin lena leasaítear na rialacha le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaí drugaí idir an Comhphobail agus tríú tíortha **agus ar ghlacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán CE Uimh. 273/2004 maidir le réamhtheachtaí drugaí**. Leanfar freisin d'obair a dhéanamh ar na tograí le haghaidh leasuithe a dhéanamh ar rialacháin lena rialaítear cúnamh frithpháirteach idir údaráis custaim na mBallstát.

227. Ar an leibhéal iltaobhach, beidh na trí Uachtaránacht ag plé le tionscnaimh arna ndéanamh ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim. Tar éis chur i gcrích an Phrótacail maidir le trádáil neamhdhleathach i dtáirgí tobac ag deireadh 2012, ba cheart caibidlíocht a dhéanamh maidir le comhaontuithe tábhachtacha leis na páirtithe móra trádála d'fhonn ábhair imní slándála agus bearta éascaithe trádála a chothromú, agus ba cheart na comhaontuithe sin a thabhairt chun críche.

228. Tar éis theacht i bhfeidhm na rialachán lena leasaítear forfheidhmiú na gceart intleachta ag na custaim cuirfear tús le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Custaim nua an AE do na blianta 2013-2016. Faoi chuimsiú obair leantaí maidir le tionscnaimh Chomhpháirtíocht an Oirthir, is dóchúil go ndéanfaidh an Chomhairle plé le linn na tréimhse 18 mí ar straitéis le haghaidh comhair leis an Úcráin, an Mholdóiv, an tSeoirsia, an Airméin, an Asarbaiseáin agus an Bhealarúis sa réimse chustaim.

229. Fairis sin, oibreoidh na trí Uachtaránacht ar an Treoir maidir le píonóis chustaim d'fhonn go nglacfar go tráthúil é.

**Dlí na gcuideachtaí**

230. Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht an pacáiste iniúchóireachta (leasú ar an 8ú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí i ndáil le hiniúchóireacht reachtúil agus an Rialachán maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil a dhéanamh ar na heintitis leasa phoiblí) ar pacáiste é lena n-iarrtar muinín a athchur san iniúchóireacht a dhéantar san AE. Iarrfaidh siad freisin ballchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir le hathchóiriú Threoir 4 agus Threoir 7 maidir le Dlí na gCuideachtaí (Cuntasóireacht) .

231. Déanfaidh na trí Uachtaránacht iarrachtaí freisin an chaibidlíocht maidir leis an Reacht um Fhondúireacht Eorpach (FE) a thabhairt ar aghaidh. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag na trí Uachtaránacht obair a dhéanamh ar na tionscnaimh a bheidh ann amach anseo a chuirfidh an Coimisiún isteach laistigh den phróiseas "Athmhachnamh a dhéanamh ar Dhlí na gCuideachtaí san Eoraip" lena ndírítear ar Dhlí na gCuideachtaí mar atá faoi láthair a shimpliú agus a nuachóiriú tuilleadh agus ar fheabhas a chur ar Rialachas Corparáideach.

**Iomaíochas**

232. Tá pacáiste leathan fógartha ag an gCoimisiún maidir le Nuachóiriú ar Státchabhair ar pacáiste é lena ndírítear ar bharr feabhais a chur ar na rialacha, luas a chur le déanamh na gcinntí agus díriú ar fhorfheidhmiú maidir le cásanna a mbíonn an éifeacht is mó acu ar an margadh inmheánach agus tá sé i gceist leis an méid sin an fás a chaomhnú i margadh inmheánach a bheidh diminiciúil agus iomaíoch. Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht na tograí a bhfuiltear ag súil leo faoi chuimsiú chreata an phacáiste sin a ghlacadh, eadhon leasú a dhéanamh ar na Rialacháin Nós Imeachta agus Cumasúcháin (Rialachán 659/1999 ón gComhairle agus Rialachán 994/1998 ón gComhairle). Tabharfar aird freisin do na tionscnaimh earnála faoina chuimsiú sin, amhail an leasú ar Chreat an Chomhphobail le haghaidh Cúnaimh Stáit don taighde, don fhorbairt agus don nuáil.

233. Díreoidh an trí Uachtaránacht a gcuid iarrachtaí freisin at an togra a bhfuiltear ag súil leis maidir le caingne chun cúiteamh a ghnóthú lena ndírítear ar chúiteamh a bhaint amach do thomhaltóirí agus gnólachtaí a bhíonn thíos mar gheall ar shárú rialacha an AE in aghaidh trustaí. Déanfaidh na trí Uachtaránacht a ndícheall freisin an comhaontú comhair le Ceanada a bhfuiltear ag súil leis a thabhairt chun críche faoi dheireadh a dtréimhse.

**Comhchuibhiú teicniúil**

234. I réimse an chomhchuibhithe theicniúil leanfaidh an Chomhairle d'obair a dhéanamh i leith ghlacadh na naoi dtograí - amhail na tograí maidir le treoracha i ndáil le hearraí piriteicniúla, ardaitheoirí nó ionstraimí tomhais - sa chaoi is go gcuirfear na treoracha sin in oiriúint don Chreat Reachtach Nua. Leanfar ar aghaidh leis an obair ar an togra maidir le hárthaigh chaitheamh aimsire agus maidir leis an togra a bheidh ann amach anseo maidir le trealamh teicniúil do raidió agus teileachumarsáid. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird ar leith freisin do na tograí maidir le comhchuibhiú mótarfheithiclí, go háirithe na tograí maidir le leibhéil fuaime, eCall agus aistríu cláraithe, chomh maith leis an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an gcreat-treoir maidir le cineálcheadú.

**An Spás**

235. Tá gá le beartas soiléir tionsclaíoch don earnáil spáis a shainmhíniú d'fhonn uallmhianta polaitiúla an Aontais agus sainiúlachtaí eacnamaíocha na hearnála spáis a thabhairt chun réitigh. Tá tábhacht straitéise ag baint le tionscal an spáis toisc go mbraitheann sí ar mhaoiniú poiblí agus toisc go bhfuil iomaíochas domhanda an tionscail ag méadú ar an margadh tráchtála. Ta sé bunriachtanach gníomhaíochtaí a leagan amach le go gcuirfear feabhas ar na coinníollacha creata do thionscal spáis na hEorpa agus le go sainmhíneofar cuspóirí soiléire beartais do na gníomhaíochtai spáis, d'fhonn neart a chur le hiomaíochas an tionscail agus cur le rannpháirtiú cothrom na gcumas san Eoraip. Tacóidh na hUachtaránachtai le sainmhíniú agus cur chun feidhme beartais thionsclaíoch don earnáil spáis, mar chuid dhílis de bheartas spáis an AE.

236. Is tionscadal suaitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh é **Faireacháin Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil** (GMES) agus tá sé thar a bheith tábhachtach maidir le neamhspleáchas agus féinriail na hEorpa. Le GMES tairiscítear acmhainneacht eacnamaíoch ollmhór, lena gcruthófaí poist, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus deiseanna gnó i dtionscail éagsúla agus in earnáil na seirbhísi chomh maith. Tá sé bunriachtanach don Eoraip córas marthanach agus iontaofa bhreathnadóireacht na Cruinne dá cuid féin a fhorbairt d'fhonn cur le feabhas a chur ar an fhreagairt a thugann sí do na dúshláin atá ag méadú de shíor maidir le sábháilteacht dhomhanda agus athrú aeráide. Déanfaidh na trí Uachtaránacht a ndícheall teacht ar réitigh mhaithe, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, chun oibriú iomlán an chláir faoi 2014 a áirithiú.

237. Is gníomhaíocht í an **Faireachas ar an Spás (SSA)** atá bunriachtanach do chosaint na gcóras agus an bhonneagair spásbhunaithe ar na rioscaí lena mbagraítear an bonneagar Spáis ar bhonn méadaitheach, ar rioscaí iad amhail guaiseacha de dhéanamh an duine (imbhuailtí le spásárthaí eile nó le smionagar spáis le linn oibríochtaí seolta agus oibríochtaí in-fhithise) nó fairis sin satailítí neamhrialaithe neamhghníomhach nó smionagar spáis a théann isteach i bhfithis na Cruinne an athuair arb ionann iad agus guais mhéadaitheach maidir le slándáil saoránach na hEorpa a bhfuil gá le measúnú a dhéanamh uirthi agus í a laghdú (go háirithe trí thuartha níos fearr a dhéanamh maidir leis an am agus leis an áit a bhféadfadh réad den sórt sin titim chun talún agus imbhualadh léi). Is díol spéise don AE féin é teacht chun cinn chumas SSA a áirithiú ar an leibhéal Eorpach d'fhonn cosaint an bhonneagair spáis agus talún ar leis fein é a áirithiú (leithéid Galileo nó EGNOS) nó a bhfuil sé ag brath air. Áiritheoidh na trí Uachtaránacht, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, go nglacfar, in am trátha, an togra le haghaidh Rialacháin maidir le seirbhísí Faireacháin agus Rianú Spáis (SST) a bhunú ar an leibhéal Eorpach agus maidir le hoibríochtaí a bhaineann leo.

**Turasóireacht**

238. Leanfaidh na hUachtaránachtaí leis an obair a rinne na hiar-Uachtaránachtaí maidir le turasóireacht inbhuanaithe agus iomaíoch a chur chun cinn agus maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an turasóireacht a chomhtháthú ar bhonn níos fearr sna beartais éagsúla. Tabharfar aird freisin do na tionscnaimh lena gcuirtear le séasúracht na turasóireachta a shárú. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí mar a leagtar amach iad sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "An Eoraip, príomhcheann scríbe turasóireachta an domhain, creat polaitiúil nua don turasóireacht san Eoraip".

239. Maidir leis an méid sin, tabharfaidh na hUachtaránachtaí aird chuí d'aon tograí ón gCoimisiún, lena n-áirítear tograí maidir le Lipéad Eorpach maidir le Cáilíocht Turasóireachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

## IOMPAR, TEILEACHUMARSÁID AGUS FUINNEAMH

### SAINCHEISTEANNA LEATHANA

240. Nuair a bheifear ag druidim le meántéarma chur chun feidhme na Straitéise Eoraip 2020, áiritheoidh na hUachtaránachtaí go leanfaidh an Chomhairle TTE (Iompar, Teileachumarsáid Agus Fuinneamh) de chur le baint amach spriocanna na straitéise chomh maith leis na sprioc-amanna a leag an Chomhairle Eorpach síos le haghaidh chur i gcrích Mhargadh Inmheánach an Fhuinnimh agus an Ríomh-Mhargaidh Aonair. Sainaithneofar tionscnaimh nua a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an straitéis a chur i gcrích agus seolfar iad chun go saothrófaí Eoraip a bheadh comhnásctha ina hiomláine thar na teorainneacha agus thar na gréasáin. Agus an méid sin á dhéanamh acu, déanfaidh na hUachtaránachtaí iarracht tógáil ar na sineirgí idir na trí earnáil, mar shampla i gcás feidhm a bhaint as bonneagar agus i gcás slándála criticiúla bonneagair.

241. Faoi chuimsiú an méid dá ngairtear "an táscaire aschur táirgeachta" a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh an Coimisiún ar chlár é faoi chuimsiú an réimse nuála agus thaighde roimh dheireadh 2012, ba cheart go ndéanfaí faireachán sistéamach ar an gcumas atá ag na hearnálacha TTE uile an fás agus an nuáil a chruthú agus ba cheart go mbeadh sé i gceist leis sin na réimsí sin a thagarmharcáil le hearnálacha eile.

**IOMPAR**

242. Le linn 18 mí Uachtaránacht na hÉireann, Uachtaránacht na Liotuáine agus Uachtaránacht na Gréige, beidh tús áite ar an gclár oibre iompair ag inbhuanaitheacht nascachta, slándáil agus sábháilteacht modhanna, iomaíocht chothrom agus rochtain chothrom ar an margadh, na teicneolaíochtaí nua agus soghluaisteacht. Le linn na tréimhse ama sin, tabharfar obair ar aghaidh ar bhonn gníomhach i dtaca le togra le haghaidh Rialacháin maidir leTreoirlínte TEN-T agus i dtaca leis an togra le haghaidh CEF ("*an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa*") - a bhaineann go dlúth leis an bplé a dhéantar ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil - chomh maith leis an obair maidir leis an bpacáiste aerfoirt, an bpacáiste iompair mhuirí, an bpacáiste bótharacmhainneachta, na tograí maidir le hiompar de bhóthar iarainn agus iompar lasta agus trácht earraí idir calafoirt an AE agus an Aerspás Eorpach Aonair.

**Saincheisteanna cothrománacha**

243. Tabharfaidh na hUachtaránachtaí aird ar leith don togra le haghaidh Rialacháin maidir le Treoirlínte TEN-T lena leagtar síos bunrialacha le haghaidh forbairt, beartú agus maoiniú an bhonneagair iompair san AE a bheidh oiriúnach don fheidhm i gcás margaidh aonair. Tá dlúthbhaint ag an togra sin leis an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) lena leagtar síos na critéir, na coinníollacha, na modhanna agus na nósanna imeachta maidir le tacaíocht an AE le gréasáin tras-Eorpacha (iompar, teileachumarsáid agus fuinneamh).
244. Seolfar obair maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus an togra reachtach maidir le Córais Iompair Ghlain a mbeidh straitéis chomhsheasmhach fhadtéarma ag gabháil léi maidir le hionadaíocht ar mhórscála a dhéanamh ar ola le breoslaí malartacha sa chóras iomlán iompair. Ba cheart go ndéanfaí measúnú léi sin ar stádas agus gnéithe na gcóras glana, ag díriú ar theicneolaíochtaí malartacha breosla amhail feithiclí leictreacha, cillíní hidrigine/breosla, bithbhreoslaí, gás nádúrtha agus breoslaí sintéiseacha.

245. Déanfar obair maidir le GALILEO d'fhonn an chéim shaothraithe a ullmhú agus díriú ar Lánchumas Oibríochtúil ( FOC) GALILEO a ghnóthú sna blianta atá amach romhainn. Déanfaidh na trí Uachtaránacht scrúdú ar na tograí éagsúla faoina chuimsiú sin, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialacháin maidir le cur chun feidhme agus saothrú chórais loingseoireachta satailíte na hEorpa (Galileo agus EGNOS), an togra le haghaidh Rialacháin maidir le feidhmeanna na Gníomhaireachta GNSS agus an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear córas dliteanas tríú páirtí do chórais loingseoireachta satailíte an AE.

**Eitlíocht**

246. Saothróidh na trí Uachtaránacht caiblidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí thogra sa "phacáiste aerfoirt". an Rialachán Sliotán lena n-iarrtar na sásraí leithdháilte sliotán a léirscaoileadh; an Treoir Sheirbhís ar an Talamh, lena n-iarrtar na nósanna imeachta a dhaingniú maidir le seirbhísí ar an talamh a sholáthar ag aerfoirt agus maidir le freagracht na soláthróirí seirbhísí; agus leasú na Treorach maidir leis na srianta oibrithe a bhaineann le fuaim lena n-iarrtar an éifeacht dhiúltach a bhíonn ag eitleáin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol a laghdú.
247. Beidh na trí Uachtaránacht ag plé freisin leis an togra lena ndírítear ar neart a chur le cearta paisinéirí aeir agus ar na cearta sin a chosaint tuilleadh. Thairis sin, beidh siad ag plé le togra chun an Treoir maidir le tuairisciú ar theagmhais san eitlíocht shibhialta a athmhúnlú chun go gcuirfear cosc ar thimpistí trí thuilleadh faisnéise ar theagmhais eitlíochta sibhialta a bhailiú agus a anailísiú.
248. Cuirfear tús le hobair maidir le pacáiste Aerspáis Eorpaigh Aonair II + (An Teachtaireacht, an Rialachán maidir le hAerspás Eorpach Aonair, an Rialachán EASA) le go dtabharfaí aghaidh ar fheidhmíocht an tsoláthair seirbhísí i loingseoireacht aeir go háirithe.

**Iompar de thalamh**

249. Maidir le saincheisteanna bóthair, leanfaidh na trí Uachtaránacht de bheith ag obair ar an togra le haghaidh Rialacháin maidir leis an tacagraf chun feabhas a chur ar shlándáil an chórais (an chalaois agus mí-ionramháil an tacagraif a laghdú) chun na costais riaracháin a laghdú agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht rialú an chórais. Déanfaidh na trí Uachtaránacht scrúdú freisin ar na trí thogra sa phacáiste "Bótharacmhainneachta" lena bpléitear le tástálacha tréimhsiúla bótharacmhainneachta do mhótarfheithlicí agus dá gcuid leantóirí, le cigireacht theicniúil a dhéantar cois bóthair ar fheithiclí tráchtála a bhíonn ar chúrsaíocht san Aontas agus leis na doiciméid chlárúcháin is ábhartha maidir le feithiclí d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht na mbóithre agus ar chosaint an chomhshaoil.

250. Fairis sin, tabharfaidh siad aghaidh ar an obair maidir leis an togra le haghaidh leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le meáchain agus toisí lena ndírítear ar fheabhas a chur ar ghnéithe aeraidinimice trucailí agus ar a gcuid toisí a athrú. Déanfaidh siad scrúdú freisin ar an "bpacáiste do mhargadh an bhóthar inmheánaigh" lena n-áirítear tograí reachtacha maidir le cabatáiste (rochtain ar an margadh tarlaithe bhóthair agus rochtain ar an ngairm beatha oibreoir tarlaithe bhóthair), ar na híosrialacha maidir le smachtbhannaí agus ar a gcur chun feidhme in iompar tráchtála de bhóthar agus ar chórais ghearrtha táillí d'fheithlicí earraí troma. Leis an tionscnamh sin díreofar ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht eacnamaíochta agus comhshaoil i ndáil le hiompar fartha bóthair agus ar mhachaire níos réidhe a chruthú.
251. Maidir le hiompar d'iarnród, déanfaidh na trí Uachtaránacht scrúdú ar roinnt mhaith tograí a áiritear sa "Ceathrú pacáiste iarnróid" lena ndírítear ar an margadh paisinéirí, ar thairiscint seirbhísí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO), ar shlándáil iarnróid agus ar idir-inoibritheacht a oscailt tuilleadh, a bhainistiú níos fearr agus a dheighilt níos fearr, agus déanfaidh siad scrúdú ar leasú an Rialacháin ERA (an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid) chomh maith.

**Iompar Muirí**

252. Tá scileanna agus cáilíochta maraithe in uiscí na hEorpa ina gcuid dhílis de bheartas muirí an AE. Maidir leis sin, saothróidh na hUachtaránachtaí an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste reachtaíochta a bhaineann le gné shóisialta an loingis ("Pacáiste maidir le Clár Oibre Muirí Sóisialta") lena gcumhdaítear "gné dhaonna" an iompair mhuirí agus forfheidhmiú an Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí (MLC) a ghlac an Eagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (ILO) sa bhliain 2006. Áirítear leis an bpacáiste sin togra lena leasaítear an Treoir maidir le rialú calafort ag an Stát agus Togra le haghaidh Treorach maidir le freagrachtaí an Bhallstáit a bhfuil a bhratach ar foluain ar an soitheach, lena ndíritear ar dhul go tapa chuig daingniú mear an MLC ag Ballstáit an AE agus chuig glacadh luath na bhforálacha, bunaithe ar chomhaontú na bpáirtithe sóisialta maidir lena bpríomhghnéithe a chur chun feidhme i ndlí an AE agus forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha nua a áirithiú.

253. Táthar ag súil leis go gcuirfear isteach roinnt mhaith tograí nua a bhfuil se d'aidhm leo feabhas a chur ar chur chun feidhme na Straitéise Eorpaí maidir le hIompar Muirí. Sa chás sin cuirfidh na trí Uachtaránachtaí tús leis an obair maidir leis na tograí ón gCoimisiún ina bpléitear leis an leasú ar an Rialachán maidir le Cistiú don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA ) (cistiú ilbhliantúil do ghníomhaíochtaí EMSA, a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)). an Treoir um threalamh muirí (lena mhéadaítear deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht na reachtaíochta atá ann faoi láthair); sábháilteacht long paisinéirí, feabhas a chur ar chúinsí sábháilteachta do shoithí paisinéirí atá páirteach i muiraistir idirnáisiúnta nó baile; agus leasú na Treorach maidir le Faireachán ar Thrácht Soithheach (barr feabhais a chur ar an gcóras SafeSeaNet de chuid an AE trí fheidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach chun timpistí agus truailliú farraige a chosc). D'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach tograí maidir le léirscaoileadh na seirbhísí calafort freisin le linn na tréimhse 18 mí.

**TEILEACHUMARSÁID**

254. Éascóidh na trí Uachtaránacht an dul chun cinn mear a bheidh de dhíth chun an Clár Oibre Digiteach don Eoraip a chur i bhfeidhm, ar clár é lena gcuirfear dinimiceas nua ar fáil don gheilleagar Eorpach, chomh maith le sochair do bhaill uile na sochaí trí ghréasáin shlána agus faisnéis shlán agus cosaint sonraí, muinín agus príobháideachas á n-áirithiú. Beidh na céimeanna atá le glacadh chun go mbeidh an Ríomh-Mhargadh Aonair ag feidhmiú go hiomlán faoi 2015 an-ábhartha. Beidh iarrachtaí de dhíth maidir leis sin i dtéarmaí bonneagair agus creata rialála araon.
255. Maidir le bonneagar, saothrófar ar bhonn na práinne cur i gcrích agus cur chun feidhme mhear na dtreoirlínte maidir le bonneagar teileachumarsáide le go soláthrófar na gréasáin agus na cláir sheirbhísí a bheidh i gceist leis an gClár Oibre Digiteach. Tabharfar tacaíocht bhreise don méid sin le tionscnaimh maidir le feidhm a bhaint as leathanbhanda, go háirithe le go laghdófar na costais maidir le rochtain ar an gcéad ghlúin eile de ghréasáin [leathanbhanda ar ardluais].
256. Bac eile a d'fhéadfadh a bheith ann is ea an speictream teoranta raidió atá ar fáil chun dul i ngleic leis an éileamh méadaitheach ó earnálacha amhail earnáil an iompair agus earnáil an fhuinnimh agus úsáid ag an earnáil teileachumarsáide chomh maith. Ag tógáil ar Chinneadh 2012 maidir leis an gClár don Bheartas Speictream Raidió mar sin, tacóidh na hUachtaránachtaí le tionscnaimh lena gcuirtear le scaoileadh na hacmhainne sin, amhail na céimeanna a leagtar amach sa Teachtaireacht 2012 maidir leis an rochtain ar speictream a roinnt.

257. Is réamhriachtanas é an mhuinín le go mbeidh rath ar mhargadh digiteach diminiciúil agus ar úsáid ghinearálta idirlín; tá an chaibidlíocht maidir leis an Treoir mhéadaithe Ríomhshíniú lena soláthraítear creat do shainaithint agus fíordheimhniú Leictreonach le tabhairt chun críche go pras, dá bhrí sin. Sa chaoi chéanna, cuirfear go mór le hábhar digiteach le rochtain níos fusa agus níos leithne ar eolas poiblí, rud a chuirfidh le glacadh na Treorach nuashonraithe maidir le hathúsáid na faisnéise earnála poiblí. Má tá rochtain ar sheirbhísí idirlín le bheith tairbheach do chách, ba cheart go n-áireofaí daoine atá faoi mhíchumas léi agus go dtógfaí ar litearthacht fheabhsaithe dhigiteach; éascóidh na hUachtaránachtaí glacadh luath na n-ionstraimí ábhartha.

258. Chun go leanfar, le Plean Gníomhaíochtaí Ríomhsheirbhísí Rialtas 2011-2015, de chur le méadú éifeachtúlacht agus éifeachtacht riarachán poiblí i dtimpeallacht dhigiteach atá ag athrú go tapa, éascóidh na hUachtaránachtaí athbhreithniú air, agus leasú air más gá.

259. Is riosca trasearnála atá ag méadú go tapa é an bhagairt ón gcibear, a bhfuil éifeacht aici ar earnálacha nach earnálacha teileachumarsáide iad agus ar riosca é a gcaithfear aghaidh a thabhairt air ar leibhéal an AE má táthar chun muinín as an ngeilleagair dhigiteach a choimeád chomh maith le hathléimneacht agus iontaoibh na ngréasán agus an bhonneagair chriticiúil. Cuirfidh na hUachtaránachtaí, dá bhrí sin, ballchríoch ar an obair maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasán agus Faisnéise (ENISA) a rachaidh a sainordú in éag i mhí Mheán Fómhair 2013, agus déanfaidh siad a áirithiú go ndéanfar obair leantach, a bheidh beacht agus tapa, maidir leis an Teachtaireacht i ndáil le cibear-shlándáil agus maidir le tograí ábhartha a bhaineann le bearta slándála.

260. Toisc gur ar an leibhéal náisiúnta a rialaítear an tsochaí faisnéise agus go bhfuil oibriú an rialála sin ag méadú, bíodh sin le haghaidh rialú an idirlín nó bainistithe speictrim raidió, oibreodh na hUachtaránachtaí i leith cur chuige AE a ghnóthú i bhfóraim idirnáisiúnta ar cur chuige é a bheidh níos comhsheasmhaí agus níos sofheicthe.

**FUINNEAMH**

261. Chun go gcuirfear comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha na Straitéise Fuinnimh 2020 chun feidhme, chun go dtabharfaí an margadh inmheánach chun críche ina iomláine, agus chun go n-áiritheofaí nach mbeidh aon Bhallstát scartha amach ó na gréasáin Eorpacha gáis agus leictreachais i ndiaidh 2015, tabharfaidh na hUachtaránachtaí ardtosaíocht do na "trí Sanna", Cinnteacht an tSoláthair, Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht tháirgeadh agus úsáid an fhuinnimh, agus meabhróidh siad dóibh tionchar deimhneach bheartas fuinnimh an AE ar an iomaíochas, ar an bhfás agus ar an fhostaíocht. Maidir leis sin beidh an pacáiste um an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ina príomhthosaíocht. Agus aghaidh á tabhairt acu ar na blianta i ndiaidh 2020, oibreoidh na hUachtaránachtaí ar thionscnaimh lena gcabhraítear le gné fhad-téarmach a thabhairt don infheistíocht san fhuinneamh.

262. Maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh, taispeántar leis an measúnú is déanaí a rinneadh go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí  a dhéanamh chun na cóid ghréasáin atá de dhíth a ghlacadh agus chun an tríú pacáiste don Mhargadh Inmheánach a chur chun feidhme gan tuilleadh moille. Chuige sin, oibreoidh na hUachtaránachtaí i leith Plean Gníomhaíochta a mbeidh na geallsealbhóirí uile rannpháirteach ann a fhormheas go pras, [6] chun a áirithiú go soláthróidh margadh an fhuinnimh sochair an Phlean do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí chomh maith agus go dtabharfar na comharthaí iomchuí maidir le praghsanna do lucht na hinfheistíochta. Tabharfar aird ar leith do thionscnaimh lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar (réigiúnach) idir na Ballstáit, go háirithe nuair a bheidh éifeacht ag athruithe sna beartais náisiúnta fuinnimh ar fheidhmiú an mhargadh inmheánaigh.

263. Chun go dtabharfar comhtháthú an mhargaidh sin chun críche, beidh gá leis na treoirlínte maidir le bonneagar fuinnimh a chur i gcrích agus le roghnú pras na dtionscadal a bheidh le maoiniú faoin gCreat Airgeadais nua agus le cur san áireamh freisin go mbeidh gá leis na gréasáin a chur in oiriúint don fhuinneamh ísealcharbóin. ísealcharbóin. Iarrfar ar an gComhairle, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar thionscnaimh le haghaidh forbairt na n-eangach fuinnimh cliste agus an mhéadraithe, lena n-éascófar comhtháthú an fhuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh.

[6] N.B: beidh an Plean Gníomhaíochtaí sin mar chuid den Teachtaireacht ón IEM atá le bheith ar fáil an 14 Samhain.

264. Ag tógáil ar ghlacadh na Treorach um Éifeachtúlacht Fuinnimh, tá gá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i leith na spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh 2020 trí ghlacadh mhear beart nua maidir le héicdheartha, agus trí lipéid a chur ar tháirgí agus fearais a bhaineann le fuinneamh.

265. Tar éis 2020 ní mór go mbeadh ról níos mó ag fuinneamh inathnuaite, idir fhuinneamh gaoithe agus fhuinneamh mara, má dheantar tuilleadh dul chun cinn le go ndéanfaí é a chomhtháthú sa mhargadh leictreachas agus má thugtar aghaidh ar an imní a cuireadh in iúl maidir le hinbhuainitheacht agus éifeachtúlacht na scéimeanna tacaíochta. I ndáil leis an méid sin, áiritheoidh na hUachtaránachtaí go ndéanfar machnamh cuí ar na tograí a bhaineann le hinbhuanaitheacht tháirgeadh bithbhreoslaí agus bithmhaise.
266. Ní fhéadfar acmhainneacht iomlán an fhuinnimh athnuaite a ghnóthú ná an t-athrú go dtí córais ísealcharbóin a bhaint amach go ginearálta gan tuilleadh infheistíocht a dhéanamh i bhForbairt agus Taighde. oibreoidh na hUachtaránachtaí, dá bhrí sin, i leith athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean SET (Teicneolaíocht Straitéiseach Fuinnimh) agus ar thionscnaimh a bhaineann leis, e.g. an tionscnamh a bhaineann le Gabháil agus Stóráil Charbóin.
267. Ba cheart go gcuirfeadh foinsí gnásúla agus neamhghnásúla fuinnimh ní hamháin le cinnteacht an tsoláthair ach ba cheart go mbeidís slán freisin. Maidir le sábháilteacht, sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí táirgthe ola agus gáis amach ón gcósta, cuirfidh na hUachtaránachtaí clabhsúr ar an gcaibidlíocht maidir leis an gcreat ábhartha rialála atá molta. Maidir le fuinneamh núicléach, socróidh na hUachtaranachtaí go ndéanfar scrúdú beacht ar thionscnaimh reachtacha lena ndírítear ar neart a chur le creat rialála sábháilteachta, ar thionscnaimh iad atá le cur síos ar chlár ar bhonn an phróisis tástála struis a bhfuil clabhsúr air anois. Déanfaidh siad iarracht freisin an t-athbhreithniú ar an Treoir lena leagtar síos Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta a thabhairt chun críche ar Treoir í maidir le hianú radaíochta.

268. I bhfianaise na caibidlíochta leanúnaí le tríú tíortha agus na caibidlíochta maidir le cur chun feidhme na n-ionstraimí atá ann cheana, déanfaidh na hUachtaránachtaí athbhreithniú agus nuashonrú ar na seisiúin tionscnaimh a leagadh amach in 2011 maidir le caidreamh seachtrach um an bhfuinneamh d'fhonn feabhas a chur ar chomhsheasmhacht, inchreidteacht agus éifeachtúlacht an ghnímh AE. Tabharfar air ar leith do shoiléireacht idir beartais trádala agus beartais fuinnimh a áirithiú.

## AN TALMHAÍOCHT AGUS AN tIASCACH

### TALMHAÍOCHT

269. Táthar ag súil leis go bhfuil céim dheiridh chinntitheach athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) don tréimhse 2014-2020 ag teacht. Tá caibidlíocht dhian idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle beartaithe don chéad seimeastar de 2013. Ag brath ar rithim agus luas na caibidlíochta sin, agus ar an dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíocht maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) an Aontais i ndiaidh 2013, tá sé d'aidhm ag an gComhairle dul chun cinn cinntitheach a bhaint amach go luath san Uachtaránacht triúrachta chun go gcuirfear an beartas athchóirithe chun feidhme, agus na rialacháin cur chun feidhme freisin, go tráthúil.
270. Go comhthreomhar le hathchóiriú an CBT, leanfaidh an Chomhairle lena cuid oibre maidir le reachtaíocht talmhaíochta a chur in oiriúint do Chonradh Liospóin. Tá dul chun cinn maith déanta cheana le linn thréimhse na hiar-triúrachta Uachtaránachta maidir le líon mór tograí ón gCoimisiún. Leanfaidh an Chomhairle d'obair chruthaitheach a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa i leith an méid sin a thabhairt chun críche, agus urramófar ina iomláine an chothromaíocht institiúideach a iarrtar i gConradh Liospóin.
271. Tá sé beartaithe ag an gComhairle freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na hathchóiríthe a rinneadh cheana ar na hearnálacha CBT. Faoina chuimsiú sin, tá an Chomhairle ag súil leis an measúnú a rinne an Coimisiún maidir le hathchóirithe na n-earnálacha torthaí agus glasraí, agus fíona, in 2007-2008 agus leis an scrúdú sin a dhéanfar ar aon tograí reachtacha a mheasfaidh an Coimisiún a mbeidh gá leo.

Oibreoidh na hUachtaránachtaí ar na Rialacha lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le soláthar faisnéise agus maidir le bearta cur chun cinn i dtaca le táirgí talmhaíochta ar an margadh inmhéanach agus i dtríú tíortha.

272. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán ar an bpáipéar uaine in 2011, ghlac an Coimisiún teachtaireacht i mí na Márta 2012 maidir le díospóireacht a sheoladh ar an mbeartas dul chun cinn a bheidh ann amach anseo ar an leibhéal idirnáisiúnta. D'fhéadfadh sé go mbeadh tograí reachtacha mar thoradh ar an teachtaireacht sin sa dara ráithe de 2013.

273. Oibreoidh na trí Uachtaránacht ar thogra reachtach maidir le feirmeoireacht orgánach agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar é in 2013.

**Sláinte ainmhithe agus saincheisteanna tréidliachta**

274. Tabharfar tús áite don réimse sláinte ainmhithe sa chlár 18 mí de chuid na Comhairle mar rachfar i mbun oibre ar shraith de mhórthograí reachtacha lena gcuimseofar reachtaíocht nua creata (an "Dlí i ndáil le Sláinte Ainmhithe"), agus déanfar athbhreithniú freisin ar an gcorpas mór de ghníomhartha reachtacha maidir le galair sonracha ar gníomhartha iad a glacadh thar na blianta a chuaigh thart.

275. Eascraíonn an Dlí nua i ndáil le Sláinte Ainmhithe as an Straitéis um Shláinte Ainmhithe 2007-2013 agus leagfar síos leis  creat do na blianta atá romhainn le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte agus leas ainmhithe. Leis an mana a ghabhann léi (gur fearr cosc ná leigheas) dírítear sa Straitéis um Shláinte Ainmhithe de chuid an AE ar chosaint ar ardleibhéal a áirithiú do shláinte daoine agus ainmhithe, agus leagtar béim níos láidre ar bhearta réamchúramacha lena n-áirítear faireachas a dhéanamh ar ghalair, bithshlándáil agus taighde a dhéanamh maidir le tarlú galar in ainmhithe a laghdú agus ar éifeacht bhriseadh amach galar a laghdú nuair a tharlaíonn siad. Is é ceann amháin de chuspóirí na straitéise struchtúr soiléir rialála a bhunú do shláinte ainmhithe feadh an AE agus tá an Dlí i ndáil le Sláinte Ainmhithe mar chuid lárnach den iarracht sin.

276. Ós rud é go gcumhdaítear réimsí amhail trádáil in-phobail, allmhairithe agus rialú galar leis an reachtaíocht atá ann cheana, is dealraitheach go mbeidh éifeacht an athbhreithnithe sin sonrach. Ina theanna sin beidh rialacha athbhreithnithe ag gabháil leis an togra le haghaidh an Dlí i ndáil le Sláinte Ainmhithe, ar rialacha iad maidir le caiteachas sa réimse tréidliachta agus déanfar ollchóiriú beacht ar reachtaíocht an AE maidir le rialú oifigiúil, lena n-áirítear rialú tréidliachta ar tháirgí ainmhithe ar an teorainn agus ar ainmhithe beo ó thríú tíortha. Mar chuid den phacáiste (cúig codanna) céanna, déanfar an reachtaíocht maidir le saincheisteanna fíteashláintíochta agus síolta a ollchóiriú freisin. (féach thíos).

277. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh leasú ar an Treoir maidir le táirgí míchaoine tréidliachta as an measúnú a d'fhógair an Coimisiún agus a rinneadh ar na fadhbanna a bhain do chur chun feidhme na Treorach maidir le táirgí tréidliachta. 7 Beidh sé d'aidhm leis sin díriú ar chuspóir sábháilteachta tomhaltóirí agus cosaint sláinte ainmhithe, ar iomaíochas an tionscail tréidliachta lena n-áirítear FBManna agus ar laghdú san ualach riaracháin sa réimse sin. Beidh sé d'aidhm leis sin freisin feabhas a chur ar an teacht atá ar chógais leighis agus margadh AE níos aontaithe a chruthú do chógais leighis tréidliachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh togra ar leith maidir le Beathú Íocleasaithe ag gabháil leis an méid sin. Táthar ag súil leis go mbeidh na tograí ar fáil le linn dara tréimhse 2013.

278. Táthar ag súil le togra maidir le clónáil do tháirgeadh bia mar obair leantach maidir leis an Tuarascáil ón gCoimisiún 2010 inar leagadh béim, inter alia, ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar na húdair imní i ndáil leis an leas atá nasctha le húsáid clónála. Mar a tharla i gcás an phlé a rinneadh faoi chuimsiú idir-réitigh an togra maidir le Bia Núíosach in 2011, is dóchúil go dtarraingeofar aird an phobail ar an bplé maidir leis an togra sin.

279. Táthar ag súil le togra reachtach lena ndéanfar athbhreithniú ar an reachtaíocht zozóiteicniúil agus iarrfaidh na hUachtaránachtaí go ndéanfaí dul chun cinn ar an obair sin agus go dtabharfar chun críche í.

7 Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míchaoine tréidliachta.

**Saincheisteanna idirnáisiúnta**

280. Leanfaidh an Chomhairle de shaineolas na mBallstát AE a úsáid in ullmhúchán an tseasaimh a thógfaidh an AE sna fóraim ábhartha idirnáisiúnta, go háirithe san FAO de chuid na NA agus sa CFS (Choiste um Shábháilteacht Bia ar Domhan). Beidh cur chun feidhme éifeachtach an athchóirithe ar an FAO ina shaincheist thábhachtach i gcónaí.

281. Tabharfaidh an Chomhairle a haird iomlán don Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le tús na caibidlíochta leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Finiúna agus Fíona (OIV), ar teachtaireacht í a mbeidh súil léi in 2013 agus ar chaibidlíocht í maidir leis na téarmaí agus coinníollacha a bheidh i gceist má tá stádas ar leith le tabhairt don Aontas san OIV.

282. Maidir leis an gcaibidlíocht ar Chlár Oibre Forbartha Doha (DDA) sa WTO, tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí don chóras iltaobhach trádála atá lárnach do bheartas trádála, infheistíochta agus forbartha an AE agus tá sí tiomanta i gcónaí freisin do leanúint leis na hiarrachtaí chun toradh cothrom a bhaint amach maidir leis an gcaibidlíocht DDA, agus áirítear leis sin torthaí a sholáthar a ghabhann lena gné forbartha. Ba cheart go bhfágfaí na gnéithe a bhaineann le talmhaíocht, dá mbeadh comhaontú críochnaitheach ann, faoi chreat an Chomhbheartais Talmhaíochta.

**Foraoiseacha**

283. Maidir le foraoisí, díreoidh na trí Uachtaránacht ar bhainistiú inbhuanaithe foraoise agus ar an méid tábhachtach a chuireann sé le geilleagar glas faoi chuimsiú na forbartha inbhuainaithe [...] chomh maith le díriú ar éifeacht an athrú aeráide a mhaolú agus ar oiriúnú dó. Fairis sin tabharfar aird speisialta, go luath i dtréimhse na foirne trí Uachtaránachta, don chaibidlíocht maidir le comhaontú uile-Eorpach a d'fheadfadh a bheith ann maidir le foraoisí agus a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de agus ar a chur chun feidhme, chomh maith le glacadh agus cur chun feidhme Straitéis Foraoise nua an AE.

**Saincheisteanna físeashláintíochta**

284. Déanfaidh na trí Uachtaránacht obair dhian ar an bpacáiste chúig codanna lena gcuimsítear athchóirithe ar an reachtaíocht maidir le sláinte plandaí/ábhar síolraithe (dhá thogra reachtach) ar athchóirithe iad a bhfuil ballchríoch orthu agus ar pacáiste é atáthar ag súil leis go gcuirfidh an Coimisiún isteach é go luath in 2013.

285. Áireofar leis freisin forálacha comhthreomhara maidir le rialú oifigiúil agus maoiniú agus cumhdófar leis reachtaíocht maidir le sláinte ainmhithe (féach tuilleadh faoin teideal sonrach).

**IASCACH**

286. San earnáil iascaigh is iad tabhairt chun críche agus glacadh an phacáiste athchóirithe don Chomhbheartas Iascach (CBI) an phríomhthosaíocht a bheidh ann. San earnáil iascaigh is iad tabhairt chun críche agus glacadh an phacáiste athchóirithe don Chomhbheartas Iascach (CBI) an phríomhthosaíocht. Déanfaidh na trí Uachtaránacht gach iarracht teacht tar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí thogra reachtach sa phacáiste sin (An Bunrialachán, an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí agus an Rialachán maidir leis an EMFF) agus déanfaidh siad iarracht tús a chur lena gcur chun feidhme éifeachtach d'fhonn bainistiú níos inbhuanaithe a áirithiú d'iascach an AE.
287. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird speisialta do phleananna ilbhliantúla bainistithe agus athshlánaithe. Is uirlis bhunriachtanach í na pleananna sin chun cuspóirí an CBF athchóirithe a shaothrú. Déanfar gach iarracht dul chun cinn a bhaint amach sa réimse sin i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa.Leanfaidh an Chomhairle d'obair a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin maidir le rochtain shonrach i dtaca le hiascaireacht stoc domhainfharraige, d'fhonn an t-athbhreithniú ar an gcóras sin a thabhairt chun críche.
289. Le linn na tréimhse 18 mí leanfar ar aghaidh leis an obair maidir le Rialacháin éagsúla atá ann cheana a chur i gcomhréir le Conradh Liospóin (go háirithe na rialacháin maidir le iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte (INNN) agus maidir le rialú) chomh maith le hobair maidir le cur chun feidhme i ndlí an Aontais chinntí na nEagraíochtaí Réigiúnacha éagsúla um Bainistíocht Iascaigh.
290. Gabhfaidh tábhacht mhór mar is gnách le láimhseáil fhreagrach agus éifeachtúil na feidhme bliantúla i ndáil leis na gabhálacha iomláine is incheadaithe (TACanna) agus na cuótaí do 2014 a leagan síos.

291. Faoi chuimsiú an bheartais seachtraigh iascaigh, tabharfar tús áite i gcónaí do chaibidlíocht dhéthaobhach agus iltaobhach (go háirithe maidir leis an gcomhaontú cósta i ndáil le ronnach, maidir leis na comhaontuithe leis an Iorua agus le Maracó, an chaibidlíocht ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Altlantacha a Chaomhnú (ICCAT), ag Eagraíochtaí Réigiúnacha éagsúla um Bainistíocht Iascaigh agus ag fóraim idirnáisiúnta eile). Ní mór do Chomhaontuithe Comhpháirtíochta nua agus na Prótacail a ghabhann leo a bheith i gcomhréir leis na Conclúidí is déanaí ón gComhairle maidir le gné sheachtrach an CBI.

**AN COMHSHAOL**

292. Faoi chuimsiú raon níos suntasaí na forbartha inbhuanaithe, beidh an comhshaol chun tosaigh i gcónaí ar chlár oibre an AE agus beidh tús áite aige ar chlár oibre na dtrí Uachtaránacht. Ní féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach fadtéarmach ar na dúshláin a ghabhann leis an staid eacnamaíochta agus airgeadais mar atá faoi lÁthair gan béim leanúnach a chur ar fhás glas agus éifeachtúlacht acmhainní. Is é is cuspóir don bheartas comhshaoil i gcónaí leibhéal ard cosanta a áirithiú lenar féidir fás inbhuanaithe eacnamaíoch a spreagadh freisin.
293. Tá glacadh an 7ú Plean Gníomhaíochta Comhshaoil ina thosaíocht ag an gComhairle i gcónaí agus beidh sé mar chroílár na hoibre i réimse an chomhshaoil le linn thréimhse na fhoirne trí Uachtaránachta.

294. Beidh forbairt agus athbhreithniú na reachtaíochta comhshaoil ar cheann de na hábhair a ndíreoidh na trí Uachtaránacht orthu. Beidh obair maidir leis an reachtaíocht i dtaca le dramhaíl (amhail athchúrsáil long, lastais dramhaíola, málaí plaisteacha, agus cadhnraí) chomh maith le reachtaíocht maidir le huisce agus aer ina cuid lárnach den chlár. Déanfar athbhreithniú freisin ar an Treoir um Measúnú an Tionchair ar an gComhshaol.

**Rialachas comhshaoil**

295. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird chuí don obair leantach maidir le Rio+20. Cumhdófar léi sin líon leathan de shaincheisteanna ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear UNEP feabhsaithe agus neartaithe, cruthú Fóram Polaitiúil Ardleibhéil (HLPF) ar cheart dó teacht i gcomharbas ar an gCoimisiún maidir le Forbairt Inbhuanaithe.

***Saincheisteanna idirnáisiúnta***

296. Oibreoidh na trí Uachtaránacht ar reachtaíocht AE agus ar raon leathan de Chomhaontuithe Iltaobhacha maidir leis an gComhshaol (MEAanna) agus ar phróisis idirnáisiúnta eile chomhshaoil. Beidh ullmhúcháin dhiana agus beachta agus comhordú laistigh den AE de dhíth i ndáil leis na próisis idirnáisiúnta sin uile. Déanfaidh na trí Uachtaránacht gach iarracht na hullmhúcháin sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil laistigh den Chomhairle.

297. Beidh na hUachtaránachtaí rannpháirteach ar an leibhéal idirnáisúnta i ngníomhaíochtaí chun torthaí eile a comhaontaíodh ag Rio+20 a chur chun feidhme agus iad siúd dá dtagraítear thuas chomh maith, ar torthaí iad a bhaineann le rialachas idirnáisiúnta comhshaoil agus an creat institiúideach le haghaidh na forbartha inbhuanaithe (i.e. Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) agus Fóram Polaitiúil Ardleibhéal (HLPF)), eadhon spriocanna i bhforbairt inbhuanaithe a fhorbairt agus roghanna a fhorbairt maidir le straitéis mhaoinithe éifeachtaí inbhuanaithe. Fairis sin, saothróidh na hUachtaránachtaí tosaíochtaí tábhachtacha AE freisin a bhaineann le Rio+20 lena n-áirítear oibríochtú tráthúil an YFP deich mbliana maidir le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe; tabhairt ar aghaidh na hoibre maidir le táscairí a fhorbairt chun GDP a chomhlánú; caibidlíocht a sheoladh, a luaithe is féidir, faoin UNGA le haghaidh comhaontú cur chun feidhme UNCLOS le haghaidh bithéagsúlacht na limistéar lasmuigh de dhlínsí náisiúnta a chaomhnú; agus an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar SIDS a thionólfar in 2014.

**Ceimiceáin**Beidh tábhacht mhór ag gabháil leis an mbainistiú fónta a dhéanfar ar cheimiceáin in obair na dtrí Uachtaránacht in 2013-2014. Ar an leibhéal náisiúnta cuirfear an chaibidlíocht i gcomhair conartha nua idirnáisiúnta maidir le mearcair i gcrích (INC5 in Eanáir 2013 agus Comhdhálacha Taidhleoireachta roimh dheireadh na bliana) mar aon le gnáthchomhdhálacha agus comhdháileacha urghnácha pháirtithe na dtrí coinbhinsiún maidir le ceimiceáin agus maidir le dramhaíl, ar comhdhálacha iad a thionólfar in Aibreán-Bealtaine 2013 (is é sin Comhdhálacha Stocólm agus Rotterdam agus Coinbhinsiún Basel). Leis na cinntí atá le déanamh ag na comhdhálacha sin, go háirithe maidir le mearcair, éileofar obair leantach agus próiseas cur chun feidhme laistigh den AE. Is dócha freisin go mbeidh tionchar acu ar an obair leantach maidir leis na hionstraimí ar thruilliú aeir trasteorann fadraoin faoi Choinbhinsiún LRTAP (Prótacal Gothenberg, an Prótacal i ndáil le Miotail Throma agus Prótacal POPs).

**Bithéagsúlacht**

299. Beidh cosaint na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais chomh maith le caomhnú agus bainistiú na n-acmhainní nádúrtha chun tosaigh go mór ar chlár oibre na dtrí Uachtaránacht. Áirítear orthu sin comhdhálacha sa todhchaí de chuid na bpáirtithe maidir le bithéagsúlacht agus bithsházbháilteacht (2014), i leith CITES (2013), i leith IPBES (2013), agus, b'fhéidir i leith Choimisiún na Míolta Móra (2014). Táthar ag súil le tuilleadh comhdhálacha a bheith ann maidir le cur chun feidhme na gcomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana i leith na bithsházbháilteachta (dliteanas agus cúiteamh) mar aon le rochtain ar acmhainní géiniteacha (ABS) agus cionroinnt na dtairbhí a bhaineann leo. Tabharfar bearta bainteacha nua reachtaíochta ar aghaidh maidir le ABS agus maidir le speicis choimhthíocha ionracha, agus beidh na trí Uachtaránacht tiomanta freisin do chur chun feidhme chuspóirí leathana straitéis bithéagsúlachta an AE a thabhairt ar aghaidh mar aon le spriocanna comhréireacha laistigh den AE.

**Orgánaigh ghéinmhodhnaithe**

300. Maidir le saothrú GMO (orgánach géinmhodhnaithe) táthar ag súil leis go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an obair i leith chur chun feidhme iomlán na gConclúidí ón gComhairle Nollaig 2008 maidir le beartas AE sa réimse sin.

301. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an obair ar an togra ón gCoimisiún maidir le rialachán lena dtabharfaí an deis do na Ballstáit saothrú GMOanna a shrianadh nó a chosc ina gcuid críoch. Leanfaidh na trí Uachtaránacht de faireachán a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann cur leis an dul chun cinn maidir leis an gcomhad tábhachtach sin, toisc nach bhfuarthas an tromlach cáilithe a cheanglaítear maidir leis na tograí réitigh uile a thíolaic na hUachtaránachtaí leantacha go dtí seo.

**An tAthrú Aeráide**

302. Tá an córas idirnáisiúnta don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide ag an gcrosbhóthar. Caithfear na céimeanna is gá do dhaingniú agus do theacht i bhfeidhm a ghlacadh go pras i ndiaidh ghlacadh na dar tréimhse tiomantais faoi Phrótacal Kyoto ag Comhdháil Doha i Nollaig 2012. Fairis sin, tosóidh athbhreithniú ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe (UNFCCC) in 2013 agus beidh sí ar siúl le linn an athbhreithnithe ar leibhéal na huaillmhéine faoi Phrótacal Kyoto. Ar deireadh, tá gá le dul ar aghaidh leis an obair ar chlár Durban agus é d'aidhm léi sin comhaontú domhanda a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de a ghlacadh faoi 2015 ar a dhéanaí.

303. Ullmhóidh na trí Uachtaránacht seasamh an AE go héifeachtach agus déanfaidh siad comhordú air ag féachaint do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe i Samhain 2013 (UNFCCC COP 19, Prótacal CMP 9).

304. Tá an obair a dhéantar laistigh den AE chomh tábhachtach ar a laghad is an obair a dhéantar sa chreat idirnáisiúnta. Is díol spéise ag an AE é beartais dhiminiciúla a shaothrú i leith na heacnamaíochta ísealcharbóin. Tá sé thar a bheith tábhachtach forbairt a dhéanamh ar na beartais sin i sineirge le Straitéis Eoraip 2020 agus leis an tionscnamh suaitheanta maidir le héifeachtúlacht acmhainní. Tá sé in am do Straitéis Eorpach maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, rud a shainaithnítear mar dúshlán mór i roinnt Ballstát. Áiritheoidh na trí Uachtaránacht go ndéanfar obair leantach éifeachtach ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoiriúnú, ar dóchúil go mbeidh ann dí in 2013. Tá gá i gcónaí le seisiúin tionscnaimh chomhleanúnacha i ndáil le beartais eile AE (amhail fuinneamh, iompar, talmhaíocht) chun go gcuirfear chun feidhme tiomantas an AE chun astuithe gás ceaptha a laghdú.

305. Áiritheoidh na trí Uachtaránacht go mbeidh ról gníomhach agus cruthaitheach ag an gComhairle i dtabhairt chun críche an chláir reachtaíochta roimh an athrú chuig Parlaimint na hEorpa nuatofa agus Coimisiún Eorpach nuatofa. Is éard atá i gceist leis sin reachtaíocht lena laghdaítear astaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin phaisinéirí agus veaineanna chomh maith le hobair maidir le straitéis chun dul i ngleic leis na hastaíochtaí as feithiclí tromshaothair. Déanfar athbhreithniú freisin ar an reachtaíocht lena thugtar aghaidh ar gháis cheaptha teasa fluairínithe. Áiritheoidh na hUachtaránachtaí freisin go ndéanfar obair leantach iomchuí maidir le hastuithe gás ceaptha a laghdú, agus cuirfidh siad an méid a thiteann amach go hidirnáisiúnta san áireamh. Déanfar gné inbhuanaitheacha bithbhreoslaí a scrúdú arís faoi chuimsiú thogra nua ón gCoimisiún, agus déanfar an ghné sin a scrúdú go háirithe maidir le hathrú neamhdhíreach san úsáid talún.

## OIDEACHAS, AN ÓIGE, CULTÚR, ÁBHAIR CHLOSAMHAIRC AGUS SPÓRT

306. Le linn tréimhse gur dóchúil go mbeidh timpeallacht eacnamaíoch ann lena linn, a bheidh ina hábhar imní feadh an AE i gcónaí, le smacht dian ar airgead poiblí i gcónaí chomh maith, díreofar aird nach beag ar an méid a chuireann réimsí an oideachais, na hóige, an chultúir, an chlosamhairc agus an spóirt le fás eacnamaíoch, le poist agus le comhtháthú sóisialta.

307. Tuigtear go maith a thábhachtaí atá an t-oideachas chun ár gcuid saoránach a chumasú leis na scileanna atá de dhíth orthu i margadh dúshlánach an tsaothair sa lá atá inniu ann, agus ar ndóigh baineann ceann de phríomhspriocanna na Straitéise Eoraip 2020 leis an oideachas. Tá aitheantas méadaitheach ann anois maidir leis an ról fíorthábhachtach atá ag na tionscail chultúir agus chruthaitheachta i ndáil le geilleagar na hEorpa a athghiniúint. I réimse na hóige, díreofar ar chomhtháthú sóisialta, a bhfuil gá le gníomhaíocht chuige sin thar a bheith tábhachtach anois nuair atá na leibhéil dífhostaíochta atá os comhair glúine na hóige anois ar na leibhéil is measa riamh. Cuirfear béim freisin ar an méid a chuireann an spórt leis an ngeilleagar agus ar an ról fíorthábhachtach atá ag an spórt i dtógáil na bpobal agus i gcomhtháthú sóisialta.

**Oideachas agus Oiliúint**

308. Tá ról lárnach ag an oideachas sa Straitéis *Eoraip 2020*. Ba cheart go ndíreofaí, i bhforbairt bhreise na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, ar lánsástacht phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil do na saoránaigh uile, ar luachanna daonlathacha, ar chomhtháthú sóisialta, ar shaoránacht ghníomhach agus ar idirphlé idirchultúrach a chur chun cinn, mar aon le cur le rathúnas eacnamaíoch agus leis an infhostaitheacht. Tá ionchur sonrach ag na córais oideachais agus oiliúna chun luathfhágáil na scoile agus leibhéil arda dífhostaíochta a laghdú, go háirithe i measc na hóige, go háirithe trína áirithiú go gcumasaítear na saoránaigh uile leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a éalaíonn margadh an tsaothair.

309. Is é ceann de chéad tosaíochtaí na dtrí Uachtaránacht, dá bhrí sin, díriú ar na cineálacha scileanna a bhfuil gá leo le go gcuirfear fás chun cinn agus le go gcoimeádfaí é, agus ar na bealaí chun a áirithiú go bhfanann na córais oideachais agus oiliúna ar chomhchéim leis na pátrúin in éileamh ar scileanna sa gheilleagar ar pátrúin iad a eascraíonn as an athrú pras sa teicneolaíocht agus sa dhomhandú. I dteannta béim a chur ar thábhacht bhunúsach na mbunscileanna, tabharfar aird do na réimsí amhail réimsí an mheasúnaithe agus na luachála, na fiontraíochta, na litearthachta digití, an chumais teanga agus an ráthaithe chaighdeáin agus déanfar uirlisí agus ionstraimí chuige sin.

310. Beidh tabhairt chun críche na hoibre maidir leis an gclár uaillmhianach AE don oideachas, don oiliúint, don óige agus don spórt don tréimhse 2014-2020 (Erasmus do Chách) ina phríomhthosaíocht do 2013. Ar bhonn an chur chuige pháirtigh a chomhaontaigh na hAirí Oideachais i mí na Bealtaine 2012 agus ar bhonn caidrimh láidre le Parlaimint na hEorpa, déanfaidh na trí Uachtaránacht iarracht an obair ar an gClár nua a chríochnú a luaithe a bheidh cruth dheiridh an chéad MFF eile cinntithe.

311. I réimse an ardoideachais, beidh gá le béim níos láidre a chur ar shaincheist an chothromais agus na héifeachtúlachta agus ar na bealaí chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar ardoideachas ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine nach ndéantar mórán ionadaithe ar a son. Mar obair leantach maidir leis na Conclúidí ón gComhairle a glacadh in 2010, díreofar iarrachtaí breise freisin ar fhorbairt a dhéanamh ar straitéis idirnáisiúnaithe d'earnáil ardoideachais an AE, agus beidh sé d'aidhm leis sin comhpháirtíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta ar ardcháilíocht ar féidir leo cumas múinteoireachta agus taighde a ghiniúint agus na hollscoileanna a chumasú mar ghníomhairí an aistrithe eolais. Seolfar tionscnaimh nua freisin chun feabhas a chur ar an gcomhar idir na hinstitiúidí ardoideachais agus saol an ghnó. Ar deireadh, déanfar tuilleadh oibre maidir leis an gcóras aicmiú ilghnéitheach atá molta lena ndírítear ar fheidhmíocht na n-institiúidí ardoideachais feadh na hEorpa a thomhas agus ar an trédhearcacht a mhéadú.

312. Faoi chuimsiú Phróiseas Chóbhanávan, déanfar tuilleadh oibre ar ráthú caighdeáin i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET). Faoi 2013 beidh creataí cáilíochtaí náisiúnta bunaithe ag an gcuid is mó de na tíortha (NQF anna) agus beidh siad i gcomhréir leis An gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF). Déanfar níos tréine mar sin chun neart a chur le héifeacht na gcreataí sin, go háirithe trína áirithiú go mbeidh ról níos mó ag geallsealbhóirí na hearnála fostaíochta i ráthú caighdeáin éifeachtach, agus trí scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chuireann na tionscnaimh sin le haitheantas níos fearr do cháilíochtaí agus do shoghluaisteacht.

313.

314. Maidir le scoileanna, fillfidh an triúracht ar dtús ar ábhar tábhachtach an oideachais réamhscoile agus earcaíochta agus oideachas na múinteoirí, sula scrúdóidh siad cuid de na ceisteanna maidir le ceannaireacht scoile, amhail cad is ceannaire maith scoile ann agus an chaoi ar cheart ceannairí scoile a roghnú agus a ullmhú dá gcuid cúraim. Ar deireadh, mar bheart leantach don tSuirbhé Eorpach maidir le hInniúlachtaí Teanga, déanfar machnamh ar thagarmharc Eorpach nua a d'fhéadfadh a bheith ann a ghlacadh i réimse na foghlama teanga, chun na cinn a comhaontaíodh cheana faoi chreat straitéiseach "ET2020" a chomhlánú.

**Cultúr**

315. Is é an aidhm a bheidh ag na trí Uachtaránacht ról an chultúir a neartú le linn na tréimhse seo a bhfuil téarnamh ón géarchéim ann. Agus aitheantas iomlán á tabhairt aici do luach bunúsach an chultúir agus don ról tábhachtach atá aige maidir lenár n-oidhreacht agus lenár bhféiniúlacht a mhúnlú, iarrfaidh na hUachtaránachtaí, ag an am céanna, léiriú a dhéanamh ar an méid a dhéantar leis an gcultúr chun poist a chruthú agus chun cur leis an bhfás, trí thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha go príomha, agus an méid a dhéantar leis ó thaobh an chomhtháthaithe shóisialta chomh maith, agus, chomh maith leis sin, leanfaidh siad de chur chuige straitéiseach a fhorbairt i leith an chultúir i gcaidreamh seachtrach an Aontais.

316. Sa chlár oibre a bheidh ag na trí Uachtaránacht, caithfidh siad cuid mhór ama ar bhailchríoch a chur ar an idirbheartaíocht maidir leis an dá cheann de thograí reachtacha i ndáil leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, eadhon an clár "Eoraip na Cruthaitheachta" agus an clár "Eoraip do Shaoránaigh". Is é an aidhm a bheidh ann go dtiocfar ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa d'fhonn go mbeidh an dá chlár ar bun faoi 2014.

317. I measc na dtograí reachtacha eile a bheidh ar chlár oibre na nUachtaránachtaí, tá an togra le haghaidh cinnidh chun gníomhaíocht Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa a athnuachan ar feadh tréimhse 2020 go 2033. Is tionscnamh seanbhunaithe cultúrtha de chuid an AE é sin a bhfuil meas agus tóir air agus ar sampla den scoth é de thionchar dearfach an chultúir ar an bhfás fadtéarmach agus ar an bhforbairt uirbeach agus réigiúnach, i dtéarmaí eacnamaíocha agus sóisialta araon.

318. Ag brath ar a dtiocfaidh as an athbhreithniú ar Threoir 93/7/CEE ón gComhairle maidir le nithe cultúrtha a aistríodh go mídhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais, féadfaidh an Coimisiún leasú ar an Treoir a thíolacadh.

319. Leanfaidh na trí Uachtaránacht d'obair a dhéanamh ar na tosaíochtaí a shainaithnítear sa Phlean Oibre don Chultúr 2011-2014. Díreoidh siad ar thrí réimsí go háirithe. Ar dtús, iarrfaidh na hUachtaránachtaí réitigh a shainaithint chun rochtain ar chultúr a leathnú, lena n-áirítear rochtain ar ábhar cultúrtha agus ar ábhar cruthaitheachta ar líne. Beidh baint dhíreach ag an obair seo leis an gClár Oibre Digiteach don Eoraip, tionscnamh suaitheanta a seoladh in 2010 faoi straitéis Eoraip 2020 d'fhonn margadh aonair digiteach a chruthú. Ar an dara dul síos, scrúdóidh na hUachtaránachtaí an cheist maidir le seirbhísí cultúrtha a choinneáil tráth a bhfuil cruatan eacnamaíoch ann, á díriú go sonrach ar an oidhreacht chultúrtha. Déanfar naisc le téamaí níos leithne amhail digitiú, rochtain ar chultúr agus an turasóireacht chultúrtha agus, ar an gcaoi sin, léireofar acmhainn an chultúir fás inbhuanaithe, cuimsitheach a ghiniúint. Ar deireadh, leanfaidh na trí Uachtaránacht de chur chuige straitéiseach a fhorbairt i leith an chultúir i gcaidreamh seachtrach an AE agus, ar an gcaoi sin, cuirfidh siad feabhas ar an gcomhar sa réimse sin, d'fhonn an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus chun a áirithiú go mbeidh an cultúir infheicthe sa chinnteoireacht idirnáisiúnta.

320. Ós rud é go mbeidh deireadh leis an Plean reatha Oibre don Chultúr in 2014, beidh sé de chúram ar na hUachtaránachtaí tús a chur, ar bhonn tuarascála meastóireachta meántéarma a thíolacfar i lár na bliana 2013 agus ar bhonn tuarascála deiridh a thíolacfar i lár na bliana 2014, le plé ar thosaíochtaí amach anseo an Phlean Oibre agus ar na modhanna oibre a úsáidfear lena chur chun feidhme.

**Beartas Closamhairc**

321. Tá athrú ag teacht ar an timpeallacht dhigiteach go gasta agus cruthaítear seirbhísí nua agus feistí nua le luas lasrach. I dtimpeallacht dinimiciúil mar sin, cruthaítear a lán deiseanna d'ábhar cultúrtha agus cruthaitheachta a bhféadtar a dháileadh go forleathan agus go héasca anois ar fud an domhain. Ar an láimh eile, is gá a áirithiú gur áit shábháilte é an timpeallacht dhigiteach ar líne, go háirithe do leanaí a bhfuil an cur amach acu ar chúrsaí digiteacha. Is gá teacht ar shamhlacha nua gnó ionas go dtabharfar luach saothair cothrom d'údair agus do chruthaitheoirí an ábhair ar líne as a gcuid oibre, agus an éagsúlacht chultúrtha á caomhnú ar an gcaoi sin. In 2010 ghlac an tAontas Eorpach Clár Oibre Digiteach, ar straitéis í lena léirítear bearta atá le glacadh chun a áirithiú go bhféadfaidh gach duine tairbhe a bhaint as an aistriú digiteach. Leanfaidh na trí Uachtaránachtaí d'obair a dhéanamh ar roinnt de na príomhchuspóirí den straitéis sin.

322. Déanfaidh na hUachtaránachtaí faireachán, i dteannta an Choimisiúin, ar chur chun feidhme na Straitéise Eorpaí i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a bhaineann léi agus a glacadh ag deireadh 2012. Féachfaidh siad le cistiú leordhóthanach a áirithiú ón tSaoráid úm Chónascadh na hEorpa a bheartaítear d'fhonn an straitéis uaillmhianach a mheaitseáil lena gcumhdaítear réimse leathan topaicí ó tháirgeadh ábhair a spreagadh, ar ábhar ar ardchaighdeán do leanaí é, go dtí ábhar maidir le mí-úsáid gnéasach leanaí agus iad ar líne a chomhrac, trí fheasacht a mhúscailt, scileanna digiteacha a mhúineadh agus cosaint na leanaí a áirithiú agus iad ar líne.

323. Leanfaidh na trí Uachtaránachtaí d'fhorbairt Europeana a chothú, arb é leabharlann digiteach an AE é, trí fhéachaint le teacht ar chomhaontú maidir lena mhaoiniú inbhuanaithe, a molann an Coimisiún go ráthófar é ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa atá á beartú.

324. Maidir le cúrsaí pictiúrlainne, díreofar ar phictiúrlanna agus ar an oidhreacht scannán a dhigitiú agus ar ardáin nua chun ábhair chlosamhairc agus scannáin a dháileadh, arb iad a bheidh mar ábhair don togra atá pleanáilte, ar togra le haghaidh moladh ón gComhairle é, atá le tíolacadh ag an gCoimisiún ag tús 2013.

325. Ar bhonn na chéad tuarascála maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc, leanfaidh na trí Uachtaránachtaí go dlúth tionscnaimh an Choimisiúin sa réimse sin, eadhon le comhairliúchán poiblí ar an Teilifís Nasctha (ar Theilifís é atá cumasaithe don idirlíon) a sheoladh agus leis an nuashonrú ar threoir an Choimisiúin maidir le fógraíocht teilifíse, ar dhá ní iad a cheaptar a dhéanfar in 2013.

**An Óige**

326. Tá cleachtas seanbhunaithe, fada ann i réimse na hóige ó thaobh chomhar na foirne trí Uachtaránacht. I gcomhthéacs an Idirphlé Struchtúrtha idir na húdaráis phoiblí agus na daoine óga, chomhaontaigh Éirinn, an Liotuáin agus an Ghréig gurb é an comhtháthú sóisialta a bheidh mar théama foriomlán don fhoireann Trí Uachtaránacht don chéad tréimhse 18 mí eile. Dhearbhaigh an Chomhairle an téama foriomlán sin i mí na Samhna 2012. Sa chomhthéacs sin, ba cheart clár oibre dearfach féidearthachtaí agus deiseanna a shonrú, i.e. go ndíreofaí ar thionscnaimh seachas ar cheisteanna achrannacha amháin.

327. Sa chéad tréimhse sé mhí, díreofar ar a gcuirtear trí obair ardcháilíochta don óige le forbairt agus le folláine daoine óga. Is é an aidhm a bheidh ann conclúidí ón gComhairle a ghlacadh i mí na Bealtaine 2013. D'fhonn an nasc idir an beartas don óige agus Eoraip 2020 a neartú, déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iniúchadh ar an gcaoi a bhféadfar rannchuidiú tríd an obair don óige le cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach, go háirithe i ndáil leis an bhfostaíocht don óige agus i ndáil leis an gcomhtháthú sóisialta.

328. D'fhonn an nasc idir an beartas don óige agus Eoraip 2020 a neartú, féachfaidh Uachtaránacht na hÉireann le sonrú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé barrfheabhas a chur ar an méid a chuirtear leis an bhfostaíocht agus leis an infhostaitheacht, agus leis an gcomhtháthú sóisialta chomh maith, tríd an obair don óige.

329. Beidh dlúthbhaint le téama foriomlán an Chomhtháthaithe Shóisialta ag an tosaíocht don sé mhí sin atá i lár an téarma 18 mí. Tabharfaidh Uachtaránacht na Liotuáine aghaidh ar an ngá atá le deiseanna, taithí agus forbairt scileanna do na daoine óga uile a chur ar fáil, lena n-áirítear dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu. Díreoidh sé freisin ar fholláine na ndaoine óga, go háirithe trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar rannpháirtíocht na ndaoine óga sa tsochaí, agus béim ar leith á leagan ar na daoine óga sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna (NEETanna). Cuirfidh an Liotuáin malartú na ndea-chleachtas chun cinn chomh maith maidir leis an gcaoi a bhféadfar NEETanna agus na daoine óga sin atá i mbaol eisiaimh shóisialta sa saol sóisialta agus eacnamaíoch a chomhtháthú ar bhealach níos fearr. Tá sé mar aidhm Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh maidir leis na saincheisteanna sin i mí na Samhna 2013.

330. Sa sé mhí dheireanacha, déanfaidh Uachtaránacht na Gréige iniúchadh sonrach ar cheist an chultúir agus na fiontraíochta i measc na ndaoine óga. I gcomhthéacs na staide dúshlánaí eacnamaíche agus airgeadais ar fud an AE agus líon mór na ndaoine óga atá dífhostaithe, déanfar acmhainn na "fiontraíochta sóisialta" chun cur le fás eacnamaíoch a iniúchadh agus a fhorbairt, agus cuirfear luachanna sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil san áireamh ag an am céanna. Tá sé mar aidhm Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh maidir leis na ceisteanna sin i mí na Bealtaine 2014.

331. Seolfaidh an Coimisiún tionscnamh maidir le cárta "An Óige ag Gluaiseacht" ar fud an AE le linn na tréimhse 18 mí atá á breithniú.

332. Anuas air sin, le linn Uachtaránacht na Gréige, glacfar Rún nua ón gComhairle maidir leis an Idirphlé Struchtúrtha le daoine óga. Sa Rún sin, sonrófar na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh le linn an idirphlé reatha 18 mí le daoine óga agus déanfar na tosaíochtaí don 18 mí ina dhiaidh sin a leagan síos i gcomhar leis an gcéad fhoireann trí Uachtaránacht eile (IT, LV, LU).

**SPÓRT**

333. San obair a dhéanfar le linn na tréimhse 18 mí, díreofar ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí a leagtar amach i bPlean Oibre an AE don Spórt 2011-2014 agus ar thógáil ar an obair atá á déanamh ag na sé cinn de Ghrúpaí Saineolaithe a bunaíodh leis an bPlean Oibre. I measc na dtosaíochtaí sin, beidh ceist an mhaoinithe inbhuanaithe agus rannchuidiú an spóirt leis an ngeilleagar i gcoitinne mar théama a leagfar béim ar leith air le linn an 18 mí.
334. Tabharfar tosaíocht freisin don chomhar sa Chomhairle um Oideachas, Cultúr agus an Óige chun clár nua an AE don oideachas, don oiliúint, don óige agus don spórt don tréimhse 2014-2020 a thabhairt chun críche. Seo an chéad uair a bheidh sruth maoiniúcháin ar leith laistigh de chlár de chuid an AE.

335. Maidir le ceisteanna frithdhópála, déanfaidh na hUachtaránachtaí rannchuidiú an AE leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar an gCód Frithdhópála Domhanda a ullmhú agus a chomhordú. Beidh tríú céim an chomhairliúcháin, arb é an céim dheireanach é, a mhairfidh ó 1 Nollaig 2012 go dtí an 1 Márta 2013, fiorthábhachtach chun an bealach a réiteach don phlé deireanach a bheidh ann ar an dréacht-Chód a chuirfear ar bun in WADA i mí na Bealtaine 2013. Tíolacfar dréacht deiridh lena fhormheas ag Bord Fondúireachta WADA ag an gComhdháil Dhomhanda maidir leis an Dópáil sa Spórt a chomórfar in Johannesburg i mí na Samhna 2013.

336. Le linn an chéad sé mhí den tréimhse 18 mí, tabharfar faoi thrí phríomhthosaíocht eile i bPlean Oibre an AE, eadhon Déghairmeacha, Dea-rialachas agus Maoiniú Inbhuanaithe an Spóirt. Beidh sé mar aidhm Conclúidí ón gComhairle a ghlacadh i mí na Bealtaine 2013 maidir le Déghairmeacha - cumas lúthchleasaí a ghairm spóirt nó a gairm spóirt agus oideachas agus obair a shaothrú ag an am céanna - agus maidir le prionsabail an Dea-rialachais. Maidir le Maoiniú Inbhuanaithe don Spórt, tá suim ar leith ag Uachtaránacht na hÉireann iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach chlubanna spóirt an phobail sna cúinsí eacnamaíocha atá ann faoi láthair.

337. Le linn na sé mhí i lár na tréimhse 18 mí, díreofar ar an méid a chuirtear, tríd an spórt, leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht. Sa chomhthéacs sin, díreoidh Uachtaránacht na Liotuáine ar shásraí dlúthpháirtíochta sa spórt. Beidh Gníomhaíocht Fholláin Choirp (HEPA) mar thosaíocht eile ag Uachtaránacht na Liotuáine. Mar fhreagairt do na Conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2012, ceaptar go molfaidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Chomhairle Moladh maidir le HEPA go luath in 2013. Ba cheart teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad sin i mí na Samhna 2013. An chéad ghníomh de "reachtaíocht bhog" a ghlac an Chomhairle tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm is ea a bheadh sa Mholadh sin.

338. Príomhchúram a bheidh le déanamh le linn na sé mhí deiridh den tréimhse 18 mí is ea dara ceann de Phlean Oibre an AE don Spórt a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích lena gcumhdófar na blianta 2014-2017. Faoi dheireadh 2013, ceaptar go dtíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil meastóireachta den chéad Phlean Oibre i réimse an spóirt. Mar fhreagairt don tuarascáil sin, ba cheart teacht ar chomhaontú maidir le Plean Oibre nua an AE i mí na Bealtaine 2014. Leis an bplean oibre sin, bunófar na príomhthosaíochtaí AE i réimse an spóirt don chéad trí bliana ina dhiaidh sin.